

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/996 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Meitheamh 2022

i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 30(8) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2018/2001 leathnaítear an ról atá ag scéimeanna deonacha chun a chur san áireamh deimhniú comhlíontachta breoslaí bithmhaise leis na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus inbhuanaitheachta (GCT) agus comhlíontacht breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte leis na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT lena mbaineann. Ina theannta sin, is féidir na scéimeanna deonacha a úsáid chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a dheimhniú.
- (2) Chun a shuíomh an bhfuil bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite iompair gásacha agus leachtacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte ag comhlíonadh cheanglais Threoir (AE) 2018/2001, tá feidhmiú ceart agus comhchuibhithe scéimeanna deonacha fíor-riachtanach. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha comhchuibhithe a bhunú, a mbeadh feidhm acu ar fud an chórais deimhniúcháin, lena gcuirfí an deimhneacht dhlíthiúil is gá ar fáil i dáil leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoirí eacnamaíocha agus scéimeanna deonacha.
- (3) D'fhonn an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, ba cheart na rialacha cur chun feidhme a bheith comhréireach agus teoranta don mhéid is gá chun a áirithiú go ndéanfar comhlíontacht leis na critéir inbhuanaitheachta agus leis na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leis na ceanglais eile a fhíorú ar bhealach atá leordhóthanach agus comhchuibhithe lena n-íoslaghdaítear an riosca calaoise a mhéid is mó is féidir. Níor cheart, dá bhrí sin, na rialacha cur chun feidhme a mheas mar chaighdeán cuimsitheach. Ina ionad sin, is ceart iad a mheas mar íoscheanglais. Dá réir sin, d'fhéadfadh na scéimeanna deonacha na rialacha sin a chomhlánú de réir mar is iomchuí.
- (4) Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha cinneadh a dhéanamh aon tráth páirt a ghlacadh i scéim dheonach eile. Mar sin féin, chun cosc a chur ar oibreoir eacnamaíoch ar theip air in iniúchadh faoi scéim amháin iarratas a dhéanamh láithreach ar dheimhniú faoi scéim eile, ba cheart do gach scéim a fhaigheann iarratas ó oibreoir eacnamaíoch ceangal a chur ar an oibreoir sin faisnéis a sholáthar faoi cé acu ar theip air in iniúchadh sna 5 bliana roimhe sin. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir le cásanna ina bhfuil pearsantacht dhlítheanach nua ag an oibreoir eacnamaíoch ach a fhanann mar an gcéanna ó thaobh substainte de, sa chaoi nach ndíolmhófar an t-oibreoir eacnamaíoch nua ó rial den sórt sin, mar shampla, de bharr athruithe nach bhfuil ach beag nó foirmiúil sa struchtúr rialachais nó i raon feidhme na ngníomhaíochtaí.

⁽¹⁾ IO L 328, 21.12.2018, lch. 82

- (5) Is é is aidhm don chóras maischothromaíochta an t-ualach riaracháin a laghdú maidir le comhlíontacht leis na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa a léiriú trína cheadú go meascfar amhábhair agus breoslaí a bhfuil saintréithe inbhuanaitheachta éagsúla acu agus trí chead a thabhairt na saintréithe inbhuanaitheachta a athshannadh ar bhealach solúbtha do choinsíneachtaí a tharraingítear as meascán den sórt sin. Chun trédhearcacht a áirithiú, is féidir meascadh a dhéanamh faoin gcóras maischothromaíochta má bhaineann amhábhair leis an ngrúpa táirgí céanna, cuir i gcás. Is féidir, mar shampla, cineálacha éagsúla ábhair cheallalósaigh neamhbhíia a chuimsiú i ngrúpa táirgí ag a bhfuil saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha comhchosúla, luachanna téimh agus/nó fachtóirí coinbhéartachta nó na cineálacha ábhair ligniceallalósaigh a chumhdaítear faoi phointe q d'Iarscríbhinn IX, Cuid A a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. Féadfaidh olaí glasraí íona, a úsáidtear chun bithbhreoslaí agus bithleachtanna a tháirgeadh, a bheith ina gcuid den ghrúpa táirgí céanna. I gcoitinne, áfach, maidir le hamhábhair is féidir a úsáid chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise atá faoi réir rialacha éagsúla maidir lena rannchuidiú leis na spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, níor cheart iad a mheas mar chuid den ghrúpa táirgí céanna ós rud é go mbeadh an baol ann go mbainfí an bonn de chuspóirí Threoir (AE) 2018/2001, lena gcuirtear cóir dhifreáilte bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise i bhfeidhm ar bhonn an bhunábhair as a dtáirgtear iad. I gcás breoslaí gásacha, meastar gur aon chóras maischothromaíochta amháin atá in eangach idirnasctha an Aontais. Maidir le breoslaí gásacha a tháirgtear agus a thomhlaítear gan an eangach a úsáid nó trí ghréasáin dáileacháin áitiúla iargúlta, measfar gur córais mhaischothromaíochta ar leithligh iad na breoslaí gásacha sin. Ina theannta sin, tá gá le bearta réamhchúraim chun comhsheasmhacht éileamh inbhuanaitheachta a áirithiú i gcás ina n-onnmhairítear breoslaí chuig tríú tíortha nach gcuireann an córas maischothromaíochta i bhfeidhm. Chuige sin, ba cheart a áireamh sa chóras maischothromaíochta freisin faisnéis faoi chainníochtaí breoslaí nár cinneadh aon saintréith inbhuanaitheachta ina leith agus cuirfear seachadtaí breoslaí chuig oibreoirí neamhdheimhnithe san áireamh sa chóras maischothromaíochta, bunaithe ar chineál fisiceach na mbreoslaí a sheachadtar.
- (6) Agus an t-iniúchadh tosaigh ar an láthair á ullmhú aige agus le linn na n-iniúchtaí faireachais nó athdheimhniúcháin a dhéanfar ina dhiaidh sin, ba cheart don iniúcháir anailís iomchuí a dhéanamh ar phróifíl riosca fhoriomlán na n-oibreoirí eacnamaíocha. Agus í bunaithe ar eolas gairmiúil an iniúcháir agus ar an bhfaisnéis a chuireann an t-oibreoir eacnamaíoch faoina bhráid, ba cheart a chur san áireamh san anailís sin ní hamháin leibhéal riosca an oibreora eacnamaíoch ar leith ach leibhéal riosca an tslabhra soláthair freisin (e.g. le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a láimhseálann ábhair a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001). Ba cheart déine an iniúchta, a raon feidhme, nó an dá rud, a oiriúnú do leibhéal an riosca iomláin a shainaithnítear chun a áirithiú go mbeidh leibhéal leordhóthanach muiníne ann as fírinneacht na faisnéise a sholáthraíonn na hoibreoirí eacnamaíocha, chun na rioscaí a bhaineann le míráitis ábhartha a mhaolú.
- (7) In iniúchadh grúpa, i gcás ina gcuirfear iniúchtaí deisce in ionad iniúchtaí ar an láthair, ba cheart do scéimeanna deonacha agus do chomhlachtaí deimhniúcháin a áirithiú go mbeidh na hiniúchtaí sin in ann a sholáthar an leibhéal dearbhaithe céanna a sholáthraítear le hiniúchadh ar an láthair (e.g. ba cheart fáil a bheith ar íomhánna satailíte ar ardchaighdeán, ar shonraí faoi limistéir chosanta agus ar thalamh portaigh lena dtugtar faisnéis maidir leis an tréimhse ama ábhartha).
- (8) Aithnítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún ^(*), gur féidir, in imthosca áirithe, an tionchar a bhíonn ag athrú indíreach ar thalamhúsáid i gcás bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a mheastar riosca ard ILUC a bheith ag gabháil leo a sheachaint. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú agus an próiseas deimhniúcháin maidir le riosca íseal ILUC á chur chun feidhme i scéimeanna deonacha, is gá ceanglais shonracha a leagan síos ionas go mbeifear in ann bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC a dheimhniú. Ba cheart bithbhreoslaí, bithleachtanna, nó breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC a dhíolmhú ón teorainn agus ó laghdú de réir a chéile a leagtar síos le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard ILUC agus a tháirgtear ó bharr bia agus beatha, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir ábhartha inbhuanaitheachta agus na critéir ábhartha maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001.
- (9) Is féidir le hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann isteach ar dheimhniú maidir le riosca íseal ILUC deimhniú a fháil cheana do ghnéithe eile de chuid scéim dheonach, nó féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar dheimhniú maidir le riosca íseal ILUC an tráth céanna agus iarratas á dhéanamh ar dheimhniú le haghaidh gnéithe eile a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe ag scéim dheonach. Is féidir feirm, grúpa feirmeoirí nó an chéad phointe bailiúcháin nó bainisteoir grúpa atá ag gníomhú thar ceann grúpa feirmeoirí a bheith ina n-iarratasóir. I gcás ina gcuirtear bearta i bhfeidhm maidir le barra ilbhliantúla, féadfar tús na tréimhse bailíochta 10 bliana de dheimhniú maidir le riosca íseal ILUC a chur siar mar gheall ar an moill idir an beart a chur chun feidhme agus méadú na táirgeachta a bhreathnaítear.

^(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann chomh maith le deimhniú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann ísealriosca maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid (IO L 133, 21.5.2019, lch. 1).

- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise a bunaíodh le hAirteagal 34(2) de Threoir (AE) 2018/2001,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

RÉAMHRÁ

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha cur chun feidhme lena áirithiú go ndéanfar é a fhíorú ar bhealach éifeachtúil comhchuibhithe agus go ndéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha na nithe seo a leanas:

- (a) comhlíonfaidh siad na critéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) de Threoir (AE) 2018/2001;
- (b) soláthróidh siad sonraí cruinne maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críocha Airteagal 25(2) agus Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001;
- (c) na critéir a chomhlíonadh maidir le deimhniú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC, critéir a bhunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘scéim dheonach’ eagraíocht a dheimhníonn go gcomhlíonann oibreoirí eacnamaíocha critéir agus rialacha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807;
- (2) ciallaíonn ‘scéim dheonach aitheanta’ scéim dheonach a aithnítear de bhun Airteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001;
- (3) ciallaíonn ‘scéim náisiúnta aitheanta’ scéim náisiúnta a aithnítear de bhun Airteagal 30(6) de Threoir (AE) 2018/2001;
- (4) ciallaíonn ‘deimhniú’ ráiteas comhréireachta ó chomhlacht deimhniúcháin faoi chuimsiú scéim dheonach, lena ndeimhnítear go gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch ceanglais Threoir (AE) 2018/2001;
- (5) ciallaíonn ‘deimhniú ar fionraí’ deimhniú atá neamhbhailí ar bhonn sealadach mar gheall ar neamhchomhlíonadh arna shainaithint ag an gcomhlacht deimhniúcháin nó arna iarraidh sin go deonach don oibreoir eacnamaíoch;
- (6) ciallaíonn ‘deimhniú aistarraingthe’ deimhniú a chuir an comhlacht deimhniúcháin nó an scéim dheonach ar ceal go buan;
- (7) ciallaíonn ‘deimhniú foirceannta’ deimhniú a cuireadh ar ceal go deonach le linn dó a bheith fós bailí;
- (8) ciallaíonn ‘deimhniú a chuaigh in éag’ deimhniú nach bhfuil bailí a thuilleadh;
- (9) ciallaíonn ‘airíonna inbhuanaitheachta agus airíonna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa’ an tacar faisnéise lena dtugtar tuairisc ar choinsíneacht d’amhábhhar nó de bhreosla a theastaíonn chun a léiriú go bhfuil an choinsíneacht sin i gcomhréir leis na critéir inbhuanaitheachta agus leis na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise nó leis na ceanglais maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa is infheidhme le haghaidh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte;

- (10) ciallaíonn ‘meascadh amhábhair chun tuilleadh próiseála a dhéanamh’ meascadh fisiceach amhábhair chun bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise a tháirgeadh agus chuige sin amháin;
- (11) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ táirgeoir amhábhair, bailitheoir dramhaíola agus iarmhar, oibreoir suiteálacha a phróiseálann breoslaí deiridh nó táirgí idirmheánacha as amhábhair, oibreoir suiteálacha a tháirgeann fuinneamh (leictreachas, téamh nó fuarú) nó oibreoir ar bith eile, lena n-áirítear saoráidí stórála nó trádálaithe a bhfuil seilbh fhisiceach acu ar amhábhair nó ar bhreoslaí, ar choinníoll go bpróiseálann siad faisnéis faoi airíonna inbhuanaitheachta agus airíonna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-amhábhair nó na mbreoslaí sin;
- (12) ciallaíonn ‘an chéad phointe bailiúcháin’ saoráid stórála nó phróiseála arna bainistiú go díreach ag oibreoir eacnamaíoch nó ag contrapháirtí eile faoi chomhaontú conarthach ar saoráid í a fhoinsíonn amhábhair go díreach ó tháirgeoirí bithmhaise talmhaíochta, bithmhaise foraoise, dramhaíola agus iarmhar nó, i gcás breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, ón ngléasra a tháirgeann breoslaí den sórt sin;
- (13) ciallaíonn ‘iniúchadh deimhniúcháin’ iniúchadh tosaigh roimh rannpháirtíú i scéim, arb é is aidhm dó deimhniú a eisiúint faoi scéim dheonach;
- (14) ciallaíonn ‘comhlacht deimhniúcháin’ comhlacht neamhspleách creidiúnaithe nó aitheanta um measúnú comhréireachta a thugann comhaontú le scéim dheonach chun críche chun seirbhísí deimhniúcháin a sholáthar le haghaidh amhábhair nó breoslaí trí iniúchtaí a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha agus trí dheimhnithe a eisiúint thar ceann na scéimeanna deonacha trí úsáid a bhaint as córas deimhniúcháin na scéime deonai;
- (15) ciallaíonn ‘neamhchomhlíonadh’ neamhchomhlíontacht oibreora eacnamaíoch nó comhlachta deimhniúcháin leis na rialacha agus na nósanna imeachta, arna mbunú leis an scéim dheonach, a bhfuil siad ina gcomhaltaí di nó faoina n-oibríonn siad;
- (16) ciallaíonn ‘iniúchadh faireachais’ aon iniúchadh leantach ar dheimhnithe arna n-eisiúint ag comhlacht deimhniúcháin faoi chuimsiú scéim dheonach tar éis deimhniúcháin agus roimh iniúchadh athdheimhniúcháin, a d’fhéadfaí a dhéanamh go ráithiúil, go leathbhliantúil nó go bliantúil;
- (17) ciallaíonn ‘iniúchadh athdheimhniúcháin’ iniúchadh arb é is aidhm dó deimhniú a athnuachan arna eisiúint ag comhlacht deimhniúcháin faoi chuimsiú scéim dheonach;
- (18) ciallaíonn ‘bonneagar idirnasctha’ córas bonneagar, lena n-áirítear píblínte, críochfoirt GNL agus saoráidí stórála, lena n-íompraítear gáis, arb é atá iontu go príomha meatán agus lena n-áirítear bithghás agus gás ó bhithmhais, go háirithe bithmheatán, nó cineálacha eile gáis is féidir a instealladh go teicniúil agus go sábháilte isteach i gcóras na píblíne gáis nádúrtha, i gcórais hidrigine chomh maith le gréasáin píblínte agus i mbonneagair tarchurtha nó dáileacháin le haghaidh breoslaí leachtacha agus ar féidir a iompar go teicniúil agus go sábháilte tríothu;
- (19) ciallaíonn ‘córas hidrigine’ córas bonneagair, lena n-áirítear gréasáin hidrigine, stóráil hidrigine agus críochfoirt hidrigine, ina bhfuil hidrigin d’ardghrád íonachta;
- (20) ciallaíonn ‘réamhtheachtaithe dlíthiúla’ oibreoir eacnamaíoch ar cuireadh ceann nua ina ionad go dlíthiúil, ach nach ndearnadh aon athrú substainteach nó nach ndearnadh ach athruithe dromchlaigh maidir lena úinéireacht, lena chomhdhéanamh bainistíochta, lena mhodhanna oibre nó lena raon feidhme gníomhaíochta.
- (21) ciallaíonn ‘grúpa táirgí’ amhábhair, bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise neamhghásacha a bhfuil saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha comhchosúla acu agus luachanna comhchosúla téimh nó breoslaí bithmhaise gásacha, agus GNL a bhfuil saintréithe ceimiceacha comhchosúla acu agus iad ar fad faoi réir na rialacha céanna a leagtar amach in Airteagail 7, 26 agus 27 de Threoir (AE) 2018/2001 chun rannchuidiú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a chinneadh maidir leis na spriocanna le haghaidh fuinneamh inathnuaite a bhaint amach;
- (22) ciallaíonn ‘suíomh’ suíomh geografach, saoráidí lóistíochta, bonneagair tharchurtha nó dháileacháin lena mbaineann teorainneacha beachta ar féidir táirgí a mheascadh laistigh díobh;
- (23) ciallaíonn ‘cruthúnas ar inbhuanaitheacht’ dearbhú ó oibreoir eacnamaíoch, arna dhéanamh ar bhonn deimhniú arna eisiúint ag comhlacht deimhniúcháin faoi chuimsiú scéim dheonach lena ndeimhnítear comhlíontacht cainníocht shonrach bunábhair nó breoslaí leis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 25(2) agus in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001;

- (24) ciallaíonn ‘amhábhhar’ substaintí nár próiseáladh ina mbreoslaí go fóill, lena n-áirítear táirgí idirmheánacha;
- (25) ciallaíonn ‘breoslaí’ breoslaí atá réidh le soláthar lena dtomhailt, lena n-áirítear bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte.
- (26) ciallaíonn ‘tástáil tarraingteachta airgeadais’ ríomh an Ghlanluacha Reatha atá ag infheistiúocht, bunaithe ar bhearta breisíochta i gcomhthéacs deimhniú bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC;
- (27) ciallaíonn ‘tástáil bacainní neamhairgeadais’ measúnú ar na bacainní eile a d’fhéadfadh a bheith ann agus a mheastar go gcuirfidís cosc ar oibreoir eacnamaíoch bearta breisíochta a chur chun feidhme i gcomhthéacs deimhniú bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC;
- (28) ciallaíonn ‘bunachar sonraí an Aontais’ an bunachar sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 28, pointe 2, de Threoir (AE) 2018/2001;
- (29) tá an chiall le ‘féarthalamh’ a shanntar dó in Airteagal 1, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2014 ón gCoimisiún ⁽³⁾.

CAIBIDIL II

RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE RIALÚ, NÓSANNA IMEACHTA UM GHEARÁIN AGUS TRÉDHEARCACHT NA SCÉIMEANNA DEONACHA AGUS MAIDIR LE FAIREACHÁN INMHEÁNACH A DHÉANAMH ORTHU

Airteagal 3

Struchtúr rialachais na scéime deonaí

1. Bunófar le scéimeanna deonacha struchtúr rialachais chun a áirithiú go mbeidh an inniúlacht dhlíthiúil agus theicniúil, an neamhchlaontacht dhlíthiúil agus theicniúil agus an neamhspleáchas dlíthiúil agus teicniúil is gá ag an scéim chun a cuid dualgas a chomhlíonadh. Bunófar coiste teicniúil nó córas coibhéiseach tacaíochta ó shaineolaithe teicniúla, ag brath ar raon feidhme na scéime deonaí, ar coiste nó córas é lena ligfear do shaineolaithe seachtracha neamhspleácha comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna teicniúla i gcásanna sonracha.
2. Áireofar a mhéid is féidir i struchtúr rialachais agus i gcinnteoireacht scéimeanna deonacha raon leathan ionadaithe ó ghrúpaí páirtithe leasmhara ábhartha éagsúla amhail comhlachais feirmeoirí nó foraoiseoirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, pobail dhúchasacha agus áitiúla a bhféadfadh an scéim difear a dhéanamh dóibh, lucht acadúil, agus táirgeoirí breosla. Ní bheidh ceannasacht ag aon pháirtí leasmhar aonair ná aon ghrúpa páirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta. Ní ghlacfar cinntí ach amháin nuair a thagtar ar chóram ina bhfuil tromlach na bpáirtithe leasmhara.
3. Cuirfidh scéimeanna deonacha rialacha agus nósanna imeachta ar bun chun coimbhleachtaí leasa sa chinnteoireacht a sheachaint. Mar chaighdeán íosta, déanfaidh siad córas seiceálacha agus ceartúchán a fhorfheidhmiú chun a áirithiú nach bhféadfaidh aon pháirtí leasmhar aonair, a bhfuil leas dílsithe aige i dtoradh cinnidh, tionchar cinntitheach a imirt ar an gcinneadh áirithe sin.
4. Bunóidh comhlachtaí deimhniúcháin rialacha agus nósanna imeachta sláine chun a neamhspleáchas iomlán ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa scéim a áirithiú. Ceanglófar le scéimeanna deonacha go mbeidh na comhlachtaí deimhniúcháin a fheidhmíonn thar ceann na scéime creidiúnaithe do chaighdeán 17065 de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO).
5. Beidh sé mar aidhm ag córas rialachais an chomhlachta deimhniúcháin neamhspleáchas bhreithiúnas na n-iniúcháir a áirithiú ar an leibhéal is airde is féidir trí phrionsabail maidir le huainíocht na n-iniúcháirí nó dea-chleachtais eile atá sa réimse cheana a chur i bhfeidhm.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1307/2014 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2014 maidir leis na critéir agus na raonta geografacha a shainiú le haghaidh féarthalamh an-bhitheagsúil chun críocha Airteagal 7b(3)(c) de Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail agus Airteagal 17(3)(c) de Threoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 351, 9.12.2014, lch. 3).

6. Déanfar daoine a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith acu a eisiamh ón gcinnteoireacht sa scéim dheonach agus sa chomhlacht deimhniúcháin araon. Leis na scéimeanna deonacha cuirfear nósanna imeachta iomchuí agus rian iniúcháireachta i bhfeidhm chun cásanna den sórt sin a shainaithint agus a dhoiciméadú, agus déanfar athbhreithniú orthu go rialta mar chuid dá gcórais faireacháin inmheánaigh.

Airteagal 4

Neamhchomhlíonadh oibreoirí eacnamaíocha faoin scéim

1. Bunófar le scéimeanna deonacha córas cuimsitheach chun déileáil le neamhchomhlíonadh oibreoirí eacnamaíocha. Mar chaighdeán íosta, beidh aicmiú soiléir neamhchomhlíonta sa chóras sin, bunaithe ar a dhéine atá an neamhchomhlíonadh i gcomhréir le ceanglais Airteagal 10. Maidir le gach cineál neamhchomhlíonta, beidh sraith thrédhearcach rialacha agus nósanna imeachta ann lena áirithiú go ndéanfar bearta ceartaitheacha agus smachtbhannaí a fhorfheidhmiú go tráthúil, lena n-áirítear fionraíocht, i gcás inarb iomchuí. Cuirfear na nósanna imeachta forfheidhmithe sin i ngníomh gan mhoill, ag brath ar a thromchúisí atá an neamhchomhlíonadh agus ar phráinn na mbearta ceartaitheach.

2. Oibreoirí eacnamaíocha a gcuirtear a ndeimhnithe ar fionraí, ní bheidh siad in ann éilimh inbhuanaitheachta a dhéanamh go dtí go gcuirfear deireadh leis an bhfionraíocht. Ní fhéadfaidh oibreoirí a cuireadh ar fionraí a bheith comhpháirteach i scéim dheonach eile le linn na tréimhe sin. I gcás ina ndéanfar rannpháirtíocht oibreora eacnamaíoch, nó a réamhtheachtaithe dlíthiúla, i scéim dheonach a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh trína dheimhniú a tharraingt siar tar éis iniúchadh a dheimhnigh neamhchomhlíonadh criticiúil, féadfaidh scéimeanna deonacha eile rannpháirtíocht an oibreora sin a dhiúltú go ceann 2 bhliain ar a laghad tar éis an rannpháirtíocht a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

3. Oibreoir eacnamaíoch a bhfuarthas amach roimhe sin mar gheall ar neamhchomhlíonadh criticiúil nó mór-neamhchomhlíonadh ina leith, i gcás ina ndéanann sé iarratas ar athdheimhniú cuirfidh an t-iniúcháir an méid sin ar a súile do na scéimeanna deonacha uile ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch rannpháirteach faoi láthair nó ar iarr sé athdheimhniú orthu.

Airteagal 5

Faireachán inmheánach, nós imeachta um ghearáin agus córas bainistíochta doiciméadachta

1. Bunófar le scéimeanna deonacha córas faireacháin inmheánaigh chun comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha a fhíorú leis na rialacha agus na nósanna imeachta a chuireann an scéim i bhfeidhm agus chun cáilíocht na hoibre a dhéanann iniúcháirí na gcomhlachtaí deimhniúcháin a áirithiú. Déanfar faireachán inmheánach uair sa bhliain ar a laghad agus léireofar ann cumhdach geografach agus cumhdach amhábhair na scéime deonáí, chomh maith le leibhéal riosca na ngníomhaíochtaí a dhéanann na hoibreoirí eacnamaíocha. Mar chuid den phróiseas faireacháin, ceanglóidh scéimeanna deonacha ar chomhlachtaí deimhniúcháin gach tuarascáil iniúcháir a chur isteach, agus, i gcás inarb infheidhme, ríomhanna ar luachanna iarbhrí le haghaidh na n-astaióchtaí gás ceaptha teasa. Cumhdófar leis na gníomhaíochtaí faireacháin sampla randamach rioscabhunaithe de na tuarascálacha iniúcháir sin ó gach comhlacht deimhniúcháin.

2. Bunófar le scéimeanna deonacha rialacha agus nósanna imeachta chun obair leantach éifeachtach ar thorthaí an fhaireacháin inmheánaigh a áirithiú agus, i gcás inar gá, chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. Ar bhonn thorthaí an fhaireacháin inmheánaigh, déanfar bearta ceartaitheacha ar leibhéal an struchtúir rialachais nó leibhéal an phróisis faireacháin inmheánaigh sa scéim dheonach d'fhonn a feidhmiú a fheabhsú amach anseo. Déanfar achoimre ar thorthaí ghníomhaíochtaí faireacháin bliantúla na scéime deonáí sa tuarascáil bhliantúil ghníomhaíochta a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin.

3. Bunófar le scéimeanna deonacha nósanna imeachta chun gearáin a thaisceadh in aghaidh oibreoirí eacnamaíocha nó comhlachtaí deimhniúcháin. Beidh rochtain ar an nós imeachta um ghearáin ar shuíomh gréasáin na scéime deonáí agus ceadófar gearáin a sheoladh go leictreonach nó tríd an bpost. Leis an nós imeachta um ghearáin, áiríteofar freisin cosaint na ndaoine a thuairiscíonn sáruithe nó a thaisceann gearánaigh de mheon macánta i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*). Léireofar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar an suíomh gréasáin:

(*) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

- (a) an fhaisnéis agus an fhianaise atá le soláthar chun gearán a dhéanamh, chomh maith leis an seoladh poist nó an seoladh ríomhphoist a bhfuil sé le cur chuige;
- (b) treoraíocht maidir le cé na gearáin a thagann faoi raon feidhme an nós imeachta;
- (c) forbhreathnú céim ar chéim ar an gcaoi a láimhseáiltear gearáin, ón gcéad ghearán a fháil go dtí an réiteach, agus an tréimhse ama a ghabhann le gach céim;
- (d) an próiseas cinnteoireachta le haghaidh gearán agus an próiseas chun achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí;
- (e) iarmhairtí na scéime deonaí ina bhfaightear neamhchomhlíonadh de dheasca gearáin.

4. Coimeádfaidh scéimeanna deonacha clár de na gearáin go léir, agus soláthróidh siad achoimre ar na gearáin sin don Choimisiún sa tuarascáil bhliantúil ghníomhaíochta. Arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát, soláthróidh siad na doiciméid uile a bhaineann le gearán agus le láimhseáil an ghearáin.

5. Bunóidh scéimeanna deonacha agus comhlachtaí deimhniúcháin córas bainistíochta doiciméadachta lena dtabharfar aghaidh ar gach ceann de na gnéithe seo a leanas:

- (a) doiciméadacht ghinearálta maidir leis an gcóras bainistíochta (e.g. lámhleabhair, beartais, sainiú freagrachtaí);
- (b) rialú doiciméad agus taifead;
- (c) athbhreithniú bainistíochta ar an gcóras bainistíochta;
- (d) iniúcháireacht inmheánach/monatóireacht inmheánach;
- (e) nósanna imeachta um neamhchomhlíonadh a shainaithint agus a bhainistiú; agus
- (f) nósanna imeachta um bearta coisctheacha a dhéanamh chun deireadh a chur leis na cúiseanna le neamhchomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith ann.

Coinneofar an doiciméadacht go ceann 5 bliana ar a laghad, nó níos faide má éilíonn an t-údarás náisiúnta ábhartha sin.

Airteagal 6

Foilsíú faisnéise ag scéimeanna deonacha

Cuirfidh scéimeanna deonacha an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go poiblí agus gan bhac ar shuíomh gréasáin:

- (a) a struchtúr rialachais, ina dtugtar tuairisc ar ról na gcomhlachtaí ábhartha uile, mionsonraí maidir le struchtúr úinéireachta, comhdhéanamh agus taithí an Bhoird Stiúrthóirí, na Rúnaíochta agus an Choiste Theicniúil, nó a choibhéis, mar aon le liosta na gcomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu nó na rannpháirtithe sa scéim, de réir mar is iomchuí;
- (b) liosta de na hoibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa scéim, a stádas deimhniúcháin, leis an dáta sonrach a eisíodh, a cuireadh ar fionraí, a tarraingíodh siar nó a foirceannadh a ndeimhniú nó a chuaigh sé in éag, chomh maith leis na deimhnithe nó na tuarascálacha iniúchta achomair arna dtarraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn II. I gcás ina sainithneofar le hiniúchtaí samplaí de neamhchomhlíonadh criticiúil nó mór-neamhchomhlíonadh, foilseoidh scéimeanna deonacha liosta comhiomlánaithe de na samplaí sin de neamhchomhlíonadh in éineacht le plean gníomhaíochta sonrach agus uainiú lena gceartú mar a comhaontaíodh leis na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. Féadfar faisnéis shonrach maidir leis na deimhnithe nó na tuarascálacha iniúchta achomair a chur in eagar chun an reachtaíocht maidir le cosaint sonraí pearsanta a fholú. Oibreoirí eacnamaíocha a ndéanfar a ndeimhnithe a tharraingt siar nó a fhoirceannadh nó a dtéann a ndeimhnithe in éag, déanfar iad a liostú ar an suíomh gréasáin go ceann 24 mhí ar a laghad tar éis an dáta a tharraingeofar siar nó a fhoirceannfar iad nó a rachaidh siad in éag. Cuirfear athruithe ar stádas deimhniúcháin na n-oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don phobal gan mhoill;
- (c) an leagan is déanaí dá ndoiciméadacht scéime agus na treoirlínte le haghaidh iniúchtaí. Áireofar sna doiciméid dáta agus uimhir leagain agus, i gcás inarb infheidhme, tabharfar achoimre ar aon athrú a rinneadh i gcomparáid leis an leagan den doiciméad a bhí ann roimhe sin;
- (d) sonraí teagmhála na scéime, lena n-áirítear uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus seoladh comhfhreagrais;

- (e) liosta de na comhlachtaí deimhniúcháin a dhéanann iniúcháireacht neamhspleách faoin scéim, agus léireofar ann i gcás gach comhlachta deimhniúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 30(9), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2018/2001, cé an t-údarás poiblí náisiúnta nó an t-eintiteas a chreidiúnaigh nó a d'aithin é agus cé an t-eintiteas nó an t-údarás poiblí náisiúnta de chuid an Bhallstáit a dhéanann maoirsiú air. Maidir le comhlachtaí deimhniúcháin nach bhfuil i dteideal iniúchadh neamhspleách a dhéanamh faoin scéim a thuilleadh, liostófar iad go ceann 12 mhí ar a laghad tar éis an iniúchta dheireanaigh le táscaire chuige sin;
- (f) torthaí ghníomhaíochtaí faireacháin bliantúla na scéime deonaí mar a shonraítear iad sa tuarascáil bhliantúil ghníomhaíochta.

Airteagal 7

Athrú scéime ag oibreoirí eacnamaíocha

1. Ceanglóidh scéimeanna deonacha ar oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh ina n-iarratais ar dheimhniú:
 - (a) cé acu an bhfuil siad féin nó a réamhtheachtaí dlíthiúil rannpháirteach i scéim dheonach eile faoi láthair nó nach bhfuil nó an raibh siad rannpháirteach i scéim dheonach eile le 5 bliana anuas nó nach raibh;
 - (b) an fhaisnéis ábhartha uile, lena n-áirítear na sonraí maidir le maischothromaíocht agus na tuarascálacha iniúcháir agus, i gcás inarb infheidhme, aon chinneadh chun a ndeimhniú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar le 5 bliana anuas;
 - (c) cibé acu ar tharraing siad siar ó scéim roimh an gcéad iniúchadh faireachais nó nár tharraing.
2. Eisífaidh scéimeanna deonacha oibreoirí eacnamaíocha ón scéim sna cásanna seo a leanas:
 - (a) ní nochtann siad an fhaisnéis i mír 1, pointí (a) agus (b);
 - (b) theip orthu nó ar a réamhtheachtaí dlíthiúil san iniúchadh tosaigh faoi scéim eile, mura rud é go ndearnadh an t-iniúchadh tosaigh sin breis agus 3 bliana roimh an iarratas nó más rud é, idir an dá linn, gur scoir an scéim eile dá gníomhaíochtaí deimhniúcháin, rud a chuir cosc ar an oibreoir eacnamaíoch athiarratas a dhéanamh. I gcás ina nglacann scéim dheonach le bonn cirt na n-oibreoirí eacnamaíocha agus ina gcinneann sí a n-iarratas a mheasúnú, déanfar raon feidhme an iniúchta tosaigh a choigeartú chun na saincheisteanna ábhartha uile a chumhdach agus chun díriú go sonrach ar na heasnamh a sainathnóidh san iniúchadh tosaigh inar theip orthu sa scéim eile;
 - (c) tharraing siad féin nó a réamhtheachtaí dlíthiúil siar ó scéim eile sular tharla an chéad iniúchadh faireachais, ach amháin más féidir leis an oibreoir a chruthú go raibh cúis bhailí aige lena dhéanamh. I gcás ina nglacfaidh scéim dheonach leis an mbonn cirt a thug an t-oibreoir eacnamaíoch, déanfar raon feidhme an iniúchta tosaigh a choigeartú chun saincheisteanna ábhartha uile an iniúchta faireachais a chumhdach.

Airteagal 8

Aitheantas i gcomhair scéimeanna deonacha eile

I gcás ina mbraitheann cuid den slabhra soláthair ar scéimeanna deonacha eile, ní ghlacfaidh siad le fianaise ó scéimeanna deonacha a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001 ach amháin a mhéid a bhaineann le raon feidhme a n-aitheanta.

Airteagal 9

Aitheantas i gcomhair scéimeanna náisiúnta

Ní dhiúltóidh scéimeanna deonacha aitheantas a thabhairt do scéimeanna náisiúnta aitheanta a mhéid a bhaineann le fíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar GCT a leagtar amach in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001, leis na tairseacha coigiltis GCT a leagtar amach in Airteagal 25(2) den Treoir sin agus leis na critéir chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC a leagtar amach i Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/807 a dheimhniú.

CAIBIDIL III

AN PRÓISEAS INIÚCHTA, RAON FEIDHME AN INIÚCHTA, CÁILÍOCHTAÍ NA N-INIÚCHÓIRÍ AGUS MAOIRSEACHT AR INIÚCHADH

Airteagal 10

An próiseas iniúchta agus leibhéil dearbhaithe

1. Ceanglófar le scéimeanna deonacha go n-éireoidh le hoibreoirí eacnamaíocha in iniúchadh tosaigh sula dtabharfaidh siad cead dóibh a bheith rannpháirteach sa scéim. Maidir leis an iniúchadh tosaigh ar rannpháirtí nua i scéim nó le hathdheimhniú an rannpháirtí sa scéim atá ann cheana faoi chreat rialála athbhreithnithe, déanfar ar an láthair iad i gcónaí agus tabharfar dearbhú réasúnach leo ar a laghad maidir le héifeachtacht a bpróiseas inmheánach. Ag brath ar phróifíl riosca an oibreora eacnamaíoch, is féidir leibhéil dearbhaithe teoranta a chur i bhfeidhm maidir le fírinneacht a ráiteas. Ar bhonn thorthaí an iniúchta tosaigh, féadfaidh na hoibreoirí eacnamaíocha sin a mheastar go mbaineann riosca íseal leo a bheith faoi réir dearbhaithe iniúcháireachta teoranta ina dhiaidh sin.

2. Féadfar le scéimeanna deonacha comhlacht deimhniúcháin a údarú chun comhlíontacht le creataí éagsúla deimhniúcháin a fhíorú le linn an phróisis iniúcháireachta chéanna, fad a dheimhníonn an comhlacht deimhniúcháin go gcomhlíonann na hoibreoirí eacnamaíocha na ceanglais i gcomhréir le hAirteagal 1. Áiritheoidh scéimeanna deonacha a cheadaíonn fad deimhnithe níos faide ná bliain amháin go ndéanfar iniúchadh faireachais bliantúil ar na hoibreoirí eacnamaíocha uile atá rannpháirteach sa scéim. I gcás iniúchtaí grúpa, áfach, féadfaidh an t-iniúchadh bliantúil sampla de chomhaltaí an ghrúpa a chumhdach i gcomhréir le hAirteagal 12. Déanfar minicíocht na n-iniúchtaí faireachais a mhéadú ar bhonn leibhéil an riosca fhoriomláin a bhaineann le próifíl an oibreora eacnamaíoch, leis an slabhra soláthair agus le torthaí iniúchtaí roimhe sin. Beidh an t-athbhreithneoir teicniúil freagrach as torthaí na n-iniúchtaí faireachais a bhailíochtú.

Bunófar le scéimeanna deonacha nósanna imeachta mionsonraithe ina leagfar amach an chaoi a ndéantar iniúchtaí a phleanáil agus a chomhlíonadh agus an chaoi a ndéantar tuarascálacha iniúcháin a tharraingt suas. Áiritheoidh scéimeanna deonacha go ndéanfaidh comhlachtaí deimhniúcháin iniúchtaí i gcomhréir le ISO 19011 nó a chomhionann. Áiritheoidh scéimeanna deonacha freisin go ndéanfar faisnéis iniúcháireachta a mhalartú go héifeachtúil agus go tráthúil eatarthu chun tacú le hullmhú éifeachtach agus le hiompar éifeachtach an iniúchta. Cuimseofar na gnéithe seo a leanas ar a laghad san iniúchadh:

- (a) sainaitheint na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an oibreoir eacnamaíoch ar gníomhaíochtaí iad atá ábhartha do chritéir na scéime;
- (b) sainaitheint chórais ábhartha an oibreora eacnamaíoch agus a eagrúchán foriomlán i ndáil le critéir na scéime agus seiceálacha ar chur chun feidhme éifeachtach na gcóras rialaithe ábhartha;
- (c) anailís ar na rioscaí a bhféadfadh míráiteas ábhartha a bheith mar thoradh orthu, bunaithe ar eolas gairmiúil an iniúcháin agus ar an bhfaisnéis a chuireann an t-oibreoir eacnamaíoch isteach. Cuirfear san áireamh san anailís sin próifíl riosca fhoriomlán na gníomhaíochtaí, ag brath ar leibhéil riosca an oibreora eacnamaíoch agus an tslabhra soláthair, thar aon rud eile ag na céimeanna réamhtheachtacha agus iarthachtacha láithreach, mar shampla d'oibreoirí eacnamaíocha a láimhseálann ábhar a liostaítear in Iarscríbhinn IX. Cuirfear déine nó raon feidhme an iniúchta, nó an dá rud, in oiriúint do leibhéil an riosca fhoriomláin arna shainaithint, bunaithe freisin ar sheiceálacha inchreidteachta ar chumas táirgthe gléasra agus ar na cainníochtaí dearbhaithe breoslaí táirgthe;
- (d) plean fíorúcháin a chomhfheagraíonn don anailís riosca agus do raon feidhme agus do chastacht ghníomhaíochtaí an oibreora eacnamaíoch, agus lena sainítear na modhanna samplála a bheidh le húsáid i ndáil le gníomhaíochtaí an oibreora sin;
- (e) an plean fíorúcháin a chur chun feidhme trí fhianaise a bhailiú i gcomhréir leis na modhanna samplála arna sainiú, chomh maith leis an bhfianaise ábhartha bhreise uile ar a mbunófar conclúid an fhíoraitheora;
- (f) iarraidh a dhéantar ar an oibreoir maidir le haon eilimint de rianta iniúcháireachta atá ar iarraidh a sholáthar, míniú ar athruithe, nó athbhreithniú ar éilimh nó ar ríomhanna, sula dtiocfar ar chonclúid fíorúcháin chríochnaitheach;
- (g) fíorú ar chruinneas na sonraí arna dtairgeadh ag na hoibreoirí eacnamaíocha nó ag a n-ionadaithe i mbunachar sonraí an Aontais;

3. Déanfar neamhchomhlíonadh a shainaithneofar le linn iniúchta a aicmiú mar nithe criticiúla, móra agus beaga i gcomhréir leis an dara fomhír, an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír.

Measfar gur neamhchomhlíonadh criticiúil é sárú d'aon ghnó ar chaighdeán na scéime deonaí amhail calaois, neamhchomhlíonadh do-aisiompaithe, nó sárú a chuireann ionracas na scéime deonaí i mbaol. Áireofar na nithe seo a leanas mar neamhchomhlíonadh criticiúil, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- (a) neamhchomhlíontacht le ceanglas sainordaitheach de chuid Threoir (AE) 2018/2001, amhail tiontú talún a sháraíonn Airteagal 29(3), (4) agus (5) den Treoir sin;
- (b) cruthúnas i dtaobh na hinbhuanaitheachta nó féindearbhuíthe a eisiúint go calaoiseach, mar shampla dúbailt d'aon ghnó cruthúnas ar inbhuanaitheacht chun sochar airgeadais a lorg;
- (c) míráiteas d'aon ghnó ar thuairisc ar amhábharr, luachanna GCT nó sonraí ionchuir a fhalsú chomh maith le dramhaíl nó iarmhair a tháirgeadh d'aon ghnó, mar shampla, próiseas táirgthe a mhodhnú d'aon ghnó chun ábhar iarmhair breise a tháirgeadh, nó éilliú ábhair d'aon ghnó d'fhonn é a aicmiú mar dhramhaíl;

Maidir le mainneachtain ceanglas sainordaitheach de Threoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonadh, i gcás ina bhféadfadh an neamhchomhlíonadh a bheith in-aisiompaithe, ina bhféadfadh sé a bheith ann arís agus arís eile agus ina bhféadfaí fadhbanna córasacha a nochtadh leis, nó gnéithe córasacha a d'fhéadfadh cliseadh bunúsach sa chóras a bheith mar thoradh orthu, ina n-aonar nó in éineacht le neamhchomhlíonadh eile, measfar gur mór-neamhchomhlíonadh atá ann. Áireofar na nithe seo a leanas mar mhór-neamhchomhlíonadh, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- (a) fadhbanna córasacha le maischothromaíocht nó sonraí maidir le GCT arna dtuairisciú mar shampla, déantar doiciméadacht mhícheart a shainaithint i níos mó ná 10 % de na héilimh a áirítear sa sampla ionadaíoch;
- (b) oibreoir eacnamaíoch a fhágáil ar lár chun a dhearbhuí go raibh sé rannpháirteach i scéimeanna deonacha eile le linn an phróisis deimhniúcháin;
- (c) mainneachtain faisnéis ábhartha a sholáthar d'iniúcháirí, mar shampla sonraí maidir le maischothromaíocht agus tuarascálacha iniúcháir.

Maidir le neamhchomhlíonadh a bhfuil tionchar teoranta aige, ar dul i léig aonarach nó ar bhonn sealadach é, nach bhfuil córasach agus nach dtarlaíonn aon mhainneachtain bhunúsach mar thoradh air mura gceartaítear é, measfar gur mion-neamhchomhlíonadh é.

4. Is iad seo a leanas na hiarmhairtí ar oibreoirí eacnamaíocha a bheidh ag neamhchomhlíonadh:

- (a) i gcás neamhchomhlíonadh criticiúil, ní eiseofar deimhniú d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil iarratas ar dheimhniú á dhéanamh acu. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha ath-iarratas a dhéanamh ar dheimhniú tar éis tréimhse ama shocráithe a bheith caite, tréimhse a chinneadh ar scéim dheonach. I gcás neamhchomhlíonadh criticiúil a shainaithneofar le linn iniúchtaí faireachais nó athdheimhniúcháin, nó trí phróiseas inmheánach faireacháin nó gearáin na scéime deonaí, déanfar deimhniú an oibreora eacnamaíoch a tharraingt siar láithreach;
- (b) i gcás mór-neamhchomhlíonadh, ní eiseofar deimhniú d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil iarratas ar dheimhniú á dhéanamh acu. I gcás mór-neamhchomhlíonadh a shainaithneofar le linn iniúchtaí faireachais nó athdheimhniúcháin, nó trí phróiseas inmheánach faireacháin nó gearáin na scéime deonaí, cuirfear deimhniú an oibreora eacnamaíoch ar fionraí láithreach. I gcás nach soláthróidh oibreoirí eacnamaíocha leigheas ar aon mhór-neamhchomhlíonadh laistigh de 90 lá ón bhfógra a fháil, tarraingeofar siar an deimhniú;
- (c) i gcás mion-neamhchomhlíonadh, féadfaidh scéimeanna deonacha an tréimhse ama lena réiteach a shainiú, ar tréimhse í nach faide ná 12 mhí tar éis an fógra a fháil ina leith agus dáta na chéad iniúchta faireachais nó athdheimhniúcháin eile.

5. Ní dheimhneoidh scéimeanna deonacha oibreoirí eacnamaíocha ach i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais uile seo a leanas:

- (a) córas bainistíochta doiciméadachta a bheith acu;
- (b) córas in-iniúchta a bheith acu chun an fhianaise ar fad a bhaineann leis na héilimh a dhéanann siad nó a mbraitheann siad orthu a chumhdach agus nó chun athbhreithniú a dhéanamh uirthi;

- (c) an fhianaise uile is gá chun an Rialachán seo agus Treoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonadh a choimeád go ceann 5 bliana ar a laghad, nó níos faide i gcás ina n-éileoidh an t-údarás náisiúnta ábhartha sin;
- (d) freagracht a ghlacadh as aon fhaisnéis a ullmhú a bhaineann le hiniúchadh na fianaise sin.

6. Áireofar na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn II ar a laghad sna tuarascálacha iniúchára agus sna tuarascálacha iniúchára achoimre nó sna deimhnithe arna dtarraingt suas nó arna n-eisiúint ag comhlacht deimhniúcháin faoi chuimsiú scéim dheonach.

Airteagal 11

Inniúlacht iniúchára

1. Déanfar comhlacht deimhniúcháin a dhéanann iniúchtaí thar ceann scéim dheonach a chreidiúnú do ISO 17065, agus do ISO 14065 i gcás ina ndéanann sé iniúchtaí ar luachanna iarbhrí GCT.

Déanfaidh comhlacht creidiúnaithe náisiúnta comhlachtaí deimhniúcháin a chreidiúnú freisin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 nó tabharfaidh údarás inniúil aitheantas dóibh chun raon feidhme Threoir (AE) 2018/2001 nó raon feidhme sonracha na scéime deonaí a chumhdach. I gcás nach mbaintear úsáid as creidiúnú nó as aitheantas den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do scéimeanna deonacha córas maoirseachta neamhspleách a úsáid a chumhdaíonn raon feidhme Threoir (AE) 2018/2001 nó raon feidhme sonracha na scéime deonaí, le haghaidh chríoch an Bhallstáit sin. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras a bhfuil tuairisc orthu sa mhír seo maidir lena n-oiriúnacht chun faireachas leormhaith a áirithiú agus eiseoidh sé treoir más iomchuí.

Roghnóidh agus ceapfaidh an comhlacht deimhniúcháin an fhoireann iniúcháireachta i gcomhréir le ISO 19011, agus an inniúlacht is gá chun cuspóirí an iniúchta a bhaint amach á cur san áireamh.

2. Beidh na hinniúlachtaí, an taithí agus na scileanna cineálacha agus sonracha is gá ag an bhfoireann iniúcháireachta chun an t-iniúchadh a dhéanamh, agus raon feidhme an iniúchta á chur san áireamh. I gcás nach mbeidh ach iniúcháir amháin ann, beidh sé d'inniúlacht ag an iniúcháir freisin na dualgais is infheidhme de chuid ceannaire foirne iniúcháireachta a chomhlíonadh maidir leis an iniúchadh sin. Áiríteoidh an comhlacht deimhniúcháin gur athbhreithneoir teicniúil nach cuid den fhoireann iniúcháireachta é a dhéanfaidh an cinneadh deimhniúcháin.

3. Maidir le hiniúcháir:

- (a) beidh siad neamhspleách ar an ngníomhaíocht atá á hiniúchadh, seachas iniúchtaí a bhaineann le hAirteagal 29(6), pointe (a), agus Airteagal 29(7), pointe (a), de Threoir (AE) 2018/2001, a bhféadfadh iniúcháireacht chéad pháirtí nó iniúcháireacht dara pháirtí a dhéanamh ina leith go dtí an chéad phointe bailiúcháin;
- (b) beidh siad saor ó choinbhleacht leasa;
- (c) beidh na scileanna sonracha is gá acu chun an t-iniúchadh a bhaineann le critéir na scéime a dhéanamh, lena n-áirítear:
 - (i) i gcás na gcritéir maidir le talamhúsáid a leagtar síos in Airteagal 29, pointí (2) go (9) de Threoir (AE) 2018/2001 chomh maith leis an modheolaíocht deimhniúcháin i ndáil le riosca íseal ILUC a leagtar síos i gCaibidil V den rialachán cur chun feidhme seo agus in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis: taithí ar thalmhaíocht, agraamaíocht, éiceolaíocht, eolaíocht nádúrtha, foraoiseacht, foraoiseolaíocht nó réimse gaolmhar, lena n-áirítear scileanna teicniúla sonracha is gá chun comhlíontacht a fhíorú leis na critéir maidir le féarthailte agus foraoisí atá an-bhithéagsúil;
 - (ii) i gcás na gcritéir maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT a leagtar síos in Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001 nó nuair a bheidh astaíochtaí GCT breoslaí carbóin athchúrsáilte agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch á gcinneadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 28(5) de Threoir (AE) 2018/2001: taithí 2 bliana ar a laghad ar mheasúnú ar shaolré breosla, agus taithí shonrach ar ríomhanna astaíochtaí GCT a iniúchadh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, atá ábhartha maidir le cineál na n-iniúchtaí a bheidh le déanamh ag an iniúcháir aonair. Ag brath ar raon feidhme sonracha an iniúchta, comhlánófar an taithí sin le taithí ar thalmhaíocht, agraamaíocht, éiceolaíocht, foraoiseacht, eolaíocht nádúrtha, foraoiseolaíocht, innealtóireacht, bainistíocht fuinnimh nó réimse gaolmhar. I gcás ina n-áirítear faoi raon feidhme an iniúchta fíorú ar leibhéal an charbóin orgánaigh san ithir, chun an creidmheas coigilte astaíochtaí do charnadh carbóin san ithir a chur i bhfeidhm, beidh gá freisin le heolas teicniúil ar eolaíocht ithreach;

- (iii) i gcás shlabhra na gcritéar maidir le cumhdach a leagtar síos in Airteagal 30, pointí (1) go (2), de Threoir (AE) 2018/2001: taithí ar chórais mhaischothromaíochta, lóistíocht shlabhra an tsoláthair, leabharchoimeád, inrianaitheacht, agus láimhseáil sonraí nó réimse gaolmhar;
- (iv) i gcás iniúchadh grúpa: taithí ar iniúchtaí grúpa a dhéanamh.

4. Bunófar le scéimeanna deonacha cúrsaí oiliúna d'iniúcháirí, lena gcumhdófar gach gné a bhaineann le raon feidhme na scéime. Áireofar sna cúrsaí scrúdú chun a léiriú go gcomhlíonann na rannpháirtithe na ceanglais oiliúna sa réimse teicniúil nó sna réimsí teicniúla ina bhfuil siad gníomhach. Beidh iniúcháirí rannpháirteach sna cúrsaí oiliúna, sula ndéanfaidh siad iniúchtaí thar ceann na scéime deonai.

5. Rachaidh iniúcháirí i mbun cúrsaí oiliúna athnuachana ar bhonn rialta. Cuirfidh scéimeanna deonacha córas chun feidhme chun faireachán a dhéanamh ar stádas oiliúna iniúcháirí gníomhacha scéime. Cuirfidh scéimeanna deonacha treoir ar fáil freisin do chomhlachtaí deimhniúcháin, de réir mar is gá, maidir le gnéithe atá ábhartha don phróiseas deimhniúcháin. Féadfar nuashonruithe ar an gcreat rialála nó torthaí ábhartha ó phróiseas faireacháin inmheánaigh na scéime deonai a áireamh sa treoir sin.

Airteagal 12

Iniúchadh grúpa

1. Ní fhéadfaidh scéimeanna deonacha iniúchtaí grúpa a dhéanamh ach amháin sna cásanna seo a leanas:
 - (a) le haghaidh táirgeoirí amhábhair, go háirithe sealbhóirí beaga, eagraíochtaí táirgeoirí agus comharchumainn chomh maith le bailitheoirí dramhaíola;
 - (b) chun critéir na scéime maidir le talamh a chomhlíonadh, i gcás ina bhfuil na limistéir lena mbaineann i ngaireacht agus go bhfuil saintréithe comhchosúla acu, amhail dálaí aeráide nó ithreach;
 - (c) chun coigilteas GCT a ríomh, i gcás ina bhfuil córais táirgthe chomhchosúla agus cineálacha barr comhchosúla ag na haonaid.

Ainmneoidh oibreoirí eacnamaíocha a áirítear in iniúchadh grúpa bainisteoir grúpa. Féadfaidh na chéad phointí bailiúcháin, eagraíochtaí táirgeoirí nó comharchumainn gníomhú freisin mar bhainisteoirí grúpa, agus ionadaíocht á déanamh thar ceann na n-oibreoirí eacnamaíocha a áirítear san iniúchadh grúpa.

2. Féadfaidh iniúchadh grúpa fíorú a dhéanamh i gcás na n-aonad go léir lena mbaineann ar bhonn shampla na n-aonad. Leagfar amach le scéimeanna deonacha treoirlínte maidir le cur chun feidhme cur chuige iniúchta grúpa, lena n-áireofar na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

- (a) ról bhainisteoir an ghrúpa, lena gcumhdaítear sonraíochtaí don chóras inmheánach bainistíochta agus nósanna imeachta um iniúchadh inmheánach ar an ngrúpa;
- (b) méid an tsampla a chinneadh;

3. Uair sa bhliain ar a laghad déanfar iniúchadh aonair ar shampla ina bhfuil líon comhaltaí sa ghrúpa atá coibhéiseach le fréamh chearnach líon iomlán chomhaltaí an ghrúpa. Déanfar an líon sin a mhéadú i gcás leibhéil níos airde riosca. Bunófar le scéimeanna deonacha critéir chun leibhéal ginearálta an riosca sna réimsí agus iarmhairtí an leibhéil riosca sin don chur chuige iniúcháireachta a chinneadh. Beidh an sampla ionadaíoch ar an ngrúpa ar fad agus cinnfear é agus úsáid á baint as teaglaim de roghnúchán riosca agus randamach. 25 % ar a laghad den sampla a bheidh sa roghnú randamach. Beidh athrú ó bhliain go bliain ar an táirgeoir amhábhair a roghnófar don iniúchadh.

4. Déanfar iniúchadh grúpa ar an láthair, ach amháin má mheastar go bhfuil iniúchtaí deisce in ann an leibhéal céanna dearbhaithe a sholáthar agus a sholáthraíonn iniúchadh ar an láthair. Leagfar amach le scéimeanna deonacha an fhianaise is gá chun gur féidir iniúchtaí deisce a dhéanamh. Ní mheasfar gur fianaise leordhóthanach iad féindearbhuithí ó oibreoirí eacnamaíocha. Déanfar iniúchtaí ar bhainisteoir an ghrúpa ar an láthair i gcónaí.

5. Neamhchomhlíontacht chriticiúil nó mór-neamhchomhlíontacht comhaltaí aonair den ghrúpa arna sainaitheint le linn iniúchta, tabharfar aghaidh uirthi de réir an phróisis a leagtar amach faoi mhír 4 (a) agus (b) d'Airteagal 10, de réir mar is infheidhme. Má aithnítear neamhchomhlíontacht chriticiúil nó mór-neamhchomhlíontacht i sampla iomlán an ghrúpa tosaigh, déanfar iniúchadh freisin ar shampla breise ar an méid céanna de chomhaltaí den ghrúpa. Is é an toradh a bheidh ar neamhchomhlíontacht shistéamach thromlach na gcomhaltaí den ghrúpa tríd an sampla iomlán go gcuirfear ar fionraí nó go dtarraingeofar siar deimhniúchán an ghrúpa iomláin, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 13***Iniúchadh ar dhramhaíl agus ar iarmhair**

1. Maidir leis na scéimeanna deonacha agus na comhlachtaí deimhniúcháin a oibríonn thar a gceann, cuirfidh siad i bhfeidhm na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 go 7 maidir le fíorú a dhéanamh ar shlabhra soláthair na mbithbhreoslaí agus na bithleachtanna a dhéantar as dramhaíl agus iarmhair, agus na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 go 5 i gcás breoslaí bithmhaise.
2. Cumhdófar an slabhra soláthair ina iomláine ag tosú óna thionscnamh, is é sin le rá an t-oibreoir eacnamaíoch as a n-eascraíonn an dramhaíl nó an t-ábhar iarmhair;
3. Déanfar iniúchadh aonair ar gach oibreoir eacnamaíoch. Mar sin féin, féadfar cur chuige iniúchta grúpa a dhéanamh ag bunús an tslabhra soláthair, mar shampla bialanna agus táirgeoirí dramhaíola nó iarmhair;
4. Léireoidh minicíocht agus déine an nós imeachta iniúcháireachta leibhéal foriomlán an riosca. Saineofar le scéimeanna deonacha rialacha soiléire a bheidh i gcomhréir le leibhéal an riosca shonraigh a bhaineann leis an gcineál iarmhar nó dramhaíola. I gcás bithbhreoslaí agus bithleachtanna, maidir leis na pointí tionscnaimh a soláthraíonn cúig thona nó níos mó de dhramhaíl nó d'iarmhar in aghaidh na míosa a liostaítear i gcodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, beidh siad faoi réir iniúchadh ar an láthair. Féadfar an t-iniúchadh ar an láthair a bhunú ar shampla ina nglacfar cur chuige iniúchta grúpa.
5. Ceanglófar ar phointí bailiúcháin liosta de na pointí tionscnaimh uile a shínigh féindearbhu a chur faoi bhráid an iniúcháir roimh an iniúchadh ar an bpointe bailiúcháin. Déanfar méid na dramhaíola a ghintear gach mí nó gach bliain a lua go soiléir ar an bhféindearbhu. Beidh fianaise nó doiciméid do gach seachadadh aonair ar fáil ag an bpointe bailiúcháin agus fíoróidh an t-iniúcháir iad, lena n-áirítear comhaontú maidir le diúscairt dramhaíola, duillíní seachadta agus féindearbhuithé;
6. Fíoróidh an t-iniúcháir go bhfuil roinnt pointí tionscnaimh ann atá combhionann le fréamh chearnach na bpointí tionscnaimh uile ar an liosta ar a laghad. Féadfar an fíorú a dhéanamh go cianda, mura bhfuil amhras ann go bhfuil an pointe tionscnaimh ann nó amhras maidir lena chomhlíontacht leis na critéir maidir le hiniúchadh ar an láthair de bhun phointe (4). Seiceálfadh iniúcháirí seachadtaí ábhair inbhuanaithe chuig faighteoirí iarteachtacha trí fhíorú a dhéanamh ar choipeanna den dearbhu inbhuanaitheachta arna eisiúint ag an bpointe bailithe d'fhaighteoirí na seachadtaí sin, bunaithe ar shampla randamach rioscabhunaithe;
7. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchadh faireachais éigeantach laistigh de 6 mhí tar éis an chéad deimhniúcháin. Maidir le pointí bailiúcháin agus trádálaithe a dhéileálann le dramhaíl agus le hiamhair araon agus le hógábhair amhail olaí glasraí, déanfar iniúchadh faireachais breise 3 mhí tar éis an chéad iniúchta deimhniúcháin, lena gcumhdófar an chéad tréimhse mhaischothromaíochta. I gcás ina bhfuil níos mó ná suíomh stórála amháin ag pointe bailiúcháin, déanfaidh an t-iniúcháir iniúchadh ar mhaischothromaíocht gach suímh stórála.
8. Má tá amhras réasúnach ann faoi chineál na dramhaíola dearbhaithe agus na n-iarmhar dearbhaithe, údaraítear don iniúcháir samplaí a thógáil agus iad a chur chuig saotharlann neamhspleách lena n-anailísiú.

*Airteagal 14***Iniúchadh ar ríomhanna iarbhir astaíochtaí GCT**

1. Ceanglóidh scéimeanna deonacha ar oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis ábhartha agus cothrom le dáta uile a chur ar fáil d'iniúcháirí maidir le ríomh na n-astaíochtaí GCT iarbhir, roimh an iniúchadh atá beartaithe. Áireofar san fhaisnéis sin sonraí ionchuir agus aon fhianaise ábhartha eile, faisnéis maidir leis na fachtóirí astaíochta agus coimbheartachta agus na luachanna caighdeánacha a cuireadh i bhfeidhm agus a bhfoinsí tagartha, ríomhanna astaíochtaí GCT agus fianaise a bhaineann le cur i bhfeidhm creidmheasanna laghdaithe astaíochtaí GCT.
2. Déanfaidh an t-iniúcháir na hastaíochtaí a tharlaíonn ag an suíomh a ndéantar iniúcháireacht air a thaifeadadh sa tuarascáil iniúcháir. Chun bithbhreoslaí deiridh a phróiseáil, déanfaidh an t-iniúcháir na hastaíochtaí tar éis an leithdháilte agus an coigilteas a baineadh amach a thaifeadadh. I gcás ina bhfuil difríocht shuntasach idir na hastaíochtaí agus luachanna tipiciúla nó i gcás ina bhfuil luachanna iarbhir ríofa na laghduithe ar astaíochtaí thar a bheith mór, tabharfar cúiseanna leis na difríochtaí sa tuarascáil. Bunóidh scéimeanna deonacha nósanna imeachta lena gceanglófar ar chomhlachtaí deimhniúcháin iad a chur ar an eolas láithreach faoi dhifríochtaí den sórt sin.

3. Fíoróidh iniúcháirí go bhfuil an meastachán ar laghduithe ar astaíochtaí de bharr CO₂ a ghabháil agus a athsholáthar teoranta d'astaíochtaí a seachnaíodh trí ghabháil CO₂ ar carbón de thionscnamh bithmhaise an carbón atá ann agus a úsáidtear in ionad CO₂ iontaise-dhíorthaithe. Is gá rochtain a fháil ar an bhfaisnéis seo a leanas chun an fíorú sin a dhéanamh:

- (a) an cuspóir dá n-úsáidtear an CO₂ gafa;
- (b) tionscnamh an CO₂ a athsholáthraítear;
- (c) tionscnamh an CO₂ a ghabhtar;
- (d) faisnéis faoi astaíochtaí atá mar thoradh ar CO₂ a ghabháil agus a phróiseáil.

Chun críocha phointe (b), féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann CO₂ gafa a lua maidir leis an CO₂ a athsholáthraítear conas a gineadh é roimhe sin agus féadfaidh siad a dhearbhu, i scríbhinn, go seachnaítear astaíochtaí atá comhionann leis an gcainníocht sin mar thoradh ar an athsholáthar. Measfar gur leor an fhianaise sin chun comhlíontacht le ceanglais Threoir (AE) 2018/2001 agus seachaint astaíochtaí a fhíorú.

4. Ní fhéadfaidh oibreoirí eacnamaíocha éilimh iarbhair ar luachanna GCT a dhéanamh go dtí go bhfíorófar le hiniúchadh a gcumas ríomhanna luacha iarbhair a dhéanamh.

5. Arna iarraidh sin, soláthróidh scéimeanna deonacha rochtain ar ríomhanna iarbhair GCT atá deimhnithe faoina scéim dheonach mar aon leis na tuarascálacha iniúcháirí sonracha don Choimisiún agus do na húdaráis náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na comhlachtaí deimhniúcháin.

Airteagal 15

Iniúchtaí ar chórais mhaistochothromaíochta

Áiríteoidh scéimeanna deonacha go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na sonraí maischothromaíochta uile ar fáil d'iniúcháirí roimh an iniúchadh.

Le linn an iniúchta tosaigh, a dhéanfar sula gceadaítear d'oibreoir eacnamaíoch a bheith rannpháirteach i scéim, seiceálfaidh an t-iniúcháir an bhfuil an córas maischothromaíochta ann agus an bhfuil sé ag feidhmiú.

Le linn iniúchtaí bliantúla ina dhiaidh sin, seiceálfaidh an t-iniúcháir na gnéithe seo a leanas ar a laghad:

- (a) liosta de na suíomhanna uile, atá faoi raon feidhme an deimhnithe. Beidh a thaifid mhaistochothromaíochta féin ag gach suíomh;
- (b) liosta de gach ionchur in aghaidh an tsuímh agus an tuairisc ar an ábhar a láimhseáiltear agus mionsonraí gach soláthraí;
- (c) liosta de gach aschur in aghaidh an tsuímh agus an tuairisc ar an ábhar a láimhseáiltear agus mionsonraí gach custaiméara;
- (d) fachtóirí tiontaithe a chuirtear i bhfeidhm, go háirithe i gcás suiteálacha a phróiseálann dramhaíl nó iarmhair chun a áirithiú nach modhnaítear an próiseas chun níos mó dramhaíola nó ábhair iarmhair a tháirgeadh;
- (e) aon neamhréireacht idir córas leabharchoimeádta agus ionchuir, aschuir agus iarmhéideanna;
- (f) saintréithe inbhuanaitheachta a leithdháileadh;
- (g) coibhéis na sonraí inbhuanaitheachta agus an stoic fhisicigh ag deireadh na tréimhse maischothromaíochta.

Airteagal 16

Iniúchadh ar fhéarthalamh an-bhithéagsúil nádúrtha agus neamhnádúrtha

1. Iniúcháirí a fhíoraíonn cé acu an bhfuil nó nach bhfuil talamh ina fhéarthalamh an-bhithéagsúil dá dtagraítear in Airteagal 29(3), pointe (d), de Threoir (AE) 2018/2001, fíoróidh siad má tá nó má bhí an talamh ina fhéarthalamh an-bhithéagsúil tráth ar bith ó mhí Eanáir 2008. Ina ndoiciméid chórais, cuirfidh scéimeanna deonacha na hoibreoirí eacnamaíocha ar an eolas faoin gcineál fianaise a bhféadfadh a gcomhlachtaí deimhniúcháin glacadh leis chun stádas limistéir stairiúil ó bhí mí Eanáir 2008 ann a chruthú.

2. I gcás ina leanann talamh de bheith ina féarthalamh, nó i gcás ina leanfadh sí de bheith ina féarthalamh in éagmais idirghabháil an duine, agus i gcás ina bhfuil sí suite in aon cheann de na raonta geografacha a liostaítear i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2014, measfar gur féarthalamh nádúrtha an-bhithéagsúil í.

3. Maidir le talamh atá suite lasmuigh de na limistéir dá dtagraítear i mír 2, measfaidh an t-iniúcháir cé acu an gcoinnítear nó nach gcoinnítear ar bun, nó an gcoinneofaí in éagmais idirghabháil an duine, comhdhéanamh na speiceas nádúrtha agus na saintréithe agus na próisis éiceolaíocha. Sa chás sin, measfar go bhfuil nó go raibh an talamh ina féarthalamh nádúrtha an-bhithéagsúil. I gcás inar tiontaíodh féarthalamh ina talamh arúil cheana féin agus nach féidir saintréithe na talún féin a mheasúnú trí fhaisnéis atá ar fáil ó na húdaráis inniúla náisiúnta nó trí íomhánna satailíte, measfaidh an t-iniúcháir nach raibh an talamh sin ina fhéarthalamh an-bhithéagsúil tráth an tiontaithe.

4. I gcás inar scoir an talamh, nó ina scoirfeadh sí in éagmais idirghabháil an duine, de bheith ina féarthalamh, go bhfuil mórán speiceas uirthi agus nár díghrádaíodh í agus i gcás inar shainaithin an t-údarás inniúil ábhartha go bhfuil sí an-bhithéagsúil, measfar gur féarthalamh neamhnádúrtha an-bhithéagsúil í an talamh.

5. Aon talamh atá nó a bhí ina féarthalamh neamhnádúrtha an-bhithéagsúil i mí Eanáir 2008 nó ina dhiaidh sin, féadfar í a úsáid chun breoslaí a tháirgeadh ar choinníoll gur gá an t-amhábhar a bhaint chun stádas na féarthalún mar fhéarthalamh an-bhithéagsúil a chaomhnú agus nach bhfuil an baol ann go dtiocfadh meath bithéagsúlachta ar an bhféarthalamh mar thoradh ar na cleachtais bhainistíochta atá ann faoi láthair.

Beidh ar oibreoirí eacnamaíocha fianaise a sholáthar gur gá an t-amhábhar a bhaint chun stádas an-bhithéagsúil na féarthalún a chaomhnú agus nach bhfuil an baol ann go dtiocfadh meath bithéagsúlachta ar an bhféarthalamh mar thoradh ar na cleachtais bhainistíochta.

I gcás nach bhfuil oibreoirí eacnamaíocha in ann an fhianaise dá dtagraítear sa dara fomhír a sholáthar, cuirfidh siad fianaise ar fáil gur dheonaigh an t-údarás inniúil ábhartha, nó an ghníomhaireacht ainmnithe, cead dóibh an t-amhábhar a bhaint chun stádas an-bhithéagsúil na féarthalún a chaomhnú.

An speisialtóir cáilithe a dhéanfaidh measúnú teicniúil ar an talamh, beidh sé seachtrach agus neamhspleách ar an ngníomhaíocht atá á hiniúchadh agus saor ó choinbhleacht leasa, agus féadfaidh sé a bheith ina chuid den fhoireann iniúcháireachta. Déanfar an measúnú agus a thoradh a athbhreithniú mar chuid den iniúchadh.

Airteagal 17

Maoirseacht ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún

1. Ceanglóidh scéimeanna deonacha ar oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa scéim agus ar chomhlachtaí deimhniúcháin a dhéanann iniúchtaí faoin scéim comhoibriú leis an gCoimisiún agus le húdaráis inniúla na mBallstát, lena n-áirítear rochtain ar áitribh na n-oibreoirí eacnamaíocha a dheonú arna iarraidh sin mar aon leis an bhfaisnéis ar fad is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh faoi Threoir (AE) 2018/2001 a chur ar fáil don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát. Chun na gcríoch sin, beidh sé de cheangal ar na comhlachtaí deimhniúcháin freisin an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) an fhaisnéis a sholáthar is gá do na Ballstáit chun maoirseacht a dhéanamh ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin de bhun Airteagal 30(9) de Threoir (AE) 2018/2001;
- (b) an fhaisnéis a sholáthar a theastaíonn ón gCoimisiún chun Airteagal 30(10) de Threoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonadh;
- (c) cruinneas na faisnéise a iontráladh i mbunachar sonraí An Aontais nó i mbunachar sonraí náisiúnta ábhartha a fhóru de bhun Airteagal 28(4) de Threoir (AE) 2018/2001.

2. I gcomhthéacs na maoirseachta dá bhforáiltear in Airteagal 30(9) de Threoir (AE) 2018/2001, bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta lena gceadófar do chomhlachtaí deimhniúcháin, gan beann ar a gceannoifig a bheith suite i mBallstát nó i dtríú tír, clárú le haghaidh maoirseachta agus chun an mhaoirseacht a dhéanamh.

3. Malartóidh na Ballstáit faisnéis agus roinnfidh siad dea-chleachtais maidir leis an gcaoi ar féidir maoirseacht a dhéanamh ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin i gcomhthéacs creat foirmiúil comhair. I gcás ina ndéanann comhlachtaí deimhniúcháin amhábhair, bithbhreoslaí, bithleachtanna, bithmhais nó breoslaí eile a dheimhniú i níos mó ná Ballstát amháin, bunóidh na Ballstáit lena mbaineann creat coiteann chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí deimhniúcháin den sórt sin, lena n-áirítear Ballstát amháin a cheapadh mar phríomh-mhaoirseoir iniúcháireachta.

4. Beidh an príomh-mhaoirseoir iniúcháireachta freagrach, i gcomhar leis na Ballstáit eile lena mbaineann, as faisnéis faoi thoradh na maoirseachta ar na comhlachtaí deimhniúcháin a chomhdhlúthú agus a chomhroinnt.

5. Bunóidh na Ballstáit, a mhéid is féidir, creataí comhair le tríú tíortha chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí deimhniúcháin a dhéanann iniúcháireacht ar a gcíocha, i gcás inarb ábhartha, d'fhonn an leibhéal céanna sreafa faisnéise agus cur i bhfeidhm caighdeán maoirseachta iniúcháireachta a áirithiú maidir le comhlachtaí deimhniúcháin a fheidhmíonn i dtríú tíortha.

6. I gcás ina mbeidh amhras réasúnach ar Bhallstát faoi chumas comhlachta shonraigh deimhniúcháin, atá suite san Aontas nó i dtríú tír, a chuid oibre iniúcháireachta a dhéanamh, roinnfidh sé an fhaisnéis sin leis na Ballstáit eile, leis an gCoimisiún agus leis an scéim dheonach faoina n-oibríonn an comhlacht deimhniúcháin. Déanfaidh an scéim dheonach lena mbaineann imscrúdú láithreach ar an gcás. Nuair a bheidh a himscrúdú críochnaithe, cuirfidh an scéim dheonach na Ballstáit agus an Coimisiún ar an eolas faoi thoradh an imscrúdaithe agus faoi aon ghníomh ceartaitheach a rinneadh.

7. Déanfar oibreoirí eacnamaíocha agus comhlachtaí deimhniúcháin faoi seach a bhfuil ag teip orthu nó nach bhfuil toilteanach na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 go 6 den Airteagal seo a chomhlíonadh a eisiamh óna bheith rannpháirteach in iniúchtaí agus ó iniúchtaí a dhéanamh faoi scéimeanna deonacha. Déanfaidh scéimeanna deonacha tuarascálacha bliantúla gníomhaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 30(5) de Threoir (AE) 2018/2001. Leanfaidh struchtúr agus inneachar na dtuarascálacha bliantúla gníomhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 30(5) de Threoir (AE) 2018/2001 na híoscheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo. Ní bheidh faisnéis rúnda sa phríomhthuarascáil agus foilseofar í ina hiomláine. Cuirfear sonraí ar fáil ar leithligh i bhformáid atá le cinneadh ag an gCoimisiún.

8. Tabharfaidh scéimeanna deonacha fógra don Choimisiún gan mhoill maidir le gach athrú substaintiúil ar ábhar na scéime a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don bhonn le haitheantas a thabhairt don scéim. D'fhéadfadh aon cheann de na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna hathruithe sin:

- (a) athruithe ar na critéir inbhuanaitheachta éigeantacha a chumhdaítear leis an scéim;
- (b) leathnú ar raon feidhme na scéime thar a bhfuil tuairiscithe sa Ghníomh Cur Chun Feidhme, agus aitheantas á thabhairt don scéim;
- (c) leathnú ar raon feidhme an bhunábhair nó na mbithbhreoslaí dá dtagraítear sna bundoiciméid scéime i gcás ina bhfuil difríochtaí i bpróifíl riosca an bhunábhair breise, mar shampla, agus dramhaíl nó iarmhair á gcur san áireamh, nó i gcás ina gcuirtear nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm;
- (d) athruithe ar na rialacha maidir le maischothromaíocht;
- (e) athruithe ar nósanna imeachta iniúcháireachta nó ar na ceanglais ar iniúcháirí;
- (f) athruithe ar an modheolaíocht maidir le GCT a ríomh nó í a leathnú;
- (g) aon athrú eile a d'fhéadfaí a mheas a bheadh tionchar aige ar an mbonn le haitheantas a thabhairt don scéim.

CAIBIDIL IV

RIALACHA SONRACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHÓRAIS MAISCHOTHROMAÍOCHTA, BUNACHAR SONRAÍ AN AONTAIS AGUS BUNÚ ASTAÍOCHTAÍ GCT AGUS CODÁN BITHEOLAÍOCH BREOSLAÍ*Airteagal 18***Inrianaitheacht agus bunachar sonraí an Aontais**

1. Na saintréithe inbhuanaitheachta agus na saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT agus faisnéis eile lena dtugtar tuairisc ar amhábhair nó breosla, atá ag teastáil chun críocha Threoir (AE) 2018/2001, mar aon le sonraí idirbhirt, déanfar iad a dhoiciméadú go críochnúil agus cuirfear ar aghaidh iad ó oibreoir eacnamaíoch go hoibreoir eacnamaíoch tríd an slabhra soláthair. Áireofar san fhaisnéis sin sonraí a bheidh le tarchur tríd an slabhra soláthair ina iomláine chomh maith le sonraí atá sonracha don idirbheart aonair, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn I.
2. Áireofar an fhaisnéis a bheidh le tarchur tríd an slabhra soláthair sa doiciméadacht a ghabhann le loingsiú fisiceach amhábhair nó breoslaí. Áireofar í freisin i mbunachar sonraí an Aontais a luaithe a thosaíonn sé sin ag feidhmiú, i gcás breoslaí iompair leachtacha agus gásacha atá incháilithe lena n-áireamh don uimhreoir dá dtagraítear in Airteagal 27(1), pointe (b) de Threoir (AE) 2018/2001, nó a chuirtear san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 29(1), pointí (a), (b) agus (c), an chéad fhomhír, den Treoir sin.
3. Chun coinsíneachtaí breoslaí leachtacha nó gásacha i mbonneagar idirnasctha a rianú agus faoi réir an chórais chéanna maischothromaíochta, déanfar na saintréithe inbhuanaitheachta agus na saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT agus an fhaisnéis eile mar a thuairiscítear i mír 1 a chlárú i mbunachar sonraí an Aontais ag an gcéad phointe iontrála agus déanfar iad a chlárú mar ídithe ag pointe an tomhaltais deiridh. Má dhéantar breoslaí gásacha a tharraingt siar as bonneagar idirnasctha agus má dhéantar iad a chlaochlú a thuilleadh ina mbreoslaí gásacha nó leachtacha, meastar gurb é pointe an tomhaltais deiridh pointe tomhaltais deiridh na mbreoslaí gásacha nó leachtacha. I gcás den sórt sin, maidir le gach céim idirmheánach ó tharraingt siar na mbreoslaí gásacha as an mbonneagar idirnasctha go dtí go gcaithfear pointe tomhaltais deiridh na mbreoslaí gásacha nó leachtacha deiridh, ní mór í a chlárú i mBunachar Sonraí an Aontais.

*Airteagal 19***Cur chun feidhme an chórais maischothromaíochta**

1. Le scéimeanna deonacha, ceanglófar ar na hoibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa scéim úsáid a bhaint as córas maischothromaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001 lena gceadaítear amhábhair nó breoslaí atá éagsúil maidir lena saintréithe inbhuanaitheachta agus a saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT a mheascadh.
2. Cuirfidh scéimeanna deonacha na rialacha seo a leanas i bhfeidhm i gcur chun feidhme an chórais maischothromaíochta:
 - (a) ní mheasfar amhábhair nó breoslaí a bheith ina gcuid de mheascán ach amháin má mheasctar iad i gcoimeádán, ag saoráid próiseála nó lóistíochta, nó ag bonneagar tarchurtha agus dáileacháin nó suíomh tarchurtha agus dáileacháin;
 - (b) ní mheasfar amhábhair éagsúla a bheith ina gcuid de mheascán mura mbaineann siad leis an ngrúpa táirgí céanna, ach amháin i gcás ina measctar an t-amhábhair chun críche próiseála breise;
 - (c) ní mheasfar amhábhair nó breoslaí a bheith ina gcuid de mheascán mura ndéantar iad a mheascadh go fisiceach ach amháin má tá siad comhionann go fisiceach nó má bhaineann siad leis an ngrúpa táirgí céanna. I gcás ina bhfuil na hamhábhair nó na breoslaí comhionann go fisiceach nó go mbaineann siad leis an ngrúpa táirgí céanna, ní mór iad a stóráil sa bhonneagar idirnasctha céanna, sa tsaoirid próiseála nó lóistíochta chéanna, sa bhonneagar tarchurtha agus dáileacháin céanna nó sa suíomh tarchurtha agus dáileacháin céanna;
 - (d) ní mheasfar breoslaí a thugtar isteach i saoráid lóistíochta nó bonneagar tarchurtha nó dáileacháin amháin an eangach gháis nó líonra píblínte le haghaidh breoslaí leachtacha, a stóráiltear i saoráidí GNL ná a stóráiltear i saoráidí stórála eile ach amháin mar chuid de mheascán de bhun phointe (c) i gcás ina bhfuil an bonneagar sin idirnasctha;

- (e) beidh sé de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha maischothromaíochtaí ar leith a choinneáil le haghaidh amhábhair agus breoslaí nach féidir a mheas mar chuid de mheascán. Ní cheadófar aistriú faisnéise idir maischothromaíochtaí éagsúla faoi shaintréithe inbhuanaitheachta nó saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT ná faoi mhéideanna. De bhun fhomhíreanna (a) go (c), meastar gur cuid de mheascán iad amhábhair laistigh de shaoráidí táirgthe bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise. An ceanglas maidir le maischothromaíochtaí ar leithligh a choinneáil, dá bhrí sin, ní bheidh feidhm aige maidir leis na saoráidí sin agus is féidir maischothromaíocht aonair a choinneáil;
- (f) áireofar sa chóras maischothromaíochta faisnéis faoi inbhuanaitheacht agus faoi shaintréithe astaíochtaí GCT agus cainníochtaí astaíochtaí GCT an amhábhair agus na mbreoslaí, lena n-áirítear faisnéis faoi chainníochtaí an amhábhair agus na mbreoslaí nár cinneadh saintréithe inbhuanaitheachta ná GCT ina leith;
- (g) i gcás ina seachadtar coinsíneacht d'amhábhair nó de bhreosla chuig oibreoir eacnamaíoch nach bhfuil rannpháirteach i scéim dheonach ná i scéim náisiúnta, léireofar an seachadadh sa mhaischothromaíocht trí chainníocht choibhéiseach amhábhair nó breosla a tharraingt siar. Freagróidh an cineál breosla atá le cur in áirithe do nádúr fisiceach an amhábhair nó an bhreosla arna sheachadadh;
- (h) i gcás ina n-úsáidtear coinsíneacht bhreosla chun oibleagáid a chuireann Ballstát ar sholáthróir breosla a chomhlíonadh, measfar í a bheith tarraingthe siar ó mheascán na maischothromaíochta;
- (i) i gcás ina ndéantar bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise a chumasc le breoslaí iontaise, freagróidh an fhaisnéis faoi saintréithe inbhuanaitheachta agus faoi na saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT a shanntar don chumasc don sciar fisiceach de na bithbhreoslaí, na bithleachtanna nó na breoslaí bithmhaise atá sa chumasc. I gcás bithbhreoslaí agus bithleachtanna, féadfaidh na Ballstáit a thuilleadh seiceála a dhéanamh ar fhírinneacht na faisnéise sin i gcomhréir le hAirteagal 23;
- (j) na saintréithe inbhuanaitheachta agus na saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT atá ag coinsíneacht d'amhábhair nó de bhreosla, measfar gur tacar atá iontu. I gcás ina dtarraingítear coinsíneachtaí as meascán, féadfar aon cheann de na sraitheanna saintréithe inbhuanaitheachta a shannadh dóibh ar choinníoll nach roinntear tacair na saintréithe inbhuanaitheachta agus na saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT agus go mbaintear an mhaischothromaíocht amach le linn na tréimhse iomchuí;
- (k) i gcás inarb ábhartha ar chúiseanna trédhearcachta, áireofar sa chóras maischothromaíochta faisnéis maidir lenar cuireadh tacaíocht ar fáil chun an breosla nó an breosla réamhtheachtach a tháirgeadh nó nár cuireadh, agus i gcás inar cuireadh, cén cineál tacaíochta;
- (l) is é 12 mhí a bheidh sa tréimhse iomchuí chun an mhaischothromaíocht a bhaint amach i gcás táirgeoirí bithmhaise talmhaíochta agus bithmhaise foraoise agus i gcás na gcéad phointí bailiúcháin nach bhfoinsíonn ach bithmhais talmhaíochta agus bithmhais foraoise, agus 3 mhí i gcás gach oibreora eacnamaíoch eile. Déanfar tús agus deireadh na tréimhse a ailíniú leis an mbliain féilire nó, i gcás inarb infheidhme, le ceithre ráithe na bliana féilire. Mar mhalairt ar an mbliain féilire, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha an bhliain eacnamaíoch a úsáideann siad chun críocha an leabharch-oimeáda nó túsphointe eile leis an tréimhse mhaischothromaíochta a úsáid freisin, ar choinníoll go léirítear an rogha go soiléir agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach í. Ag deireadh na tréimhse maischothromaíochta, ba cheart na sonraí inbhuanaitheachta a thabharfar ar aghaidh a bheith coibhéiseach leis an stoc fisiceach sa choimeádán, sa tsaoráid próiseála nó sa tsaoráid lóistíochta, sa bhonneagar tarchurtha agus dáileacháin nó sa suíomh tarchurtha agus dáileacháin;
- (m) sonrófar i scéimeanna deonacha an tacar íosta saintréithe inbhuanaitheachta agus saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT, i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ar gá a chur síos an slabhra soláthair chomh maith le faisnéis eile is gá chun na coinsíneachtaí a rianú. I gcás breoslaí leachtacha nó gásacha a thabharfar isteach i mbonneagar idirnasctha agus atá faoi réir an chórais maischothromaíochta chéanna, sannfar na saintréithe inbhuanaitheachta sonracha agus na saintréithe maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT sonracha do na coinsíneachtaí a thagann isteach sa bhonneagar idirnasctha agus a théann amach as. Áiríteoidh na scéimeanna deonacha freisin go ndéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha an fhaisnéis ábhartha uile a iontráil i gceart i mbunachar sonraí an Aontais.

Airteagal 20

Astaíochtaí GCT ó bhithbhreoslaí, ó bhreoslaí bithmhaise agus ó bhithleachtanna a chinneadh

1. Cuirfidh scéimeanna deonacha de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha an mhodheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 31 de Threoir (AE) 2018/2001 a chur i bhfeidhm agus astaíochtaí GCT ó bhithbhreoslaí, ó bhithleachtanna agus ó bhreoslaí bithmhaise á gcinneadh acu.

2. Chun na hastaíochtaí GCT ó bhithbhreoslaí, ó bhithleachtanna agus ó bhreoslaí bithmhaise dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh, beidh feidhm ag na rialacha sonracha seo a leanas:
 - (a) agus na hastaíochtaí GCT ó ionchuir á gcur san áireamh, i gcás ina n-úsáidtear luachanna caighdeánacha na bhfachtóirí astaíochtaí, cuirfear na cinn a leagtar amach in Iarscríbhinn IX i bhfeidhm;
 - (b) agus na hastaíochtaí ó eastóscadh nó saothrú an amhábhair á gcinneadh, cuirfear an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII i bhfeidhm;
 - (c) agus an laghdú ar astaíochtaí ó charnadh carbóin san ithir á gcinneadh trí bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta (e_{sca}), cuirfear an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn V i bhfeidhm.
3. Féadfaidh Ballstáit AE luachanna nuashonraithe a thíolacadh d'fhachtóirí astaíochtaí a meascán náisiúnta leictreachais a bheidh le breithniú ag an gCoimisiún chun na fachtóirí astaíochta sonracha in Iarscríbhinn IX a thabhairt cothrom le dáta. Tar éis dó na luachanna nuashonraithe sin a mheasúnú, féadfaidh an Coimisiún glacadh leo nó, de rogha air sin, bonn cirt a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann maidir leis na cúiseanna nach ndearna sé amhlaidh. Cuirfear figiúirí nuashonraithe lenar glacadh ar fáil sa roinn a bhaineann le scéimeanna deonacha agus deimhniú ar shuíomh gréasáin EUROPA an Choimisiúin.
4. Ní fhéadfar laghdú ar astaíochtaí ó ghabháil agus stóráil CO₂ (Eccs) a chur san áireamh ach amháin i gcás ina bhfuil fianaise bhailí ann gur gabhadh CO₂ go héifeachtach agus gur stóráladh go sábháilte é i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin ⁽⁵⁾. I gcás ina stóráiltear an CO₂ go geolaíoch, fíoróidh scéimeanna deonacha an fhianaise a sholáthraítear ar shláine an tsuímh stórála agus méid an CO₂ a stóráiltear. I gcás ina ndéanfaidh tríú páirtí an t-iompar nó an stóráil gheolaíoch, féadfar cruthúnas stórála a sholáthar trí na conarthaí ábhartha leis an tríú páirtí sin agus trí shonraisc an tríú páirtí sin.

Airteagal 21

Rialacha sonracha maidir le dramhaíl agus iarmhair

1. Ní chuirfidh scéimeanna deonacha na rialacha agus na díolúintí sonracha le haghaidh dramhaíola agus iarmhar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 i bhfeidhm ach amháin má thagann an t-amhábhair sin faoi raon feidhme na sainmhínte sonracha in Airteagal 2 den Treoir sin.
2. Is ag an bpointe sa slabhra soláthair ina dtionscnaíonn an t-ábhar a chinnfear an mar dhramhaíl nó mar iarmhar a mheasfar amhábhair. Ní mheasfar gur dramhaíl nó iarmhar iad amhábhair i gcás ina ndéanadh iad nó an próiseas chun iad a tháirgeadh a mhodhnú d'aon ghnó chun na hábhair sin a dhearbhu mar dhramhaíl nó mar iarmhair.
3. Ní mheasfar gur dramhaíl nó iarmhair iad an dramhaíl agus na hiarmhair a liostaítear in Iarscríbhinn IV i gcás inar modhnaíodh d'aon ghnó iad chun iad a dhearbhu mar dhramhaíl nó mar iarmhar.
4. Soláthróidh scéimeanna deonacha teoracha agus tacaíocht d'oibreoirí eacnamaíocha maidir le conas a dhéanann siad a mheas má tá amhábhair le meas mar dhramhaíl agus iarmhair. Coimeádfaidh oibreoirí eacnamaíocha an bhunfhianaise le haghaidh a measúnuithe agus cuirfidh siad faoi bhráid iniúchóirí í. Bunófar le scéimeanna deonacha rialacha sonracha maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar fhianaise den sórt sin.
5. Chun ceanglais Airteagal 29(2) de Threoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonadh, fíoróidh scéimeanna deonacha nach mbeidh tionchar diúltach ar cháilíocht na hithreach ná ar stoc carbóin na hithreach ag saothrú dramhaíola talmhaíochta ná iarmhar talmhaíochta. Áiritheofar leis an bhfíorú sin go gcuirfear tacar ábhartha de chleachtais riachtanacha bainistíochta nó faireacháin ithreach i bhfeidhm ar an talamh chun ceapadh carbóin ithreach agus cáilíocht na hithreach a chur chun cinn, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI.
6. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis na cleachtais dá dtagraítear i mír 5 a chur i bhfeidhm, agus go ndéanfaí faireachán orthu ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na n-oibreoirí eacnamaíocha. Ar an leibhéal náisiúnta, fíoróidh scéimeanna deonacha go n-éilíonn an tír thionscnaimh, más Ballstát nó tríú tír í, go gcuirfear cleachtais riachtanacha bainistíochta ithreach i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag buaint iarmhair den sórt sin ar cháilíocht agus ar charbón na hithreach, agus go bhfuil sásraí i bhfeidhm acu chun faireachán a dhéanamh ar chur chun

⁽⁵⁾ Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

feidhme na gcleachtas sin agus chun iad a fhorfheidhmiú. Ar leibhéal na n-oibreoirí eacnamaíocha, fíoróidh scéimeanna deonacha go gcuirtear na cleachtais bhainistíochta sin i bhfeidhm go héifeachtach agus go ndéantar faireachán orthu ar leibhéal na ngabháltas feirme a sholáthraíonn an bhithmhais. I gcás ina n-úsáidfeair iniúchadh grúpa, fíoróidh na scéimeanna deonacha go bhfuil na cleachtais sin á gcur i bhfeidhm ag na hoibreoirí eacnamaíocha uile a chumhdaítear leis an iniúchadh grúpa.

Airteagal 22

Rialacha sonracha maidir le breoslaí carbóin athchúrsáilte agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch

Cuirfidh scéimeanna deonacha de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa scéim an mhodheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 28(5) de Threoir (AE) 2018/2001 a chur i bhfeidhm agus astaíochtaí GCT ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte agus ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch á gcinneadh acu.

Airteagal 23

Rialacha sonracha maidir le comhphróiseáil

1. Ceanglófar le scéimeanna deonacha ar oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa scéim an mhodheolaíocht a leagtar amach i ngníomhartha tarmilgthe arna nglacadh de bhun Airteagal 28(5) de Threoir (AE) 2018/2001 a chur i bhfeidhm agus iad ag cinneadh sciar an bhithbhreosla, agus sciar an bhithgháis le haghaidh iompair, a eascraíonn as bithmhais a bheith á próiseáil le breoslaí iontaise i bpróiseas comhchoiteann.
2. Ceanglófar ar oibreoirí eacnamaíocha doiciméadú iomlán a dhéanamh ar mhéideanna agus ar chineálacha na bithmhaise a thagann isteach sa phróiseas chomh maith leis na méideanna bithbhreosla agus bithgháis a tháirgtear ón mbithmhais sin. Réasúnófar éilimh le fianaise, lena n-áirítear torthaí na dtástálacha rialaithe.
3. Cinnfear an mhinicíocht chun na tástálacha rialaithe dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh trí chastacht agus inathraitheacht phríomhpharaiméadair na comhphróiseála a chur san áireamh, ar bhealach lena n-áirítear go léireoidh sciar na mbithbhreoslaí agus an bhithgháis a éilítear a sciar féin de na bithbhreoslaí agus den bhithghás a éilítear, tráth ar bith.
4. Agus iniúchtaí á ndéanamh, cuirfear béim ar leith ar fhíorú a dhéanamh ar an gcomhsheasmhacht idir méideanna na bithmhaise a thagann isteach sa phróiseas agus méideanna an bhithbhreosla agus an bhithgháis a thaifeadtar mar bhithbhreosla agus bithghás a tháirgtear ón mbithmhais. Chun na críche sin, déanfar an fhianaise a chuirfidh na hoibreoirí eacnamaíocha ar fáil a fhíorú go críochnúil agus déanfar sochreidteacht na n-éileamh a sheiceáil agus a chur i gcomparáid le caighdeán an tionscail. Agus measúnú den sórt sin á dhéanamh, tabharfar aird ar leith ar an modh tástála a chuireann an t-oibreoir eacnamaíoch i bhfeidhm, ar chóras na rialuithe breise a chuirtear i bhfeidhm, agus ar an modh ríofa a úsáidtear chun torthaí na dtástálacha uile a ionchorprú i ríomh an sciar deiridh de bhithbhreoslaí agus de bhithghás. Aon difríocht a shainaithnítear sa mhodh tástála nó aon mhíchruinneas agus torthaí tástálacha den sórt sin á n-ionchorprú ag an oibreoir eacnamaíoch sa ríomh deiridh, caithfidh iniúcháirí leis mar mhór-neamhchomhlíontacht.

CAIBIDIL V

RIALACHA SONRACHA MAIDIR LE COMHLÍONTACHT LEIS NA CEANGLAIS MAIDIR LE DEIMHNIÚ LENA NGABHANN RIOSCA ÍSEAL ILUC

Airteagal 24

Ceanglais shonracha maidir le deimhniú i ndáil le riosca íseal ILUC

1. Cuirfidh scéimeanna deonacha de cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha atá ag iarraidh deimhniú i ndáil le riosca íseal ILUC a fháil iarratas a chur isteach chuig comhlacht deimhniúcháin a bhfuil an inniúlacht aige deimhniú den sórt sin a sheachadadh. Ar ghlacadh leis an iarratas, cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch plan bainistíochta isteach ina mbeidh an fhaisnéis íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII. I gcás ina gcuirtear níos mó ná beart breisióchta amháin i bhfeidhm, déanfar na bearta breisióchta go léir a dhóiciméadú sa phlean bainistíochta.

2. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchadh bonnlíne ar an láthair chun ábhar an phlean bainistíochta a fhíorú, agus chun bonnlíne na táirgeachta dinimiciúla a bhunú agus a dhoiciméadú.
3. Mar chuid den iniúchadh bonnlíne, déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin a mheas an bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar an táirgeacht i gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/807 agus comhlíontacht leis na critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 mar thoradh ar na bearta breisíochta.
4. Na hiniúcháirí a dhéanann an t-iniúchadh bonnlíne thar ceann an chomhlachta deimhniúcháin, léireoidh siad sa tuarascáil iniúcháir bonnlíne aon saincheist inbhuanaitheachta a eascraíonn as cur chun feidhme na mbearta breisíochta a d'fhéadfadh a bheith ina sárú ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta nó réigiúnach nó nach gcomhlíonann coinníollacha sonracha áitiúla. Cuirfear aon saincheist inbhuanaitheachta san áireamh sna hiniúcháirí bliantúla.
5. Eiseoidh scéimeanna deonacha deimhnithe maidir le riosca íseal ILUC i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis an inneachar íosta a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn VIII, agus foilseoidh siad liosta de na deimhnithe sin ar a suíomh gréasáin.
6. I gcás iarratas lena n-áirítear bearta breisíochta a bheidh le cur i bhfeidhm tar éis an deimhniúcháin, beidh an t-iniúchadh bonnlíne, torthaí na tástála breisíochta, agus an bhonnlíne táirgeachta dhinimiciúil bailí go ceann 10 mbliana. I gcás barra ilbhliantúla, féadfaidh oibreoir eacnamaíoch a roghnú moill suas le 2 bhliain a chur ar thús na tréimhse bailíochta 10 mbliana i gcás bearta breisíochta oibríochtúla nó suas le 5 bliana i gcás athchuir.
7. I gcás inar cuireadh na bearta breisíochta i bhfeidhm cheana féin roimh dheimhniúchán, beidh an t-iniúchadh bonnlíne, torthaí na tástála breisíochta, agus an bhonnlíne táirgeachta dhinimiciúil bailí go ceann 10 mbliana ón mbliain tosaigh ina gcuirtear an beart breisíochta chun feidhme. I gcás den sórt sin, féadfar glacadh leis an mbonnlíne i gcás bearta breisíochta arna nglacadh tráth nach mó ná 10 mbliana roimhe sin, fad is atá sonraí leordhóthanacha agus fianaise dhoiciméadach ar fáil lena soláthraítear an leibhéal céanna ráthaíochtaí i gcás ina ndearnadh an t-iniúchadh bonnlíne sular cuireadh na bearta breisíochta chun feidhme.
8. Ní bheidh ach bithmhais bhreise a táirgeadh tar éis dheonú an deimhnithe i ndáil le riosca íseal ILUC incháilithe do dhearbhuí maidir le riosca íseal ILUC. Beidh méid iarbhair na bithmhaise breise bliantúla arna dhearbhuí ag an oibreoir eacnamaíoch faoi réir iniúcháirí bliantúla.
9. Beidh cur chun feidhme an phlean bainistíochta faoi réir iniúcháirí bliantúla chun a fhíorú go gcuirtear ábhar an phlean bainistíochta chun feidhme mar is ceart agus go bhfuil na cainníochtaí bithmhaise a tháirgtear sa bhreis agus a éilítear chun críoch deimhniúcháin maidir le riosca íseal ILUC, in aghaidh na bonnlíne táirgeachta dinimiciúla, i gceart.
10. Féadfaidh oibreoir eacnamaíoch níos mó ná aon bheart breisíochta amháin a chur i bhfeidhm i gcaitheamh na mblianta. I gcás ina gcuirtear dhá bheart breisíochta nó níos mó i bhfeidhm le chéile ar an dáileacht theorannaithe chéanna talún sa bhliain chéanna, déanfar meastóireacht ar an mbithmhais bhreise arna táirgeadh mar thoradh air sin in aghaidh na bonnlíne táirgeachta dinimiciúla céanna. Féadfar an bithmhais bhreise a dheimhniú faoin deimhniú céanna mar bhithmhais lena ngabhann riosca íseal ILUC.
11. I gcás ina gcuirtear dhá bheart breisíochta nó níos mó i bhfeidhm ar an dáileacht theorannaithe chéanna talún ag amanna éagsúla, féadfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch ceann de na roghanna seo a leanas a roghnú:
 - (a) an bhonnlíne táirgeachta dhinimiciúil agus an tástáil bhreisíochta a nuashonrú chun bonnlíne nua a chruthú a bheidh bailí go ceann 10 mbliana eile;
 - (b) an tréimhse bhailíochta bhunaidh 10 mbliana a choinneáil don bhonnlíne táirgeachta dhinimiciúil agus don tástáil bhreisíochta i ndiaidh na chéad bhliana deimhniúcháin.

Airteagal 25

Ceanglais shonracha maidir le breisíocht a chruthú

1. Chun bithbhreoslaí, bithleachtanna, nó breoslaí bithmhaise a dheimhniú mar bhreoslaí lena ngabhann riosca íseal ILUC, fíoróidh scéimeanna deonacha agus comhlachtaí deimhniúcháin a oibríonn thar a gceann go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag oibreoirí eacnamaíocha a mhéadaíonn go héifeachtach táirgiúlacht bunábhair thar an gcás 'gnó mar is gnách'.

I gcás ina gcuirtear bearta den sórt sin i bhfeidhm ar thalamh atá tréigthe nó díghrádaithe go mór, nó i gcás ina gcuireann sealbhóirí beaga i bhfeidhm iad, fíorófar leis an iniúchadh bonnlíne go gcomhlíonann oibreoirí eacnamaíocha ceanglais iomchuí Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807. I ngach cás eile, soláthrófar cruthúnas ar bhreisíocht trí mheasúnú a dhéanamh ar tharraingteacht airgeadais nó ar anailís ar bhacainní.

2. D'fhonn na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 5(1) (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 maidir le bearta breisíochta, bainfidh na hinfeistíochtaí atá beartaithe le tástáil tarraingteachta airgeadais nó le tástáil bacainní neamhairgeadais i gcomhréir le hlarscríbhinn VIII.

3. Ní bheidh bearta incháilithe chun críche deimhnithe i ndáil le riosca íseal ILUC ach amháin i gcás ina bhfuil a dtástáil tarraingteachta airgeadais diúltach, is é sin le rá go bhfuil glanluach láithreach na hinfeistíochta diúltach gan préimh mhargaidh a áireamh, nó i gcás ina léiríonn siad go bhfuil bacainní neamhairgeadais ann nach bhféadfaí a sháru ach amháin toisc gur féidir na bithbhreoslaí, na bithleachtanna agus na breoslaí bithmhaise a tháirgtear ón mbunábhar breise a áireamh i dtreo na spriocanna d'fhuinneamh inathnuaite a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001.

Airteagal 26

Táirgeadh ar thalamh atá neamhúsáidte, tréigthe nó díghrádaithe go mór

1. Chun na ceanglais maidir le táirgeadh ar thalamh atá neamhúsáidte nó tréigthe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (2) agus (3), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 a chomhlíonadh, soláthróidh oibreoirí eacnamaíocha fianaise nár úsáideadh na limistéir teorannaithe chun barra bia agus beatha ná barra fuinnimh eile a shaothrú ná nár úsáideadh iad chun bia agus beatha nó barra fuinnimh eile a shaothrú ná chun aon mhéid mór farae a shaothrú d'ainmhithe innilte ar feadh tréimhse leantach 5 bliana ar a laghad roimh thús shaothrú an bhunábhair a úsáidtear chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a tháirgeadh.

2. Le go gcáileodh talamh mar thalamh thréigthe, cuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch fianaise bhreise ar fáil go ndearnadh barra bia nó beatha a fhás tráth sa limistéar teorannaithe roimh an tréimhse leantach dá dtagraítear i mír 1. Cruthóidh an fhianaise sin freisin gur tháinig deireadh ar an táirgeadh ar chúiseanna bithfhisiceacha nó socheacnamaíocha.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí na teagmhais seo a leanas ar athruithe bithfhisiceacha a mbíonn tionchar díobhálach acu ar fhás barr bia agus beatha, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- (a) méadú ar mhinicíocht na n-eachtraí aimsire tromchúiseacha amhail triomach, stoirmeacha nó tuilte;
- (b) athruithe ar phatrúin teochta séasúraí a mbíonn tionchar acu ar fheineolaíocht plandaí;
- (c) méadú ar lotnaidí agus galair;
- (d) damáiste do chórais uisciúcháin;
- (e) damáiste d'ithir amhail salannú dian, ídiú an ábhair orgánaigh agus creimeadh, rud a fhágann go bhfuil sí 'díghrádaithe go mór'.

3. Féadfar na teagmhais seo a leanas a áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh, ar fhachtóirí socheacnamaíocha a mbíonn drochthionchar acu ar inmharthanacht eacnamaíoch an táirgthe, as a leanann tréigean na talún:

- (a) athruithe ar phraghsanna an mhargaidh: (mar shampla, costais mhéadaithe ionchuir nó saothair, nó an dá cheann acu, nó laghduithe ar an bpraghas a fhaightear ar bharra críochnaithe);
- (b) gan fáil a bheith ar lucht saothair (mar shampla, mar thoradh ar imirce);
- (c) cliseadh ar an slabhra soláthair (mar shampla, trí mhargadh áitiúil nó nasc iompair a dhúnadh);
- (d) díospóidí faoi úinéireacht (mar shampla, i gcomhthéacs oidhreachta);
- (e) éagobhsaíocht pholaitiúil (mar shampla, coigistiú nó náisiúnú na talún).

4. Beidh torthaí na tástála ithreach seo a leanas ag gabháil le hiarratas ar dheimhniú gur táirgeadh bunábhar ar thalamh atá díghrádaithe go mór, mar a shainmhínítear i gcuid C, pointe (9) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, de réir mar is infheidhme:

- (a) i gcás ina bhfuil salannú, torthaí tástála a rinne agranamaí cáilithe ar sheoltacht na hithreach agus úsáid á baint as modh an taois sháithithe;

- (b) i gcás ina bhfuil ábhar orgánach íseal san ithir, torthaí ar líon iomchuí samplaí ithreach ón dáileacht teorannaithe, arna chinneadh ag agranamaí cáilithe, agus úsáid á baint as an modh dócháin thirim;
- (c) i gcás ina bhfuil creimeadh dian, beidh 25 % ar a laghad den dáileacht teorannaithe creimthe de réir mar a chinneann agranamaí cáilithe, agus grianghraif mar thaca leis.

5. I gcás ina gcáileoidh limistéar teorannaithe mar thalamh neamhúsáidte, éireoidh leis i dtástáil bhreisíochta mar a leagtar amach i bpointe (4) d'Iarscríbhinn VIII chun go mbeidh sé incháilithe do dheimhniú i ndáil le riosca íseal ILUC. Limistéir teorannaithe a cháilíonn mar thalamh atá tréigthe nó díghrádaithe go mór, ní cheanglófar orthu go n-éireodh leo sa tástáil bhreisíochta chun go mbeidís incháilithe do dheimhniú i ndáil le riosca íseal ILUC. I gcás táirgthe ar thalamh atá neamhúsáidte, tréigthe nó díghrádaithe, socrófar an bhonnlíne táirgeachta dhinimiciúil ag nialas gan aon líne chúlchéimnithe.

Airteagal 27

Bithmhais bhreise a chinneadh le haghaidh bearta chun táirgeacht a mhéadú

1. Is éard a bheidh sa 'bithmhais bhreise' atá incháilithe do dheimhniú i ndáil le riosca íseal ILUC an méid breise bunábhair a tháirgtear i limistéar atá teorannaithe go soiléir i gcomparáid leis an mbonnlíne táirgeachta dhinimiciúil mar thoradh díreach ar bheart breisíochta a chur i bhfeidhm.
2. Bunófar bonnlíne táirgeachta dhinimiciúil trí thúsphointe a leagan amach, bunaithe ar tháirgeacht stairiúil ón dáileacht teorannaithe, agus líne treochta bunaithe ar threochtaí táirgeachta domhanda don bhunábhar, a chinnfear i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.
3. Déanfar an táirgeacht iarbhrí do dháileacht teorannaithe tar éis cur chun feidhme an bhirt breisíochta a chur i gcomparáid leis an mbonnlíne dá dtagraítear i mír 2. Is é an difríocht idir an táirgeacht iarbhrí agus an bhonnlíne táirgeachta dhinimiciúil an bunábhar breise atá incháilithe lena éileamh go ngabhann riosca íseal ILUC leis.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 28

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó 18 mí tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

NA SONRAÍ ATÁ LE TARCHUR FEADH AN tSLABHRA SOLÁTHAIR INA IOMLÁINE AGUS SONRAÍ IDIRBHIRT

1. Na sonraí atá le tarchur feadh an tslabhra soláthair ina iomláine

- (a) ainm na scéime deonaí nó náisiúnta;
- (b) cruthúnas maidir leis an uimhir inbhuanaitheachta;
- (c) airíonna inbhuanaitheachta agus airíonna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, lena n-áirítear:
 - (i) ráiteas maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-amhábhhar nó an breosla na critéir a leagtar amach in Airteagal 29(2) go (7) de Threoir (AE) 2018/2001;
 - (ii) Sonraí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa arna ríomh de réir na modheolaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 nó Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807;
 - (iii) tuairisc ar an uair a cuireadh tús le hoibriú na suiteála (i gcás breoslaí amháin);
- (d) ainm an amhábhair nó ainm an amhábhair óna dtáirgtear an breosla;
- (e) uimhir ceada dramhaíola nó uimhir ceada seachtháirgí ainmhí (más infheidhme);
- (f) cineál breosla (i gcás breoslaí amháin);
- (g) tír tionscnaimh an amhábhair;
- (h) tír an táirgthe breosla;
- (i) ráiteas maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-amhábhhar nó an breosla na critéir a leagtar amach le haghaidh bithbhreoslaí lena ngabhann riosca íseal go mbeidh athrú indíreach ar thalamhúsáid mar thoradh orthu;
- (j) faisnéis i dtaobh ar tugadh nó nár tugadh tacaíocht do tháirgeadh na coinsíneachta sin, agus más amhlaidh a tugadh, maidir le cineál na scéime tacaíochta.

2. Sonraí idirbhirt

- (a) Ainm agus seoladh chuideachta an tsoláthróra;
 - (b) Ainm agus seoladh chuideachta an cheannaitheora;
 - (c) dáta an luchtaithe (fhisiciúil);
 - (d) áit an luchtaithe (fhisiciúil) nó na saoráide lóistíochtúla nó phointe iontrála an bhonneagair dáileacháin;
 - (e) áit seachadta (fhisiciúil) nó na saoráide lóistíochtúla nó phointe scoir an bhonneagair dáileacháin;
 - (f) toirt: I gcás breoslaí, ní mór cainníocht fuinnimh an bhreosla a chur san áireamh freisin. Chun an chainníocht fuinnimh a ríomh, ní mór na fachtóirí coinbhéartachta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 a úsáid.
-

IARSCRÍBHINN II

INNEACHAR ÍOSTA NA dTUARASCÁLACHA INIÚCHÓIREACHTA, NA dTUARASCÁLACHA INIÚCHÓIREACHTA ACHOIMRE NÓ NA ndEIMHNITHE

A. Inneachar íosta na tuarascála iniúcháireachta

1. Maidir leis an oibreoir eacnamaíoch:

- (a) sonraí teagmhála an phríomheintitis dheimhnithe (ainm agus seoladh na cuideachta, sonraí maidir leis an bpointe teagmhála ainmnithe);
- (b) raon feidhme an deimhniúcháin;
- (c) comhordanáidí domhanfhaid agus domhanleithid (i gcás feirmeacha agus plandálacha atá deimhnithe mar eintitis aonair);
- (d) réimse an deimhniúcháin (i gcás na gcéad phointí bailiúcháin nó feirmeacha agus plandálacha atá deimhnithe ina n-aonar);
- (e) méid measta an ábhair inbhuanaithe a d'fhéadfaí a bhaint gach bliain (i gcás slabhraí soláthair talmhaíochta agus foraoiseachta);
- (f) méid measta an ábhair inbhuanaithe a d'fhéadfaí a bhailiú gach bliain (i gcás pointí bailiúcháin dramhaíola agus iarmhar);
- (g) liosta de na suíomhanna faoi raon feidhme an deimhniúcháin (ainm agus seoladh);
- (h) ábhair ionchuir/aschuir arna láimhseáil (go fisiciúil) ag na suíomhanna deimhnithe – ní mór na haicmithe a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001;
- (i) méid measta an ábhair ionchuir inbhuanaithe a úsáidtear gach bliain (táirgeoirí an táirge deiridh amháin);
- (j) méid measta an ábhair deiridh inbhuanaithe a d'fhéadfaí a tháirgeadh gach bliain (táirgeoirí an táirge deiridh amháin).

2. Maidir leis an gcomhlacht deimhniúcháin:

- (a) sonraí teagmhála (ainm agus seoladh) agus lógó;
- (b) comhdhéanamh na foirne iniúcháireachta;
- (c) comhlacht creidiúnaithe agus raon feidhme agus dáta an chreidiúnúcháin.

3. Maidir leis an bpróiseas iniúcháireachta:

- (a) dáta an iniúchta;
- (b) cúrsa taistil agus fad an iniúchta (roinnte de réir an fhaid a chaitear ar an láthair agus go cianda – i gcás inarb ábhartha);
- (c) caighdeán scéime arna n-iniúchadh/arna ndeimhniú (lena n-áirítear uimhir an leagain);
- (d) suíomhanna arna n-iniúchadh;
- (e) an modh iniúcháireachta (measúnú riosca agus bonn samplála, comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara);
- (f) deimhniú scéimeanna nó caighdeán deonach eile;
- (g) cineál sonraí maidir le gás ceaptha teasa (réamhshocrú, NUTS2 nó luachanna iarbhír – lena n-áirítear faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na bhfachtóirí maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa).

4. Maidir le torthaí an iniúchta:

- (a) áit agus dáta eisiúna;
- (b) liosta de neamhchomhlíonadh arna shainaithint.

B. Inneachar íosta na tuarascála nó an deimhnithe iniúcháireachta ahoimre

1. Maidir leis an oibreoir eacnamaíoch:

- (a) sonraí teagmhála an phríomheintitis dheimhnithe (ainm agus seoladh na cuideachta, sonraí maidir leis an bpointe teagmhála ainmnithe);
- (b) raon feidhme an deimhniúcháin;
- (c) comhordanáidí domhanfhaid agus domhanleithid (i gcás feirmeacha agus plandálacha atá deimhnithe mar eintitis aonair);
- (d) roghnach le haghaidh na gcéad phointí bailiúcháin, pointí tionscnaimh, trádálaithe ag a bhfuil stóráil: liosta de na suíomhanna faoi raon feidhme an deimhniúcháin (ainm agus seoladh);
- (e) ábhair ionchuir/aschuir arna láimhseáil (go fisiciúil) ag na suíomhanna deimhnithe – ní mór na haicmithe a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 (i gcás trádálaithe ag a bhfuil stóráil/gan stóráil, an cineál ábhair a thrádáiltear).

2. Maidir leis an gcomhlacht deimhniúcháin: sonraí teagmhála (ainm agus seoladh) agus lógó

3. Maidir leis an bpróiseas iniúcháireachta:

- (a) dáta an iniúchta;
- (b) caighdeán scéime arna n-iniúchadh/arna ndeimhniú (lena n-áirítear uimhir an leagain);
- (c) suíomhanna arna n-iniúchadh;
- (d) cineál sonraí maidir le gás ceaptha teasa (réamhshocrú, NUTS2 nó luachanna iarbhir – lena n-áirítear faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na bhfachtóirí maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa).

4. Maidir le torthaí an iniúchta:

- (a) uimhir nó cód (uathúil) an deimhnithe;
 - (b) áit agus dáta eisiúna;
 - (c) liosta de neamhchomhlíonadh arna shainaithint;
 - (d) dáta óna mbeidh an deimhniú bailí/dáta ar a mbeidh deireadh le bailíocht an deimhnithe (agus an dáta deimhnithe más infheidhme);
 - (e) stampa agus/nó síniú an pháirtí eisiúna.
-

IARSCRÍBHINN III

LIOSTA D'FHAISNÉIS ATÁ LE TUAIRISCIÚ AG SCÉIMEANNA DEONACHA INA dTUARASCÁLACHA BLIANTÚLA GNÍOMHAÍOCHTA CHUIG AN gCOIMISIÚN

Ní mór do scéimeanna deonacha an fhaisnéis seo a leanas a thuairisciú ina dtuarascálacha bliantúla gníomhaíochta chuig an gCoimisiún:

- (a) rialacha maidir le neamhspleáchas, modh agus minicíocht na n-iniúchtaí arna bhformheas ag an gCoimisiún ar chreidiúnú na scéime deonai agus aon athrú orthu le himeacht ama chun léiriú a thabhairt ar threoraíocht an Choimisiúin, ar an gcreat rialála modhnaithe, ar thorthaí ón bhfaireachán inmheánach ar phróiseas iniúchóireachta na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus ar dhea-chleachtas tionscail a bhfuil athrú ag teacht air.
- (b) rialacha agus nósanna imeachta chun neamhchomhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha agus chomhaltaí na scéime a shainaithint agus déileáil léi.
- (c) fianaise ar na ceanglais dlí maidir le trédhearcacht agus foilsiú faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 6 a chomhlíonadh.
- (d) rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, go háirithe maidir le comhairliúchán le pobail áitiúla agus dúchais sula ndéantar cinneadh le linn na scéime a dhréachtú agus a athbhreithniú agus le linn na n-iniúchtaí chomh maith agus maidir leis an bhfreagairt dá gcuid tuairimí.
- (e) forbheathnú ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an scéim dheonach i gcomhar leis na comhlachtaí deimhniúcháin chun feabhas a chur ar an bpróiseas deimhniúcháin foriomlán agus ar cháilíocht agus ar neamhspleáchas na n-iniúcháirí agus na gcomhlachtaí scéime ábhartha.
- (f) nuashonruithe margaidh na scéime, méid na mbunábhar, na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna, na mbreoslaí bithmhaise, na mbreoslaí carbóin athchúrsáilte agus na mbreoslaí athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch uile atá deimhnithe, de réir tír tionscnaimh agus cineáil, agus an líon rannpháirtithe.
- (g) forbheathnú ar éifeachtúlacht an chórais cur chun feidhme arna chur i bhfeidhm ag comhlacht rialachais na scéime deonai chun cruthúnas ar chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta a thugann an scéim dá comhalta nó dá comhaltaí a rianú. Cumhdófar leis seo, go háirithe, an chaoi a gcuirtear cosc éifeachtach ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha leis an gcóras trína áirithiú go ndéanfar calaois amhrasta agus neamhrialtachtaí eile a bhrath go tráthúil, go rachfar i ngleic leo agus go leanfar á bhfiosrú agus i gcás inarb iomchuí, an líon cásanna calaoise nó neamhrialtachtaí arna mbrath.
- (h) na critéir maidir le haitheantas a thabhairt do chomhlachtaí deimhniúcháin.
- (i) rialacha maidir leis an gcaoi a ndéanfar an córas faireacháin inmheánach agus maidir le torthaí a athbhreithnithe thréimhsiúil, go háirithe maidir le maoirseacht obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin agus a n-iniúcháirí, agus maidir leis an gcóras chun gearáin i gcoinne oibreoirí eacnamaíocha agus comhlachtaí deimhniúcháin a láimhseáil freisin;
- (j) féidearthachtaí chun cur chun cinn na ndea-chleachtas a éascú nó a fheabhsú.
- (k) scéimeanna deonacha lena ndeimhnítear bithmhais foraoiseachta, ní mór a chur san áireamh iontu faisnéis maidir leis an mbealach a ndéantar an measúnú riosca a cheanglaítear in Airteagal 29(6) agus (7) de Threoir (AE) 2018/2001.

IARSCRÍBHINN IV

LIOSTA NEAMH-UILEGHABHÁLACH DE DHRAMHAÍL AGUS D'IARMHAIR A CHUMHDAÍTEAR FAOI LÁTHAIR LE HIARSCRÍBHINN IX A GHABHANN LE TREOIR (AE) 2018/2001

Measfar gur substaintí a thagann faoi chatagóir amhábhair a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 iad na substaintí a liostaítear san iarscríbhinn seo, gan iad a bheith luaite go sainráite. Ní liosta cuimsitheach é seo agus comhlánaíonn sé an liosta atá ann cheana d'ábhair in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

Catagóir in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001	Fochatagóir/samplaí de bhunábhar
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Dramhaíl dí
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Iarmhair agus dramhaíl torthaí/glasraí (eireabaill, duilleoga, gais agus crotail amháin)
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Blaoscanna, craiceann gheal agus deannach pónairí: cócó, caife
Iarscríbhinn IX Cuid A p)	Blaoscanna/crotail agus díorthaigh: crotail soighe
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Iarmhair agus dramhaíl ó tháirgeadh deochanna te: caife meilte spíonta, duilleoga tae spíonta
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Screamh dramhaíola déiríochta
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Ola dramhaíola bia: ola a bhaintear as bia dramhaíola ón tionscal
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Iarmhair agus dramhaíl gránach nach bhfuil inite ó mhuilleáil agus ó phróiseáil gráinní: cruithneacht, arbhar, eorna, rís
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Iarmhair agus dramhaíl ó eastóscadh ola olóige: clocha olóige
Iarscríbhinn IX Cuid A p)	Iarmhair ó bhuaint na talmhaíochta
Iarscríbhinn IX Cuid A q)	Froinn pailme, tamhan pailme
Iarscríbhinn IX Cuid A q)	Crainn a bhfuil damáiste déanta orthu
Iarscríbhinn IX Cuid A p)	Beatha/farae ó bhán nár úsáideadh
Iarscríbhinn IX Cuid B b)	Ola éisc dramhaíola atá aicmithe mar chatagóir 1 agus 2 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Dramhaíl eile ó sheamlas (iarmhair ainmhithe (neamhshaille) de Chatagóir 1)
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Fuíolluisce agus díorthaigh thionsclaíocha
Iarscríbhinn IX Cuid A g)	Ola sloda pailme
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Síothluithe stórála tionsclaíocha
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	An codán bithghineach de bhoinn a bhfuil a ré caite
Iarscríbhinn IX Cuid A q)	Adhmad athchúrsáilte/dramhaíola
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	Húiminí
Iarscríbhinn IX Cuid A d)	ithir tuartha spíonta

IARSCRÍBHINN V

MODHEOLAÍOCHT CHUN AN LAGHDÚ AR ASTAÍOCHTAÍ Ó CHARNADH CARBÓIN SAN ITHIR A BHUÍ LE BAINISTIÚ FEABHSAITHE TALMHAÍOCHTA A CHINNEADH

Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a dteastaíonn uathu laghduithe ar astaíochtaí ó charnadh carbóin san ithir a bhúil le bainistiú feabhsaithe talmhaíochta (e_{sca}) i dtéarmaí graim de choibhéis CO₂ in aghaidh an MJ (gCO₂eq/MJ) a éileamh, ba cheart dóibh an fhoirmle seo a leanas a úsáid chun a luachanna iarbhrí a ríomh:

$$e_{sca} = (CS_A - CS_R) \times 3.664 \times 10^6 \times \frac{1}{n} \times \frac{1}{P} - e_f$$

I gcás inarb ionann:

CS _R	agus mais an stoic carbóin san ithir in aghaidh an aonaid achair a bhaineann le cleachtas bainistíochta an bhairr tagartha in Mg de C in aghaidh an heicteáir.
CS _A	agus mais an stoic carbóin measta san ithir in aghaidh an aonaid achair a bhaineann le cleachtais bhainistíochta an bhairr iarbhrí tar éis 10 mbliana ar a laghad de bheith i bhfeidhm in Mg de C in aghaidh an heicteáir.
3.664	agus an líon a fhaightear nuair a roinntear meáchan móilíneach CO ₂ (44,010 g/mol) ar mheáchan móilíneach carbóin (12,011 g/mol) in g CO ₂ eq/g C.
n	agus tréimhse (i mblianta) shaothrú an bhairr a mheastar.
P	agus táirgiúlacht an bhairr (arna tomhas mar fhuinneamh bithbhreosla nó bithleachta MJ in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana).
e _f	astaíochtaí ó mhéadú ar úsáid leasachán nó luibhicídí

Áirítear le cleachtais bainistíochta talmhaíochta feabhsaithe, a ghlactar chun laghduithe ar astaíochtaí ó charnadh carbóin san ithir a bhaint amach, athrú go síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, barra cumhdaigh a úsáid, lena n-áirítear bainistiú iarmhar bairr, agus feabhsaitheoirí orgánacha ithreach a úsáid (e.g. múirín, coipeadh aoiligh, díléiteán, bithghualach etc.).

Beidh ríomh luachanna iarbhrí CS_R agus CS_A bunaithe ar thomhais na stoc carbóin san ithir. Déanfar a thomhas CS_R ar leibhéal na feirme sula ndéanfar na cleachtais bhainistíochta a athrú chun bonnlíne a bhunú, agus ansin CS_A déanfar a thomhas go tráthrialta, tráth nach déanaí ná 5 bliana óna chéile.

Beidh aeráid agus ithir den chineál céanna sa limistéar iomlán ar ina leith a ríomhfar na stoic charbóin san ithir, agus beidh stair bainistíochta den chineál céanna aige freisin i dtéarmaí curaíochta agus ionchur carbóin san ithir. I gcás nach gcuirfear na cleachtais bainistíochta feabhsaithe i bhfeidhm ach ar chuid den fheirm, ní fhéadfar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a éileamh ach amháin don limistéar a chumhdaítear leo. I gcás ina gcuirfear cleachtais bainistíochta feabhsaithe éagsúla i bhfeidhm ar fheirm aonair, déanfar éileamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh agus a éileamh ar bhonn aonair do gach cleachtas e_{sca} .

Chun luaineachtaí laghdaithe ó bhliain go bliain a áirithiú maidir leis na stoic charbóin a thomhaistear san ithir agus earráidí gaolmhara a laghdú, féadfar goirt a bhfuil na hairíonna céanna ithreach agus aeráide iontu, ag a bhfuil stair bainistíochta den chineál céanna i dtéarmaí curaíochta agus ionchur carbóin san ithir agus a bheidh faoi réir an chleachtais bainistíochta feabhsaithe céanna, féadfar iad a ghrúpáil, lena n-áirítear na goirt sin ar le feirmeoirí éagsúla iad.

Tar éis an chéad tomhais ar an mbonnlíne, is féidir an méadú ar an gcarbóin san ithir a mheas bunaithe ar thurgnaimh ionadaíocha nó ar shamhlacha ithreach, sula ndéanfar an dara tomhas ar an méadú ar stoc carbóin. Ón dara tomhas ar aghaidh, beidh na tomhais ina mbunús deiridh chun luachanna iarbhrí an mhéadaithe ar an stoc carbóin san ithir a chinneadh.

Tar éis an dara tomhas, áfach, ní cheadófar samhaltú chun oibreoirí eacnamaíoch a chumasú chun an méadú bliantúil ar stoic charbóin san ithir a mheas ach amháin go dtí an chéad tomhas eile i gcás ina ndearnadh na samhlacha arna n-úsáid a chalabhrú bunaithe ar na fíorluachanna arna dtomhas. Beidh sé d'oibleagáid ar na hoibreoirí eacnamaíocha na samhlacha arna mbailíochtú ag na scéimeanna deonacha a úsáid, agus iad sin amháin. Beidh sé d'oibleagáid ar scéimeanna deonacha na hoibreoirí eacnamaíocha agus na comhlachtaí deimhniúcháin, a bhfuil iniúchtaí á ndéanamh acu thar a gceann, a chur ar an eolas maidir leis na samhlacha a bhailíochtaigh siad don úsáid sin.

Cuirfear san áireamh leis na samhlacha a úsáidfear stair bainistíochta éagsúil na n-ithreach, an aeráide agus na ngort chun dinimicí carbóin san ithir a ionsamhlú. Beidh sé d'oibleagáid ar an scéim dheonach tuarascáil mhionsonraithe a ullmhú, ina gcuirfear i láthair an modh samhaltaithe bailíochtaíthe a úsáidfear agus na toimhdí foluiteacha a bheidh inti. Na luachanna iarbhir deiridh gaolmhara a bhunaítear bunaithe ar thorthaí an tomhais ar an ithir, úsáidfear iad chun na héilimh bhliantúla ar laghdúithe ar astaíochtaí ó charnadh carbóin san ithir a bhuí le bainistiú feabhsaithe talmhaíochta (e_{sca}) a choigeartú, a dhéanfar ar bhonn an tsamhaltaithe.

Chun laghdúithe ar astaíochtaí ó charnadh carbóin san ithir a bhuí le bainistiú feabhsaithe talmhaíochta (e_{sca}) a éileamh, déanfaidh saotharlanna deimhnithe tomhais ar stoic charbóin san ithir agus coinneofar samplaí le haghaidh tréimhse 5 bliana ar a laghad chun críoch iniúcháireachta.

Ceanglóidh scéimeanna deonacha ar an bhfeirmeoir nó ar an oibreoir eacnamaíoch gealltanais fadtéarmach a dhéanamh go leanfaidh siad de chur i bhfeidhm cleachtas bainistíochta feabhsaithe le haghaidh 10 mbliana ar a laghad chun laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur san áireamh. Féadfar gealltanais den sórt sin a chur chun feidhme mar ghealltanais in-athnuaite 5 bliana.

Mura gcomhlíontar an critéar sin, cuirfear isteach luachanna e_{sca} uile na bliana reatha don fheirmeoir nó don oibreoir eacnamaíoch mar astaíochtaí le hastaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa an bhairr fuinnimh arna sholáthar, seachas iad a bhaint mar laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus mar thoirmeasc ar luach e_{sca} a chur san áireamh i ríomhanna gás ceaptha teasa ar feadh 5 bliana, is cuma cén scéim deimhniúcháin a úsáidfear. Má shínítear gealltanais in ainm oibreora eacnamaíoch thar ceann roinnt feirmeoirí agus i gcás ina dtarraingeoidh ceann de na feirmeoirí sin siar go luath, ní bheidh feidhm ag na pionóis thuasluaite ach maidir leis an bhfeirmeoir lena mbaineann agus ní bheidh feidhm acu maidir le gealltanais uile an oibreora eacnamaíoch. Beidh sé d'oibleagáid ar an scéim dheonach a d'eisigh an deimhniú na pionóis a fhorfheidhmiú agus gach scéim dheonach eile a chur ar an eolas go cuí, mar aon leis an bhfaisnéis seo a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin agus í a chur san áireamh sna tuarascálacha bliantúla gníomhaíochta atá le cur chuig an gCoimisiún.

Ina theannta sin, ceanglófar tréimhse leanúnach 3 bliana ar a laghad le haghaidh chur i bhfeidhm an chleachtais bainistíochta feabhsaithe sula bhféadfar éileamh a dhéanamh.

I gcás uasluach iomlán an éilimh bhliantúil a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le laghdúithe ar astaíochtaí ó charnadh carbóin san ithir a bhuí le bainistiú talmhaíochta feabhsaithe (e_{sca}), cuirfear uasteorainn leis ag 45 g CO₂eq/MJ de bhithbhreosla nó de bhithleacht le haghaidh na tréimhse iomláine de chur i bhfeidhm chleachtais Esca, i gcás ina n-úsáidtear bithghualach mar fheabhsaitheoir orgánach ithreach ina aonar nó i dteaglaim le cleachtais e_{sca} incháilithe eile. I ngach cás eile, is éard a bheidh san uasteorainn dá tagraítear thuas 25 g CO₂eq/MJ de bhithbhreosla nó de bhithleacht le haghaidh na tréimhse iomláine de chur i bhfeidhm chleachtais e_{sca} .

Táirgeoirí príomhúla nó oibreoirí eacnamaíocha, atá rannpháirteach i gcleachtais incháilithe e_{sca} cheana féin agus a bhfuil éilimh Esca faoi seach déanta acu roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur chun feidhme seo, féadfaidh siad uasteorainn 45 g CO₂eq/MJ de bhithbhreosla nó de bhithleacht a chur i bhfeidhm in idirthréimhse go dtí go ndéanfar an chéad tomhas ar an méadú ar stoc carbóin ag an 5^ú bliain. I gcás den sórt sin, beidh an méadú tomhaiste ar stoc carbóin ag an 5^ú bliain ina uasteorainn le haghaidh na n-éileamh bliantúil atá le déanamh sa tréimhse 5 bliana ina dhiaidh sin. Sa chéad tomhas ar an méadú ar stoc carbóin ag an 5^ú bliain, i gcás inar airde an méadú bliantúil iomlán ar stoc carbóin i gcomparáid leis na héilimh bhliantúla arna ndéanamh, is féidir le táirgeoirí príomhúla agus le hoibreoirí eacnamaíocha an difríocht bhliantúil a éileamh sna blianta ina dhiaidh sin chun méadúithe níos ísle ar stoc carbóin a chúiteamh. Faoi seach, sa chéad tomhas ar an méadú ar stoc carbóin ag an 5^ú bliain, i gcás inar ísle an méadú bliantúil iomlán ar stoc carbóin i gcomparáid leis na héilimh bhliantúla arna ndéanamh, ní mór do tháirgeoirí príomhúla agus do oibreoirí eacnamaíocha an difríocht bhliantúil a bhaint dá réir dá n-éilimh sna 5 bliana ina dhiaidh sin.

I gcás inar cuireadh tús le cleachtais bainistíochta talmhaíochta feabhsaithe incháilithe (e_{sca}) san am a chuaigh thart ach nach ndearnadh aon éileamh Esca roimhe sin, ní fhéadfar éilimh Esca chúlghabhálacha bhliantúla a dhéanamh ach ar feadh tréimhse nach faide ná 3 bliana roimh thráth E_{sca} a dheimhniú. Beidh sé d'oibleagáid ar an oibreoir eacnamaíoch fianaise leordhóthanach maidir le tús chur i bhfeidhm na gcleachtas feirmeoireachta feabhsaithe a sholáthar. I gcás den sórt sin, féadfar an meastachán ar luach CS_R a bhunú ar thomhas comparáideach ar ghort comharsanach nó ar ghort eile ina bhfuil dálaí aeráide agus ithreach den chineál céanna, agus ag a bhfuil stair bainistíochta goirt den chineál céanna. Mura bhfuil aon sonra le fáil ó ghort den sórt sin, féadfar luach measta CS_R a bhunú ar shamhaltú. Sa chás sin, déanfar an chéad tomhas láithreach, ag tráth an ghealltanais. Ní mór an chéad tomhas eile ar an méadú ar stoc carbóin a dhéanamh 5 bliana ina dhiaidh sin.

Déanfar na hastaíochtaí méadaithe a eascraíonn as an méadú ar úsáid leasachán agus luibhicídí de bharr chur i bhfeidhm na gcleachtas bainistíochta feabhsaithe a mheas. Chun na críche sin, soláthrófar fianaise leordhóthanach maidir le húsáid stairiúil leasachán agus luibhicídí a áireofar mar an meán ar feadh na 3 bliana roimh chur i bhfeidhm na gcleachtas talmhaíochta nua. Féadfar rannchuidiú na mbarr fosaithe nítrigine a úsáidfear chun an gá le leasacháin bhreise a laghdú a mheas sna ríomhanna.

Cuirfear na rialacha seo a leanas i bhfeidhm maidir le sampláil:

1. Modh samplála ionadaíoch:

- (a) déanfar sampláil le haghaidh gach dáileachta nó goirt;
- (b) glactar sampla alpaire amháin ar a laghad de 15 fhoshampla dhea-dháilte in aghaidh gach 5 heicteár nó in aghaidh an ghóirt, cibé acu is lú (agus ilchineálacht chion carbóin na dáileachta á cur san áireamh);
- (c) goirt níos lú ina bhfuil dálaí aeráide, cineál ithreach, cleachtas feirmeoireachta tagartha agus cleachtas e_{sca} den chineál céanna, féadfar iad a ghrúpáil;
- (d) déanfar sampláil san earrach roimh shaothrú agus leasachán na hithreach nó san fhómhar, 2 mhí ar a laghad tar éis na buainte;
- (e) déanfar tomhais dhíreacha ar athruithe ar an stoc carbóin san ithir don chéad 30 cm den ithir;
- (f) úsáidfear pointí na samplála tosaigh chun bonnlíne na stoc carbóin san ithir a thomhas faoi fhíorchoinníollacha úsáide comhionanna (go háirithe taise na hithreach);
- (g) Beidh an prótacal samplála dea-dhoiciméadaithe.

2. An cion carbóin san ithir a thomhas:

- (a) déanfar ithirshamplaí a thriomú, a chriathrú agus, más gá, a mheilt;
- (b) má úsáidtear an modh dócháin, eisiafar carbón neamhorgánach.

3. Dlús toirte tirim a chinneadh:

- (a) cuirfear san áireamh athruithe ar dhlús toirte le himeacht ama;
- (b) ba cheart dlús toirte a thomhas trí úsáid a bhaint as an modh tapála, is é sin le rá trí shorcóir a thapáil isteach san ithir go meicniúil, rud lena laghdaítear go mór aon earráid a bhaineann le dlús toirte a thomhas;
- (c) i gcás nach féidir an modh tapála a dhéanamh, go háirithe le hithreacha gainmheacha, úsáidfear modh iontaofa ina ionad;
- (d) ba cheart samplaí a thriomú san oigheann sula ndéanfar iad a mheá.

Déanfaidh comhlachtaí deimhniúcháin cur i bhfeidhm na modheolaíochta thuasluaite maidir le e_{sca} agus ríomh luachanna na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa iarbhir a fhíorú go cuí agus a dhoiciméadú i dtuarascálacha iniúchóireachta. Tá sé d'oibleagáid ar scéimeanna deonacha treoraíocht mhionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm na modheolaíochta seo a eisiúint, lena n-áirítear treoraíocht maidir lena samhlaithre bailíochtaithe, chuig oibreoirí eacnamaíocha agus comhlachtaí deimhniúcháin agus chun tacú lena n-iniúcháirí ina dtascanna iniúchóireachta freisin. Beidh sé d'oibleagáid ar scéimeanna deonacha freisin faisnéis staidrimh mionsonraithe agus aiseolas cáilíochtúil maidir le cur chur chun feidhme mhodheolaíocht e_{sca} a áireamh ina dtuarascálacha bliantúla gníomhaíochta atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán cuí ar chur chun feidhme mhodheolaíocht e_{sca} mar chuid den fhaireachán a dhéanfaidh sé ar ghníomhaíochtaí na scéime deonaí lena gcuimhdaítear *inter alia*:

- Cur chun feidhme an tionscadail, lena cheart go bhféadfaí, i measc nithe eile, meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí samhaltaithe i gcomparáid leis na tomhais allamuigh;
- Éilimh agus torthaí a chur i gcomparáid le meastacháin sháithiú SOC chun critéir agus moltaí agus ceanglais fhéideartha a dhíorthú le haghaidh cothabháil fhadtéarmach cothromaíochta ar leith chun torthaí san fhadtéarma a chinntiú;
- Moltaí agus ceanglais a dhíorthú le haghaidh roghnú agus calabhrú samhla iomchuí, agus le haghaidh táscairí iontaofa maidir le torthaí na samhla freisin.

Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige modheolaíochta ar a dtugtar tuairisc san iarscríbhinn seo agus ar na huasteorainneacha a chuirtear i bhfeidhm ar na héilimh bhliantúla ar charnadh stoic carbóin, bunaithe ar thorthaí an fhaireacháin seo nó leis an aidhm é a ailíniú le heolas a bhfuil athrú ag teacht air nó le reachtaíocht nua sa réimse seo amach anseo (i.e. tionscnamh feirmeoireachta carbóin an Aontais).

IARSCRÍBHINN VI

**LIOSTAÍ NEAMH-UILEGHABHÁLACHA SAMPLAÍ DE CHLEACHTAIS RIACHTANACHA
BAINISTÍOCHTA AGUS FAIREACHÁIN CHUN CEAPADH CARBÓIN SAN ITHIR AGUS
CÁILÍOCHT NA HITHREACH A CHUR CHUN CINN AGUS CHUN FAIREACHÁN A DHÉANAMH
ORTHU**

Tábla 1.

Samplaí de chleachtais riachtanacha bainistíochta ithreach chun ceapadh carbóin san ithir (i bhfianaise na heaspa iarmhar) agus cáilíocht na hithreach a chur chun cinn

Ceanglas	Paraiméadar cháilíocht na hithreach
Uainíocht 3 bharr ar laghad, lena n-áirítear léagúim nó aoileach glas sa chóras curaíochta, agus na ceanglais agraamaíocha maidir le comharbas na mbarr atá sonrach do gach barr a fhástar agus do dhálaí aeráide á gcur san áireamh. Is uainíocht amháin atá i mbarr cumhdaigh ilspeiceas idir barra margaidh.	Torthúlacht ithreach a chur chun cinn, carbón ithreach, creimeadh ithreach a theorannú, bithéagsúlacht ithreach agus rialú pataigine a chur chun cinn
Barra breise/barra cumhdaigh/barra idirmheánacha a chur trí úsáid a bhaint as meascán speiceas, atá iomchuí ó thaobh na háite, ina bhfuil léagúim amháin ar a laghad. Le cleachtais bainistíochta barr, ba cheart cumhdach íosta ithreach a áirithiú chun ithir lom a sheachaint le linn na dtréimhsí is íogaire.	Torthúlacht ithreach a chur chun cinn, carbón a choinneáil san ithir, creimeadh ithreach a sheachaint, bithéagsúlacht ithreach
Balcadh ithreach a chosc (ba cheart minicíocht agus uainiú na n-oibríochtaí allamuigh a phleanáil chun trácht ar ithir fhliuch a sheachaint; ba cheart oibríocht curaíochta a sheachaint nó a laghdú go mór ar ithreacha fliucha; féadfar pleanáil tráchta rialaithe a úsáid).	Struchtúr na hithreach a choinneáil, creimeadh ithreach a sheachaint, bithéagsúlacht ithreach a choinneáil
Cosc ar choinleach arúil a loscadh, ach amháin i gcás ina bhfuil díolúine deonaithe ag an údarás ar chúiseanna sláinte plandaí.	Carbóin a choinneáil san ithir, éifeachtúlacht acmhainní
I gcás ithreacha aigéadacha ar a ndéantar aoladh, i gcás ina ndéantar ithreacha a dhíghrádú agus i gcás ina bhfuil tionchar ag aigéadú ar tháirgiúlacht na mbarr.	Struchtúr ithreach, bithéagsúlacht ithreach, carbón ithreach feabhsaithe
Curaíocht a laghdú/gan aon churaíocht - Rialú creimthe – leasuithe orgánacha a chur leis (bithghualach, múirín, aoileach, iarmhair barr) – barra cumhdaigh a úsáid, athfhliuchadh Athfhásrú: cur (athrú speiceas, cosaint le móta tuí) - gnéithe tírdhreacha - agraforaoiseacht	An carbón orgánach san ithir mhéadú

Tábla 1.

Samplaí de chleachtais faireacháin maidir le cáilíocht na hithreach agus tionchair ó mhaolú carbóin

Cur chuige faireacháin	An modh fíorúcháin/léiriúcháin
Measúnú riosca	Trí réimsí lena mbaineann riosca ard go laghdófar cáilíocht na hithreach a shainaithint, cuidítear leis na rioscaí sin a chosc agus dírtéar ar réimsí ag a bhfuil an tionchar is mó.
Anailís ar ábhar orgánach san ithir	Le sampláil chomhsheasmhach a dhéanamh ar ábhar orgánach san ithir, cuirtear feabhas ar fhaireachán ionas gur féidir an t-ábhar seo a choinneáil ar bun nó a fheabhsú.
Anailís ar charbón orgánach san ithir	Meastar gur marcóir maith é carbón orgánach san ithir le haghaidh cáilíocht ithreach níos leithne.
Sampláil innéacs maidir le riochtú ithreach	Le luach dearfach, léirítear go bhfuil coinne ann go mbeidh méadú ar an ábhar orgánach san ithir.
Measúnú ar chreimeadh ithreach	Áirithítear leis go bhfuil creimeadh faoi bhun leibhéil inghlactha, e.g. leibhéil 't' de chuid Sheirbhis Taighde Talmhaíochta Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe.
Plean bainistíochta cothaitheach	Le plean ina leagtar amach straitéis cothaitheach (lena ndírítear go príomha ar N, P, K) agus le córais leasacháin, is féidir míchothromaíochtaí cothaitheach a chosc.
Anailís thráthrialta ar pH na hithreach	Le faireachán a dhéanamh ar pH, cuidítear le míchothromaíochtaí in pH a shainaithint.

IARSCRÍBHINN VII

**MODHEOLAÍOCHT CHUN NA HASTAÍOCHTAÍ Ó EASTÓSCADH NÓ Ó SHAOTHRÚ
AMHÁBHAR A CHINNEADH**

Chun na hastaíochtaí ó eastóscadh nó ó shaothrú na n-amhábhar a ríomh, luaitear i gCuid C, pointe 5 d'Iarscríbhinn V agus i gCuid B, pointe 5 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 go n-áireofar sa ríomh suim na n-astaíochtaí uile ón bpróiseas eastósctha nó saothraithe féin; ó bhailiú, triomú agus stóráil na n-amhábhar; ó dhramhaíl agus ó sceitheadh; agus ó tháirgeadh ceimiceán nó táirgí a úsáidfeadh san eastóscadh nó sa saothrú.

Cuirfear gabháil CO₂ i saothrú na n-amhábhar as an áireamh. Féadfar meastacháin ar astaíochtaí ó shaothrú bithmhaise talmhaíochta a dhíorthú as meáin réigiúnacha le haghaidh astaíochtaí ó shaothrú atá san áireamh sna tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 31(4) de Threoir (AE) 2018/2001 a úsáid nó as an bhfaisnéis faoi na luachanna réamhshocráithe dí-chomhiomlánaithe le haghaidh astaíochtaí ó shaothrú atá san áireamh san Iarscríbhinn seo, mar mhalairt ar luachanna iarbhair a úsáid. Murab ann d'fhaisnéis ábhartha sna tuarascálacha sin is féidir meáin a ríomh bunaithe ar chleachtais feirmeoireachta áitiúla, mar shampla ar shonraí grúpa feirmeacha mar mhalairt ar luachanna iarbhair a úsáid.

ASTAÍOCHTAÍ ÓN BPRÓISEAS EASTÓSCTHA NÓ SAOTHRAITHE FÉIN

Áireofar sna hastaíochtaí ón bpróiseas eastósctha nó saothraithe féin na hastaíochtaí uile ó (i) sholáthar na mbreoslaí le haghaidh innealra feirme a úsáidtear; (ii) táirgeadh an ábhair síolaithe le haghaidh shaothrú na mbarr; (iii) táirgeadh leasachán agus lotnaidicídí; (iv) aigéadú leasacháin agus aoladh a chur i bhfeidhm; agus (v) astaíochtaí ithreach ó shaothrú na mbarr.

1.1. Úsáid breosla (ola dhíosail, gásailín, ola bhreosla throm, bithbhreoslaí nó breoslaí eile) le haghaidh innealra feirme

Áireofar sna hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaothrú na mbarr (ullmhú an ghoirt, síolú, leasachán agus lotnaidicídí a chur i bhfeidhm, buaint, bailiú) na hastaíochtaí uile ó úsáid breoslaí (amhail ola dhíosail, gásailín, ola bhreosla throm, bithbhreoslaí nó breoslaí eile) in innealra feirme. Déanfar méid an bhreosla a úsáidfeadh in innealra feirme a dhoiciméadú go cuí. Ní mór fachtóirí iomchuí astaíochta na mbreoslaí a úsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn IX. I gcás ina n-úsáidtear bithbhreoslaí, ní mór na hastaíochtaí gás ceaptha teasa réamhshocráithe a leagtar amach i dTreoir 2018/2001 a úsáid.

1.2. Leasacháin agus lotnaidicídí ceimiceacha

Áireofar sna hastaíochtaí ó úsáid leasachán agus lotnaidicídí ceimiceacha⁽¹⁾ le haghaidh shaothrú na n-amhábhar na hastaíochtaí uile a bhaineann le monarú leasachán agus lotnaidicídí ceimiceacha. Déanfar méid na leasachán agus na lotnaidicídí ceimiceacha, ag brath ar an mbarr, ar dhálaí áitiúla agus ar chleachtais feirmeoireachta, a dhoiciméadú go cuí. Ní mór fachtóirí iomchuí astaíochta, lena n-áirítear astaíochtaí réamhtheachtacha, a úsáid chun cuntas a thabhairt ar astaíochtaí ó tháirgeadh leasachán agus lotnaidicídí ceimiceacha de bhun Iarscríbhinn IX. Má tá aithne ag an oibreoir eacnamaíoch ar an monarcha a tháirgeann an leasachán agus má thagann sé faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS), féadfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch na hastaíochtaí táirgthe arna ndearbhú faoi ETS a úsáid, agus na hastaíochtaí réamhtheachtacha le haghaidh gás nádúrtha etc. á chur leis. Áireofar ann freisin iompar na leasachán trí úsáid a bhaint as na hastaíochtaí ó na modhanna iompair a liostaítear in Iarscríbhinn IX. Mura bhfuil aithne ag an oibreoir eacnamaíoch ar an monarcha a sholáthraíonn an leasachán, ba cheart dó na luachanna caighdeánacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IX a úsáid.

1.3. Ábhar síolaithe

Bunófar ríomh na n-astaíochtaí saothraithe ó tháirgeadh an ábhair síolaithe le haghaidh shaothrú na mbarr ar na sonraí iarbhair maidir leis an ábhar síolaithe a úsáidtear. Féadfar na fachtóirí astaíochta maidir le táirgeadh agus soláthar an ábhair síolaithe a úsáid chun cuntas a thabhairt ar na hastaíochtaí a bhaineann le táirgeadh na síolta. Ní mór na luachanna caighdeánacha le haghaidh fachtóirí astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a úsáid. I gcás síolta eile, ní mór luachanna litríochta ón ordlathas seo a leanas a úsáid.

(a) leagan 5 de thuarascáil JEC-WTW;

(b) bunachar sonraí Ecoinvent;

(c) foinsí 'oifigiúla', amhail an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) nó rialtais;

(d) foinsí sonraí athbhreithnithe eile, amhail bunachar sonraí E3, bunachar sonraí GEMIS;

⁽¹⁾ Ciallaíonn 'lotnaidicídí' gach táirge cosanta plandaí, lena n-áirítear luibhicídí, feithidicídí, fungaicídí, etc.

- (e) foilseacháin phiarmheasúnaithe;
- (f) féinmheastacháin atá doiciméadaithe go cuí.

1.4. Astaíochtaí ó aigéadú leasacháin agus ó chur i bhfeidhm aoil

Is éard a bheidh sna hastaíochtaí ó neodrú aigéadaithe leasacháin agus ó chur i bhfeidhm aoil talmhaíochta na hastaíochtaí CO₂ ó neodrú na haigéadachta ó leasacháin nítrigine nó ó imoibrithe aoil talmhaíochta san ithir.

1.4.1. Astaíochtaí ó neodrú aigéadaithe leasacháin

Na hastaíochtaí a bheidh ann mar thoradh ar an aigéadú de bharr leasacháin nítrigine a úsáid sa ghort, cuirfear san áireamh iad i ríomh na n-astaíochtaí bunaithe ar mhéid na leasacháin nítrigine a úsáidtear. I gcás leasacháin níotráite, is éard a bheidh sna hastaíochtaí ó neodrú na leasacháin nítrigine san ithir 0.783 kg CO₂/kg N; i gcás leasacháin úiré, is éard a bheidh sna hastaíochtaí neodraithe 0.806 kg CO₂/kg N.

1.4.2. Astaíochtaí ithreach ó aoladh (aol talmhaíochta)

Déanfar fiormhéid an aoil talmhaíochta a úsáidfear a dhoiciméadú go cuí. Ríomhfár na hastaíochtaí mar a leanas:

1. Maidir le hithreacha aigéadacha, i gcás inar lú an pH ná 6.4, tuaslagtar aol talmhaíochta le haigéid na hithreach chun CO₂, seachas décharbónáit, a chruthú den chuid is mó, lena scaoiltear beagnach an CO₂ uile isteach san aol talmhaíochta (0.44 kg CO₂/kg CaCO₃ de choibhéis aoil talmhaíochta).
2. I gcás inar mó pH na hithreach ná 6.4 nó i gcás ina bhfuil sé cothrom leis sin, cuirfear san áireamh sa ríomh fachtóir astaíochta $0.98/12.44 = 0.079$ kg CO₂/(kg CaCO₃-coibhéis) d'aol talmhaíochta a chuirtear i bhfeidhm, chomh maith leis na hastaíochtaí de bharr neodrú an aigéadaithe mar thoradh ar an leasachán.
3. Na hastaíochtaí aolta arna ríomh ó úsáid iarbhair aoil, arna ríomh i bpointí 1 agus 2 thuas, féadfaidh siad a bheith níos mó ná na hastaíochtaí neodraithe leasacháin arna ríomh in 1.4.1 i gcás inar neodraíodh an t-aigéadú leasacháin leis an aol a cuireadh i bhfeidhm. I gcás den sórt sin, féadfar na hastaíochtaí neodraithe leasacháin (in 1.4.1) a dhealú ó na hastaíochtaí aolta arna ríomh ionas nach gcomhairfear iad faoi dhó.

Féadfaidh na hastaíochtaí ó aigéadú leasacháin a bheith níos mó ná na hastaíochtaí ó aoladh. I gcás den sórt sin, bheadh glanastaíochtaí diúltacha aolta ann, is cosúil, de thoradh an dealaithe toisc nach bhfuil an t-aigéadú leasacháin uile neodraithe ag an aol talmhaíochta, ach go páirteach ag carbónáití a fhaightear go nádúrtha freisin. Sa chás sin, is nialasach a áireofar na glanastaíochtaí aolta, ach déanfar na hastaíochtaí aigéadaithe leasacháin a tharlaíonn ar aon nós a choinneáil ar bun i gcomhréir le roinn 1.4.1.

Mura bhfuil fáil ar shonraí maidir le húsáid iarbhair aoil talmhaíochta, glacfar le húsáid an aoil talmhaíochta a mhol an Comhlachas um Aol Talmhaíochta. Beidh sé seo ina fheidhm den chineál bairr, de pH na hithreach a thomhaistear, den chineál ithreach agus den chineál ábhair aolta. Ríomhfár na hastaíochtaí CO₂ a ghabhann leis trí úsáid a bhaint as pointí 1 agus 2 den nós imeachta thuasluaite. Ní chuirfear an dealú a shonraítear i bpointe 3 i bhfeidhm sa chás seo, áfach, ós rud é nach n-áirítear le húsáid an aoil talmhaíochta a mholtar an t-aol talmhaíochta a úsáidfear chun leasachán a chuirfear i bhfeidhm sa bhliain chéanna a neodrú, ionas nach mbeidh an fhéidearthacht ann go gcomhairfear na hastaíochtaí neodraithe leasacháin faoi dhó.

1.5. Astaíochtaí ithreach (ocsaíd nítríúil/N₂O) ó shaothrú na mbarr

Ríomhfár na hastaíochtaí N₂O ó ithreacha bainistithe de réir mhodheolaíocht IPCC. Úsáidfear úsáid na bhfachtóirí astaíochta barrshonracha dí-chomhiomlánaithe le haghaidh dálaí comhshaoil éagsúla (a chomhfhreagraíonn do Leibhéal 1 de mhodheolaíocht IPCC) chun na hastaíochtaí N₂O a bheidh ann mar thoradh ar shaothrú na mbarr a ríomh. Ba cheart fachtóirí astaíochta sonracha le haghaidh dálaí comhshaoil éagsúla, dálaí ithreach agus barra éagsúla a chur san áireamh. D'fhéadadh oibreoirí eacnamaíocha samhlacha bailíochtaithe a úsáid chun na fachtóirí astaíochta sin a ríomh ar choinníoll go gcuirfear na gnéithe sin san áireamh leis na samhlacha. I gcomhréir le treoirlínte IPCC (²), cuirfear san áireamh astaíochtaí N₂O díreacha agus indíreacha. Úsáidfear uirlis GNOC, atá bunaithe ar na foirmlí thíos, de réir na gcoinbhinsiún maidir le hainmneacha i dtreoirlínte IPCC (2006):

$$N_2O_{\text{iomlán}} - N = N_2O_{\text{díreach}} - N + N_2O_{\text{indíreach}} - N$$

(²) IPCC (2006), Imleabhar 4, Caibidil 11: Astaíochtaí N₂O ó ithreacha bainistithe, agus astaíochtaí CO₂ ó chur i bhfeidhm aoil agus úiré.

Más rud é:

I gcás ithreacha mianracha: $N_2O_{Díreach} - N = [(F_{SN} + F_{ON}) \cdot EF_{1ij}] + [F_{CR} \cdot EF_1]$

I gcás ithreacha orgánacha: $N_2O_{Díreach} - N = [(F_{SN} + F_{ON}) \cdot EF_1] + [F_{CR} \cdot EF_1] + [(F_{OS,CG,Temp} \cdot EF_{2CG, Temp}) + [F_{CROS,CG,Trop} \cdot E_{2CG, Trop}]]$

I gcás ithreacha mianracha agus ithreacha orgánacha araon: $N_2O_{Díreach} - N = [(F_{SN} \cdot Frac_{GASF}) + (F_{ON} \cdot Erac_{GASM}) \cdot EF_4] + [(F_{SN} + F_{ON} + F_{CR}) \cdot Frac_{Leach-(H)} \cdot EF_5]$

1.5.1 Ionchur N maidir le hiarmhar bairr

Ní mór é a ríomh le haghaidh:

- (a) biatas siúcra, cána siúcra de réir IPCC (2006), Imleabhar 4, Caibidil 11 Eq. 11.6, gan iarmhair faoi thalamh a mheas agus le hionchur N ó fhíonfhúill agus dríodar scagacháin curtha leis i gcás cána siúcra;

$$F_{CR} = \text{Táirgeacht} \cdot \text{TIRIM} \cdot (1 - \text{Frac}_{Dóite} \cdot C_t) \cdot [R_{AG} \cdot N_{AG} \cdot (1 - \text{Frac}_{Bain})] + F_{VF}$$

- (b) le plandálacha cnó cócóg agus pailme ola lena gcuirtear ionchur N seasta i bhfeidhm bunaithe ar litríocht mar IPCC (2006), ní sholáthraítear aon mhodh ríofa réamhshocraithe le haghaidh fachtóirí caighdeánacha astaíochta, de bhun Iarscríbhinn IX;

- (c) i gcás na mbarr uile eile de réir IPCC (2006), Imleabhar 4, Caibidil 11 Eq. 11.7a 11.11, 11.12, mar

$$F_{CR} = (1 - \text{Frac}_{Dóite} \cdot C_t) \cdot AG_{DM} \cdot N_{AG} \cdot (1 - \text{Frac}_{Bain}) + (AG_{DM} + \text{Yield} \cdot \text{DRY}) \cdot R_{BG-BIO} \cdot N_{BG}$$

I gcás inarb é:

$N_2O_{iomlán} - N =$ astaíochtaí N_2O-N bliantúla díreacha agus indíreacha a tháirgtear ó ithreacha bainistithe; $kg N_2O-N ha^{-1} a^{-1}$

$N_2O_{díreach} - N =$ astaíochtaí N_2O-N bliantúla díreacha a tháirgtear ó ithreacha bainistithe; $kg N_2O-N ha^{-1} a^{-1}$

$N_2O_{indíreach} - N =$ astaíochtaí N_2O-N bliantúla indíreacha (is é sin le rá, méid bliantúil N_2O-N a tháirgtear ó ionchur atmaisféarach N atá galaithe ó ithreacha bainistithe agus méid bliantúil N_2O-N a tháirgtear ó láisteadh agus ó rith chun srutha bhreisithe N go dtí ithreacha bainistithe i réigiúin ina dtarlaíonn láisteadh/rith chun srutha); $kg N_2O-N ha^{-1} a^{-1}$

$F_{SN} =$ ionchur bliantúil maidir le leasachán nítrigine sintéiseach; $kg N ha^{-1} a^{-1}$

$F_{ON} =$ aoileach ainmhithe bliantúil N a chuirtear i bhfeidhm mar leasachán; $kg N ha^{-1} a^{-1}$

$F_{CR} =$ méid bliantúil N in iarmhair barr (os cionn talún agus faoi thalamh); $kg N ha^{-1} a^{-1}$

$F_{OS,CG,Temp} =$ achar bliantúil na n-ithreacha orgánacha bainistithe/draenáilte faoi thalamh curaíochta in aeráid mheasartha; $ha^{-1} a^{-1}$

$F_{OS,CG,Temp} =$ achar bliantúil na n-ithreacha orgánacha bainistithe/draenáilte faoi thalamh curaíochta in aeráid thrópaiceach; ha^{-1}

$Frac_{GASF} =$ 0.10 ($kg N NH_3-N + NOx-N$) ($kg N$ a chuirtear i bhfeidhm) $^{-1}$. Galú ó leasachán sintéiseach

$Frac_{GASM} =$ 0.20 ($kg N NH_3-N + NOx-N$) ($kg N$ a chuirtear i bhfeidhm) $^{-1}$. Galú ó na leasacháin nítrigine orgánacha uile a chuirtear i bhfeidhm

$Frac_{Leach-(H)} =$ 0.30 $kg N$ (kg bhreisithe N) -1 . Caillteanas N ó láisteadh/rith chun srutha le haghaidh réigiúin ina dtarlaíonn láisteadh/rith chun srutha

$EF_{1ij} =$ fachtóirí astaíochta barrshonracha agus suíomhshonracha le haghaidh astaíochtaí N_2O ó chur i bhfeidhm leasacháin shintéiseigh agus N orgánach ar ithreacha mianracha ($kg N_2O-N$ (kg ionchur N) $^{-1}$);

$EF_1 =$ 0.01 [$kg N_2O-N$ (kg ionchur N) $^{-1}$]

$EF_{2CG,Temp} =$ 8 $kg N ha^{-1} a^{-1}$ le haghaidh barr orgánach measartha agus ithreacha féarthálún

$EF_{2CG,Temp} =$ 16 $kg N ha^{-1} a^{-1}$ le haghaidh barr orgánach thrópaiceach agus ithreacha féarthálún

$EF_4 =$ 0.01 [$kg N_2O-N$ ($kg N NH_3-N + NOx-N$ galaithe) $^{-1}$]

$EF_5 =$	$0.0075 \text{ [kg N}_2\text{O} - (\text{kg láisteadh/rith chun srutha N})^{-1}]$
Táirgeacht =	táirgeacht úr bhliantúil an bhairr (kg ha^{-1})
TIRIM =	an codán d'ábhar tirim den táirge buainte [$\text{kg d.m. (kg fliuchmheáchan)}^{-1}$] (féach Tábla 1)
$\text{Frac}_{\text{Dóite}} =$	An codán den limistéar barr a dhóitear go bliantúil [ha (ha)^{-1}]
$C_f =$	an fachtóir dócháin [gan toise] (féach Tábla 1)
$R_{AG} =$	Cóimheas na n-iarmhar os cionn talún, idir ábhar tirim agus táirgeacht an ábhair thirim a bhaintear, le haghaidh an bhairr [$\text{kg d.m. (kg d.m.)}^{-1}$] (féach Tábla 3)
$N_{AG} =$	cion N na n-iarmhar os cionn talún [$\text{kg N (kg d.m.)}^{-1}$] (féach Tábla 1)
$\text{Frac}_{\text{Bain}} =$	An codán d'iarmhair os cionn talún a bhaintear den ghort [$\text{kg d.m. (kg AGDM)}^{-1}$]
$F_{VF} =$	Méid bliantúil N i bhfhionhuíoll agus dríodar scagacháin cána siúcra a chuirtear ar ais sa ghort [kg N ha^{-1}], arna ríomh mar $\text{Táirgeacht} * 0.000508$.
$AG =$	Ábhar tirim iarmhair os cionn talún [kg d.m. ha^{-1}]

1.5.2 Fachtóirí astaíochta barrshonracha agus suíomhshonracha le haghaidh astaíochtaí N_2O ó chur i bhfeidhm leasacháin shintéisigh agus N orgánach

Astaíochtaí N_2O ó ithreacha faoi úsáid talmhaíochta, i réimsí talmhaíochta éagsúla faoi dhálaí comhshaoil éagsúla agus faoi aicmí éagsúla maidir le talmhúsáid, is féidir iad a chinneadh de réir shamhail staitistiúil Stehfest agus Bouwman (2006) (dá ngairtear 'samhail S&B' anseo feasta):

$$E = \exp(-1.516 + \sum ev)$$

I gcás inarb é:

$E =$	astaíocht N_2O (in $\text{kg N}_2\text{O-N ha}^{-1} \text{ a}^{-1}$)
$ev =$	luach éifeachta le haghaidh spreagthaí éagsúla (féach Tábla 2)

Ríomhtar EF_{1ij} le haghaidh bharr bithbhreosla i ag suíomh j (samhail S&B) mar:

$$EF_{1ij} = (E_{\text{fert},ij} - E_{\text{unfert},ij}) / N_{\text{appl},ij}$$

Cuirfear EF_{1ij} , atá barrshonrach agus suíomhshonrach, le haghaidh astaíochtaí díreacha ó leasachán mianrach agus ionchur N aoiligh, bunaithe ar EF_{1ij} atá barrshonrach agus suíomhshonrach, in ionad fhachtóir IPCC (2006) (EF_1) le haghaidh astaíochtaí díreacha N_2O ó ionchur leasacháin bunaithe ar mheán domhanda, trí shamhail S&B a chur i bhfeidhm.

I gcás inarb é:

$E_{\text{fert},ij} =$	astaíocht N_2O (in $\text{kg N}_2\text{O-N ha}^{-1} \text{ a}^{-1}$) bunaithe ar S&B, i gcás inarb é ionchur an leasacháin ráta iarbhír chur i bhfeidhm N (leasachán mianrach agus aoileach) maidir le barr i ag suíomh j
$E_{\text{unfert},ij} =$	astaíocht N_2O bharr i ag suíomh j (in $\text{kg N}_2\text{O-N ha}^{-1} \text{ a}^{-1}$) bunaithe ar S&B. Tá ráta chur i bhfeidhm N socraithe ag 0, coinnítear na paraiméadair uile eile mar an gcéanna.
$N_{\text{appl},ij} =$	Ionchur N ó leasachán mianrach agus aoileach (in $\text{kg N ha}^{-1} \text{ a}^{-1}$) go barr i ag suíomh j

Tábla 1

Paraiméadair bharrshonracha chun ionchur N ó iarmhair barr a ríomh ⁽³⁾

Crop	Calculation method	DRY	LHV	N _{AG}	slope	intercept	R _{REG,ATO}	N _{REG}	Cf	R _{AG}	Fixed amount of N in crop residues (kg N ha ⁻¹)	Data sources*
Barley	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.865	17	0.007	0.98	0.59	0.22	0.014	0.8			1, 2
Cassava	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.302	16.15	0.019	0.1	1.06	0.2	0.014	0.8			1, 2
Coconuts	Fixed N from crop residues	0.94	32.07								44	1, 3
Cotton	No inform. on crop residues	0.91	22.64									
Maize	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.86	17.3	0.006	1.03	0.61	0.22	0.007	0.8			1, 2
Oil palm fruit	Fixed N from crop residues	0.66	24								159	1, 4
Rapeseed	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.91	26.976	0.011	1.5	0	0.19	0.017	0.8			1, 5
Rye	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.86	17.1	0.005	1.09	0.88	0.22	0.011	0.8			1, 6
Safflower seed	No inform. on crop residues	0.91	25.9									
Sorghum (grain)	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.89	17.3	0.007	0.88	1.33	0.22	0.006	0.8			1, 7
Soybeans	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.87	23	0.008	0.93	1.35	0.19	0.087	0.8			1, 8
Sugar beets	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.6	0.25	16.3	0.004					0.8	0.5		1, 9
Sugar cane	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.6	0.275	19.6	0.004					0.8	0.43		1, 10
Sunflower seed	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.9	26.4	0.007	2.1	0	0.22	0.007	0.8			1, 11
Triticale	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.86	16.9	0.006	1.09	0.88	0.22	0.009	0.8			1, 2
Wheat	IPCC (2006) Vol. 4 Ch. 11 Eq. 11.7a	0.84	17	0.006	1.51	0.52	0.24	0.009	0.9			1, 2

Tábla 1

Luachanna seasmhacha agus éifeachta le haghaidh astaíochtaí N₂O ó réimsí talmhaíochta a ríomh bunaithe ar shamhail S&B

Constant value	-1.516	
Parameter	Parameter class or unit	Effect value (ev)
Fertilizer input		0.0038 * N application rate in kg N ha ⁻¹ a ⁻¹
Soil organic C content	<1 %	0
	1-3 %	0.0526
	>3 %	0.6334
pH	<5.5	0
	5.5-7.3	-0.0693
	>7.3	-0.4836
Soil texture	Coarse	0
	Medium	-0.1528
	Fine	0.4312
Climate	Subtropical climate	0.6117
	Temperate continental climate	0
	Temperate oceanic climate	0.0226
	Tropical climate	-0.3022
Vegetation	Cereals	0
	Grass	-0.3502
	Legume	0.3783
	None	0.5870
	Other	0.4420
	Wetland rice	-0.8850
Length of experiment	1 yr	1.9910

⁽³⁾ Foinse sonraí: Tuarascáil JRC 'Definition of input data to assess GHG default emissions from biofuels in EU legislation' ('Sainmhíniú ar shonraí ionchuir chun measúnú a dhéanamh ar astaíochtaí réamhshocraithe gás ceaptha teasa ó bhithbhreoslaí i reachtaíocht an Aontais') JRC 2019 (EUR 28349 EN). <https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/7d6dd4ba-720a-11e9-9f05-01aa75ed71a1>

ASTAÍOCHTAÍ Ó BHAILIÚ, TRIOMÚ AGUS STÓRÁIL NA N-AMHÁBHAR

Áireofar sna hastaíochtaí ó bhailiú, triomú agus stóráil na n-amhábhar na hastaíochtaí uile a bhaineann le húsáid breosla i mbailiú, triomú agus stóráil na n-amhábhar.

Astaíochtaí ó bhailiú

Áireofar sna hastaíochtaí ó bhailiú na n-amhábhar na hastaíochtaí uile a bheidh ann mar thoradh ar bhailiú na n-amhábhar agus a n-iompar go dtí stóráil. Ríomhfar na hastaíochtaí trí úsáid a bhaint as fachtóirí iomchuí astaíochta le haghaidh an chineáil breosla a úsáidfear (ola dhíosail, gásailín, ola bhreosla throm, bithbhreoslaí nó breoslaí eile).

Triomú na bithmhaise

Áireofar sna hastaíochtaí saothraithe astaíochtaí ó thriomú a dhéanamh roimh stóráil agus ó stóráil agus ó láimhseáil an bhunábhair bithmhaise freisin. Áireofar sna sonraí maidir le húsáid fuinnimh don triomú roimh stóráil sonraí iarbhrí maidir leis an bpróiseas triomaithe a úsáidfear chun na ceanglais stórála a chomhlíonadh, ag brath ar an gcineál bithmhaise, ar mhéid na gcáithníní, ar an gcion taise, ar dhálaí aimsire, etc. Úsáidfear fachtóirí iomchuí astaíochta, lena n-áirítear astaíochtaí réamhtheachtacha, chun cuntas a thabhairt ar na hastaíochtaí ó úsáid na mbreoslaí chun teas nó leictreachas a úsáidfear don triomú a tháirgeadh. Ní áirítear sna hastaíochtaí ó thriomú ach na hastaíochtaí ón bpróiseas triomaithe is gá chun stóráil leordhóthanach na n-amhábhar a áirithiú agus ní áirítear iontu triomú na n-amhábhar le linn na próiseála.

CUNTAS A THABHAIRT AR ASTAÍOCHTAÍ Ó LEICTREACHAS A ÚSÁIDFEAR IN OIBRÍOCHTAÍ FEIRMEOIREACHTA

Agus cuntas á thabhairt ar an tomhaltas leictreachais nár táirgeadh laistigh den ghléasra táirgthe breosla, déanfar toimhde de go bhfuil déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an leictreachais tháirgthe agus dháilte cothrom le méandéine astaíochtaí an leictreachais tháirgthe agus dháilte i réigiún sainithe, ar féidir é a bheith ag réigiún NUTS2 ⁽⁴⁾ nó ar an leibhéal náisiúnta. I gcás ina n-úsáidfear comhéifeachtaí maidir le astaíochtaí leictreachais náisiúnta, úsáidfear na luachanna ó larscríbhinn IX. De mhaolú ar an riail sin, féadfaidh táirgeoirí meánluach a úsáid le haghaidh gléasra aonair táirgthe leictreachais don leictreachas arna tháirgeadh sa ghléasra sin, mura bhfuil sé nasctha leis an eangach leictreachais agus i gcás nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ar fáil chun fachtóir astaíochta a dhíorthú.

⁽⁴⁾ Aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh

IARSCRÍBHINN VIII

ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LEIS AN bPRÓISEAS AGUS AN MODH CHUN BITHMHAIS LENA nGABHANN RIOSCA ÍSEAL MAIDIR LE hATHRÚ INDÍREACH AR THALAMHÚSÁID (ILUC) A DHEIMHNIÚ**A. Próiseas deimhniúcháin bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC**

Chun tús a chur leis an bpróiseas deimhniúcháin, ní mór d'oibreoir eacnamaíoch iarratas a chur isteach chuig comhlacht deimhniúcháin a aithnítear le scéim dheonach le haghaidh bithmhais lena ngabhann riosca íseal ILUC. Féadfaidh feirm, céadphointe bailiúcháin nó bainisteoir grúpa atá ag gníomhú thar ceann grúpa feirmeoirí a bheith san iarratasóir.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san iarratas ar dheimhniú maidir le riosca íseal ILUC:

- (a) ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra nó na n-iarratasóirí, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, comhaltaí an ghrúpa i gcás deimhniúcháin grúpa ⁽¹⁾;
- (b) tuairisc ar na bearta beartaíochta lena ngabhann riosca íseal ILUC atá beartaithe, lena n-áirítear:
 - (i) sonraí maidir leis an dáileacht theorannaithe talún ar a gcuirfear an beart breisíochta chun feidhme, lena n-áirítear úsáid na talún faoi láthair, na cleachtais bhainistíochta atá ann faoi láthair agus na sonraí faoi tháirgeacht na dáileachta talún faoi láthair, agus más infheidhme, ráiteas lena cur in iúl an bhfuil an talamh neamhúsáidte, tréigthe nó díghrádaithe go mór;
 - (ii) tuairisc ar na bearta breisíochta agus meastachán ar an mbithmhais bhreise a tháirgfeadh tar éis í a chur chun feidhme (trí mhéadú táirgeachta nó táirgeadh ar thalamh atá neamhúsáidte, tréigthe nó díghrádaithe go mór);
- (c) faisnéis maidir le deimhniú aon scéime deonaí atá aitheanta ag an gCoimisiún cheana (ainm na scéime deonaí, uimhir an deimhnithe, an stádas agus an tréimhse bhailíochta).

Má dhéantar an t-iarratas tar éis na bearta breisíochta a chur chun feidhme, ní fhéadfar ach an bhithmhais bhreise a tháirgfeadh tar éis dháta an deimhnithe maidir le riosca íseal ILUC a éileamh mar riosca íseal ILUC.

1. Ábhar an phlean bainistíochta

A luaithe a ghlacfar leis an iarratas maidir le riosca íseal ILUC, forbróidh an t-oibreoir eacnamaíoch plan bainistíochta agus cuirfidh sé faoi bhráid an chomhlachta deimhniúcháin é. Cuirfidh an plan bainistíochta leis an bhfaisnéis atá san iarratas ar dheimhniú, agus áireofar ann:

- (a) sainiú ar an dáileacht theorannaithe talún;
- (b) tuairisc ar na bearta breisíochta;
- (c) seiceáil maidir le hinbhuanaitheacht an bhirt breisíochta i leith cheanglais Threoir (AE) 2018/2001;
- (d) i gcás inarb ábhartha, léiriú ar an measúnú breisíochta (tástáil tarraingteachta airgeadais nó tástáil bacainní neamhairgeadais);
- (e) an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a chinneadh, lena n-áirítear:
 - (i) i gcás bearta lena méadaítear an táirgeacht: ar a laghad 3 bliana de shonraí faoin táirgeacht barr stairiúil a bhaineann leis an dáileacht theorannaithe talún;
 - (ii) le haghaidh saothrú ar thalamh atá neamhúsáidte, tréigthe nó díghrádaithe go mór: cruthúnas ar stádas talún (meastar gurb é nialas an bhonnlíne tháirgeachta le haghaidh saothrú ar thalamh atá neamhúsáidte, tréigthe nó díghrádaithe mór)
- (f) meastachán ar an táirgeacht bithmhaise breise in aghaidh na bliana, agus tagairt á déanamh don bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil le haghaidh na dáileachta teorannaithe talún.

Leis an bplan bainistíochta ní mór a bheith in ann comparáid a dhéanamh idir úsáid na dáileachta teorannaithe talún roimh chur chun feidhme an bhirt breisíochta agus a húsáid dá éis.

⁽¹⁾ Má dhéantar iarratas ar grúpdheimhniú, ní mór ainm agus sonraí teagmhála bhainisteoir an ghrúpa agus ainm, sonraí teagmhála agus láithreacha na bhfeirmeacha/na bhfáschoillte atá ina gcuid den ghrúpa a bheith san iarratas.

2. Liosta neamh-uileghabhálach de bhearta breisíochta

Tábla 1.

Liosta neamh-uileghabhálach de bhearta breisíochta lena méadaítear táirgeacht.

Catagóir bheisíochta	Beart breisíochta	Sampla
Meicniú	Innealra	Innealra a laghdaíonn/a chomhlánaíonn an t-ionchur ón lucht saothair atá ann cheana chun an t-aschur a threisiú nó chun caillteanais a laghdú. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cur, feirmeoireacht bheacht, innealra buainte nó innealra chun caillteanais iarbhuainte a laghdú.
Ilchúraíocht	Curaíocht sheicheamhach	An dara barr a thabhairt isteach ar an talamh céanna sa bhliain chéanna.
Bainistiú	Bainistiú ithreach	Mótú in ionad treabhadh, curaíocht íseal.
	Leasú	Córas leasacháin a optamú, talmhaíocht bheacht a úsáid.
	Cosaint barraí	Athrú i rialú fiailí, lotnaidí agus galar.
	Pailniú	Cleachtais phailnithe fheabhsaithe.
	Eile	Fágann sé sin deiseanna le haghaidh nuálaíochta, comhcheangail beart agus forbairtí atá gan choinne.
Athphlandú (i gcás barra ilbhliantúla) ⁽¹⁾	Rogha cineálacha barr	Éagsúlacht táirgeachta níos airde, oiriúnú níos fearr do dhálaí éicifhiseolaíochta nó aeráide.

⁽¹⁾ Tá an t-athphlandú ag deireadh ré an bhairr riachtanach i gcónaí le haghaidh bairr ilbhliantúil. Chun gur féidir athphlandú a áireamh mar bheart breisíochta, ní mór don oibreoir eacnamaíoch cruthúnas a thabhairt go dtéann a n-athphlandú thar 'ghnó mar is gnách'.

Is bearta iad bearta breisíochta a théann níos faide ná na comhchleachtais talmhaíochta. I dTábla 1 tá liosta neamh-uileghabhálach de na cineálacha beart breisíochta lena méadaítear táirgeacht ar féidir le hoibreoirí eacnamaíochta iad a chur i bhfeidhm. Le bearta, nó le teaglamaí beart, spreagfar an-aschur gan an inbhuanaitheacht a chur i mbaol. Ní chuirfidh an beart breisíochta acmhainneacht mhéadaitheach sa todhchaí i mbaol trí chomhbhabhtáil a dhéanamh idir gnóthachain aschuir ghearrthéarmacha agus meath meánach/fadtéarmach cháilíocht na hithreach, an uisce agus an aeir agus pobal pailneoirí. Ní bheidh mar thoradh ar na bearta breisíochta homaiginiú thírdhreach na talmhaíochta trí eilimintí tírdhreacha agus gnáthóga a bhaint amhail crainn aonair, fála, toir, imill pháirce nó stiallacha bláthanna.

Ní fhéadfar ach táirgeacht bhreise os cionn na bonnlíne táirgeachta dinimiciúla a éileamh mar bhithmhais lena ngabhann riosca íseal ILUC. Ina theannta sin, ní fhéadfar beart breisíochta a dheimhniú ach amháin má tá sé d'aidhm aige táirgeachtaí breise a bhaint amach a bhuí le feabhsú ar chleachtas talmhaíochta. Má chuirtear beart i bhfeidhm nach bhfuil d'aidhm aige ach inbhuanaitheacht na dáileachta talún a fheabhsú, gan an táirgeacht a fheabhsú, ní mheastar gur beart breisíochta é. Ní hé seo an cás le saothrú ar thalamh atá neamhúsáidte, tréigthe nó díghrádaithe go mór, agus sa chás sin is é an saothrú féin an beart breisíochta.

Beidh ar an oibreoir eacnamaíoch a léiriú go socraítear ionchais réasúnta leis an bplean bainistíochta maidir leis an méadú táirgeachta trí thagairt a dhéanamh, mar shampla, do litríocht eolaíoch, taithí ó thrialacha allamuigh, faisnéis ó chuideachtaí agra-namaíochta, forbróirí síolta/leasaitheoirí nó ríomhanna simplí. Tá gá le fianaise shásúil a thacaíonn leis an méadú táirgeachta a bhfuil coinne leis a bhuí leis an mbeart breisíochta is gá a chur i bhfeidhm chun an tionscadal a dheimhniú.

I gcás feabhsuithe talmhaíochta, déanfar na cleachtais talmhaíochta a cuireadh i bhfeidhm, innealra agus modhanna sula gcuirtear an beart breisíochta i bhfeidhm agus dá éis sin a dhoiciméadú go mion mar chuid den phlean bainistíochta. Leis sin beifear in ann comparáid a dhéanamh chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil beart breisíochta curtha chun feidhme; (ii) meastóireacht a dhéanamh maidir le cé acu is féidir nó nach féidir an beart breisíochta sin a mheas mar bheart breisíochta i gcomparáid le forbairt 'gnó mar is gnách'.

B. Measúnú breisíochta: Tástálacha tarraingteachta airgeadais nó tástálacha anailíse bacainní

1. Tástáil tarraingteachta airgeadais

Léireofar leis an tástáil tarraingteachta airgeadais go n-éireoidh an infheistíocht is gá don bheart breisíochta tarraingteach ó thaobh airgeadais de má dheimhnítear go ngabhann riosca íseal ILUC leis an táirgeacht bhreise a thiocfaidh as sin, agus sa chás sin amháin. San anailís beidh anailís shimplí airgeadais ar an infheistíocht birt breisíochta lena ngabhann riosca íseal ILUC atá beartaithe.

Ní áireofar sa tástáil ach na costais agus na torthaí sin a bhaineann go díreach leis an infheistíocht birt breisíochta. Dá bhrí sin, ní áireofar san anailís gnáthchostais oibriúcháin na feirme ar fad. Bainfidh na costais agus an t-ioncam a áireofar sa tástáil le hullmhú, cur chun feidhme, coinneáil ar bun agus díchoimisiúnú an bhirt breisíochta nach dtabhófaí murach sin.

Eascraíonn tarraingteacht airgeadais as cás gnó ina bhfuil glanluach reatha na hinfeistíochta ('NPV') ⁽²⁾ dearfach, rud a chiallaíonn go bhféadfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch féin an infheistíocht a dhéanamh. Mar thoradh air sin, ní éireoidh sa tástáil breisíochta airgeadais ach amháin le bearta a bhfuil an anailís ar chásanna gnó diúltach ina leith (gan préimh a áireamh) agus beidh na bearta sin incháilithe le bheith deimhnithe mar bhearta lena ngabhann riosca íseal ILUC. Ní fhéadfaidh torthaí os cionn nialas (NPV dearfach) a bheith fós incháilithe ach amháin má éiríonn leo sa tástáil bacainní neamhairgeadais.

Foirmle chun NPV na hinfeistíochta a ríomh:

$$NPV = \sum \frac{P - L}{(1 + i)^t}$$

I gcás inarb ionann:

P = agus an t-ioncam ionchasach ó bhithmhais bhreise (meastachán ar bhithmhais bhreise x praghas díolacháin bunábhair gan préimh ILUC ísil)

L = agus costas an bhirt breisíochta (caiteachas caipitiúil agus caiteachas oibriúcháin)

i = agus an ráta lascaine

t = agus an tréimhse ama

Beidh na paraiméadair a úsáidfear i ríomh an NPV i gcomhréir leis na sonraí a áireofar sa phlean bainistíochta.

Áireofar na paraiméadair seo a leanas san i ríomh an NPV:

(a) meastachán ar thoirt na bithmhaise breise;

(b) praghas díolacháin bunábhair [airgeadra/tona]:

(i) féadfaidh líon amháin a bheith sa phraghas díolacháin bunábhair a eachtarshuitear thar shaolré na hinfeistíochta sa táirgeacht breise;

(ii) féadfaidh an líon aonair sin a bheith bunaithe ar mheán luachanna díolacháin stairiúla iarbhir na mbunábhar a bhaineann an t-oibreoir eacnamaíoch amach. Beidh an meánluach bunaithe ar shonraí le haghaidh na 3 bliana céanna a bhaineann leis na sonraí maidir le táirgeacht stairiúil a úsáidtear chun an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a shocrú;

(iii) i gcás barr nua a thabhairt isteach nach bhfuil sonraí iarbhir faoi phraghsanna ag an oibreoir eacnamaíoch ina leith, féadfar an luach sin a bhunú ar shonraí faoi phraghsanna ó FAOSTAT ⁽³⁾;

(c) an ráta lascaine le húsáid: 3.5 % le haghaidh tíortha ardioncaim ⁽⁴⁾ agus 5.5 % le haghaidh gach tíre eile;

(d) saolré na hinfeistíochta:

(i) úsáidfear saolré suas le 10 mbliana i gcomhréir le saolré an deimhnithe maidir le riosca íseal ILUC (bailíocht bhonnlíne);

(ii) i gcásanna áirithe, féadfar saolré uasta na hinfeistíochta a shocrú ag 25 bliana bunaithe ar saolré thipiciúil na mbarr ilbhliantúil (is é sin le rá, pailmeacha, i gcás athphlandú pailmeacha);

(e) costais infheistíochta a bhaineann leis an beart breisíochta [caiteachas caipitiúil + caiteachas oibriúcháin].

⁽²⁾ Is é NPV an difríocht idir luach láithreach an insreafa airgid agus luach láithreach an eis-sreafa airgid thar thréimhse ama. Úsáidtear NPV i mbuiséadú caipitil agus i bpleanáil infheistíochta chun anailís a dhéanamh ar bhrabúsacht infheistíochta nó tionscadail a bheidh ann amach anseo. Foinse: <https://www.investopedia.com/terms/n/npv.asp>

⁽³⁾ Praghsanna táirgeoirí FAOSTAT. Foinse: <http://www.fao.org/faostat/en/#data/PP>

⁽⁴⁾ tíortha ECFE

2. Tástáil bacainní neamhairgeadais

Ní chumhdófar leis an anailís ar bhacainní neamhairgeadais ach bacainní ar thionscadail neamhairgeadais lena gcuirtear cosc ar chur chun feidhme na mbeart breisíochta i gcás nach bhfuil ann do dheimhniú maidir le riosca íseal ILUC. Déanfar aon bhacainn ar féidir a chostas a mheas a áireamh san anailís ar tharraingteacht airgeadais seachas san anailís ar bhacainní neamh-airgeadais.

Tá an t-oibreoir eacnamaíoch a ndéanann an beart breisíochta a phleanáil freagrach as bonn cirt a thabhairt maidir le bacainní neamhairgeadais a bheith ann. Beidh an bonn cirt sin comhdhéanta de thuairisc shoiléir infhíoraithe ar an staid lena gcuirtear cosc ar ghlacadh an bhirt breisíochta. Soláthróidh an t-oibreoir eacnamaíoch an fhianaise infhíoraithe ar fad is gá chun tacú leis an maíomh agus chun a léiriú conas a d'áiríteofaí le deimhniú maidir le riosca íseal ILUC go sárófaí an bhacainn neamhairgeadais.

Déanfar bailíocht éileamh an oibreora a mheasúnú agus a bhailíochtú leis an iniúchadh bonnlíne sula n-eiseofar deimhniú maidir le riosca íseal ILUC.

C. An bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a shocrú agus toirt iarbhír na bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC a ríomh

Socrófar an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil ar bhonn aonair i gcás gach dáileachta teorannaithe talún bunaithe ar an mbarr agus cineál nó teaglain na mbeart breisíochta a chuirfear i bhfeidhm. Úsáidfear sonraí faoin táirgeacht barr stairiúil a bhaineann le dáileacht talún ar leith ó na 3 bliana ar a laghad roimh chur i bhfeidhm birt breisíochta chun túsphointe na bonnlíne tháirgeachta dhinimiciúla a ríomh. Déanfar é sin a chomhcheangal le treochtíne dhomhanda a bhaineann le barr a leith i gcás na tháirgeachta a bhfuiltear a bhfuil coinne leo bunaithe ar shonraí stairiúla faoi tháirgeacht iarbhír le 10 mbliana anuas, nó níos faide ná sin má tá sonraí le fáil. I gcás barra ilbhliantúla, cuirtear an cuar tháirgeachta thar shaolré an bhairr san áireamh sa bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil freisin.

1. An bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a shocrú le haghaidh barra bliantúla

I gcás ina ndéantar uainíocht ar bharra idir páirceanna agus inar cuireadh an barr a bhfuil méadú le teacht ar a tháirgeacht ('spriobharr') i bpáirceanna éagsúla ar an bhfeirm chéanna sna blianta roimhe sin, tá dhá rogha beartaithe chun sonraí faoin táirgeacht stairiúil a bhailiú d'fhonn an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a ríomh:

Rogha 1: Ríomhann an t-oibreoir eacnamaíoch meán na dtáirgeachtaí le haghaidh na 3 bliana is déanaí ar fásadh an spriobharr ar an dáileacht teorannaithe talún ar leith roimh chur chun feidhme an bhirt breisíochta. Ós rud é go bhfástar barra ar uainíocht, ciallaíonn sé sin sonraí atá níos sine ná 5 bliana d'aois a úsáid i gcásanna áirithe.

Rogha 2: Ríomhann an t-oibreoir eacnamaíoch meán ualaithe tháirgeachtaí na 3 bliana is déanaí ar fásadh an spriobharr ar an bhfeirm roimh chur chun feidhme an bhirt breisíochta, fiú má fuarthas na tháirgeachtaí sin ó dháileachtaí éagsúla de mhéideanna éagsúla ar an bhfeirm chéanna.

Mura bhfuil sonraí stairiúla le haghaidh na 3 bliana is déanaí de tháirgeacht barr ar fáil, cibé acu nach bhfuil rochtain ar na sonraí sin nó nach bhfuil siad ionadaíoch de réir bhreithiúnas an iniúcháora, nó mura leordhóthanach cáilíocht na sonraí faoin táirgeacht barr, féadfar sonraí breise a fháil le haghaidh blianta roimhe sin nó sonraí ó pháirc chomharsanach ina bhfuil an barr céanna á fhás faoin bplean bainistíochta céanna. Más rud é gur deaíomhar nó drochíomhar eisceachtúil a bhí i gceann amháin de na 3 bliana (mar shampla, neamhréireacht 30 % nó níos mó i gcomparáid leis na blianta tagartha eile), ní dhéanfar an táirgeacht barr asluiteach a áireamh sa ríomh ionas nach gcuirfear an meán 3 bliana as a riocht ⁽³⁾.

Is é an t-iniúcháir atá freagrach as táirgeacht asluiteach a chinneadh, cinneadh a bhunóidh sé ar a bhreithiúnas saineolaithe, ar a thaithí ar an talamh agus ar eolas ar chleachtais an oibreora eacnamaíoch san fhadtéarma. Tá sé d'oibleagáid ar an iniúcháir freisin a mheas cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí faoin táirgeacht barr ar cháilíocht leordhóthanach le cur san áireamh mar chuid den bhonnlíne agus de na hiniúchtaí bliantúla, agus a chinneadh ansin an gá tháirgeacht bairr a eisiáil nó nach gá.

Is é fána na bonnlíne tháirgeachta dhinimiciúla a ghlacfar mar fhána treochtíne díri a chinntear ó fhorbairtí tháirgeachta an spriobharr thar na 10 mbliana roimhe sin nó níos faide má tá sonraí le fáil. Tá sé bunaithe ar shonraí domhanda agus díorthófar é ó shonraí ó FAOSTAT World+ faoin an mbarr ábhartha. Déanfar é sin ag tús na tréimhse deimhniúcháin, agus beidh an fhána bailí le haghaidh tréimhse bhailíochta bonnlíne deich mbliana an deimhnithe maidir le riosca íseal ILUC.

I dTábla 2, taispeántar fána na bonnlíne tháirgeachta dhinimiciúla le haghaidh na mbarr bunábhair bithbhreosla is coitianta. Faightear na luachanna sin trí threochtíne a chinntear ó os cionn 20 bliain de shonraí domhanda faoi bharra a fuarthas ó FAOSTAT.

⁽³⁾ I gcomhréir le hAirteagal 2(7) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2019/807, ba cheart luaineachtaí i dtaca leis an táirgeacht a eisiáil.

Tábla 2.

Fána na treochtíne a fuarthas le haghaidh shonraí faoi tháirgeacht barr FAOSTAT World+ Meánfheabhsú sa táirgeacht (tona/ha/bliain) in aghaidh na bliana.

Barr	Eorna	Arbhar Indiach	Torthaí pailme ola	Síol ráibe	Pónairí soighe	Biatas siúcra	Cána siúcra	Síoltaí lus na gréine	Cruithneacht
Fána-20	0.035	0.074	0.200	0.036	0.028	1.276	0.379	0.035	0.04

Tá fána-20 bunaithe ar 2008-2017.

I gcás aon bharr sa tábla, cinntear an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil tríd an treochtíne dhomhanda (fána) ó Thábla 2 a chur leis an túsphointe (meán na táirgeachta stairiúla thar 3 bliana roimh chur i bhfeidhm an bhiart breisíochta). Úsáidfeadh an fhoirmle seo a leanas, agus beidh an bhliain a chuirfeadh an beart breisíochta chun feidhme ina túsphointe:

$$DYB_x = (\text{starting point } DYB) + (\text{slope}_{20})x$$

I gcás inarb ionann:

DYB_x = agus an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil sa bhliain x tar éis an beart breisíochta a chur chun feidhme

X = agus líon na mblianta tar éis an beart breisíochta a chur chun feidhme

Má tá an beart breisíochta beartaithe chun barr difriúil (barr ag a bhfuil táirgeacht níos airde) a chur in ionad an bhairr atá ann cheana ar an dáileacht theorannaithe talún, is éard atá i gceist leis an gcás frithfhórasach saothrú an bhairr atá ann cheana. Cinntear an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil bunaithe ar shonraí faoin táirgeacht stairiúil agus faoin treochtíne le haghaidh an bhairr atá ann cheana.

Is éard a bheidh i dtúsphointe na bonnlíne meánráta 3 bliana na táirgeachta bairr a fhaightear i gcás an bhairr atá ann cheana ar lú a fheidhmíocht. Tá an treochtíne bunaithe ar shonraí domhanda treochtíne ó FAOSTAT le haghaidh an bhairr atá ann cheana (féach Tábla 2). Ní úsáidfeadh an cur chuige seo ach amháin más féidir a léiriú go bhféadfaí an barr a fheidhmíonn níos fearr a thabhairt isteach mar gheall ar athruithe i margadh na mbithbhreoslaí, mar a léiríodh sa mheasúnú breisíochta.

2. An bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a shocrú le haghaidh barra ilbhliantúla

Ag brath ar an éagsúlacht sa táirgeacht a bhreathnaítear thar shaolré cineálacha éagsúla barr ilbhliantúil, féadfar cineálacha éagsúla cur chuige modheolaíochta a úsáid.

Maidir le pailmeacha, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha na sonraí seo a leanas a úsáid chun bonnlíne tháirgeacht dhinimiciúil na bhfáschoillte ola pailme a chinneadh:

- (a) an táirgeacht barr stairiúil a fuarthas sular cuireadh beart breisíochta chun feidhme;
- (b) bliain chur na bpailmeacha ar an dáileacht theorannaithe talún agus/nó a bpróifíl aoise;
- (c) saothróga pailmeacha ar an dáileacht theorannaithe talún, más infheidhme;
- (d) limistéar na talún a athphlandáiltear gach bliain ar fháschoill, más infheidhme.

Comhcheanglaítear na sonraí sin le cuairt fáis chun an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a chinneadh. Cruth seachas méid na táirgeachta a bheidh ina phríomhthréith ag an gcuar fáis.

Tugann an cuairt fáis an cruth agus ní mór é a chomhcheangal leis na sonraí faoin táirgeacht stairiúil agus aois na gcrann, mar a leagtar amach i bpointí (a) agus (b), chun méid chuar na bonnlíne tháirgeachta dhinimiciúla a choigeartú don dáileacht talún ar leith.

Tá na trí rogha seo a leanas ar fáil chun an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a chinneadh le haghaidh pailmeacha.

I gcás gach rogha, ní mór an méid seo a leanas a áireamh sna sonraí is gá chun na bonnlínte táirgeachta dinimiciúla a shocrú:

(a) **Rogha 1a: Cuar fáis chaighdeánaigh**

- (i) na 3 bliana is déanaí de tháirgeacht bairr stairiúil le haghaidh pailmeacha a fhástar ar an dáileacht teorannaithe talún;
- (ii) aois na gcrann ar an dáileacht teorannaithe talún/bliain an chuir;

(b) **Rogha 1b: Soláthraíonn oibreoir eacnamaíoch cuar fáis ⁽⁶⁾**

- (i) na 3 bliana is déanaí de tháirgeacht bairr stairiúil le haghaidh pailmeacha a fhástar ar an dáileacht teorannaithe talún;
- (ii) aois na gcrann ar an dáileacht teorannaithe talún/bliain an chuir;
- (iii) saothróa pailmeacha ar an dáileacht teorannaithe talún;
- (iv) cuar fáis tagartha an oibreora eacnamaíoch féin.

(c) **Rogha 2: Cur chuige grúpdheimhniúcháin**

- (i) le haghaidh na 3 bliana is déanaí, iomlán na heicteár agus iomlán na táirgeachta i dtroipail torthaí úra i gcás pailmeacha a fhástar ar na dáileachtaí teorannaithe talún nó na fáschoille a tháirgeann pailm mar chuid den ghrúpa.

Tá feidhm ag roghanna 1a agus rogha 1b i gcás ina ndéantar beart breisióchta maidir le crainn atá ar an aois chéanna, nó i gcás inarb eol próifíl aoise na gcrann ar an dáileacht teorannaithe talún nó na dáileachtaí teorannaithe talún agus nach bhfanann sí seasmhach bliain i ndiaidh bliana.

Féadfar rogha 2 a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil éagsúlacht le feiceáil in bpróifíl aoise na gcrann ar na dáileachtaí teorannaithe talún agus ina bhfanann an éagsúlacht sin réasúnta seasmhach bliain i ndiaidh bliana, is é sin le rá i gcur chuige grúpdheimhniúcháin nó má dhéantar céatadán comhsheasmhach de limistéar fáschoille a athphlandú gach bliain, rud a fhágfadh go mbeadh próifíl aoise leanúnach ann i gcás na gcrann.

Ní úsáidfear rogha 2 má thagann níos mó ná 20 % den toirt sa ghrúpa ón bhfáschoill chéanna, nó má tá níos mó ná 5 % den achar iomlán sa ghrúpa le hathphlandú sa bhliain chéanna. Sa chás sin, úsáidfear rogha 1a nó b chun an bhonnlíne a chinneadh.


Rogha 1a: Cuar fáis chaighdeánaigh

Sa chéad rogha úsáidtear cruth cuar fáis 'chaighdeánaigh' atá réamhbhunaithe (é sin bunaithe ar fhianaise eolaíoch atá ann cheana) chun an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil le haghaidh dáileacht teorannaithe talún a chinneadh. Rinneadh an cuar caighdeánach a normalú agus taispeántar é i bhFigiúr 1 agus i dTábla 3 thíos.

Cinntear an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil trí úsáid a bhaint as na sonraí faoin táirgeacht barr stairiúil le haghaidh na 3 bliana is déanaí i gcomhair na dáileachta talún ar leith agus aois na bpailmeacha nuair a breathnaíodh an táirgeacht sin, agus úsáid a bhaint as an athrú tháirgeachta céatadán bliantúil ón gcuar caighdeánach chun cuar tháirgeachta 'gnó mar is gnách' a chruthú a bhaineann leis an dáileacht talún ar leith.

Figiúr 1

Cuar fáis chaighdeánaigh normalaithe tháirgeacht na pailme



⁽⁶⁾ Chun an rogha seo a úsáid, ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha a thaispeáint gur lú ná 0.8 an comhghaol idir an cuar chaighdeánaigh agus a gcuar fáis bonnlíne.

Tábla 3

Sonraí maidir leis an gcuar fáis chaighdeánaigh normalaithe tháirgeacht na pailme

Blianta tar éis plandála	1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
Tóraíocht normalaithe	0	0	0,147	0,336	0,641	0,833	0,916	0,968	0,996	1	0,999	0,980	0,965
Blianta tar éis plandála	14	15	16	17	18	19	20	21	22	23	24	25	≥ 26 (*)
Tóraíocht normalaithe	0,945	0,926	0,910	0,906	0,888	0,870	0,858	0,842	0,836	0,815	0,806	0,793	0,793

(*) Tar éis 25 bliana, bheadh coinne leis go leanfadh an tóraíocht de bheith ag laghdú. Mar sin féin, ós rud é gur thart ar 25 bliana atá saolré thipiciúil pailmeacha, tá easpa sonraí ann chun tacú le méid an laghdaithe tar éis 25 bliana. Dá bhrí sin, glactar cur chuige coimeádach lena nglactar leis go bhfanfadh an cuar táirgeachta ag an leibhéal 25 bliana.

Tá na céimeanna modheolaíocha seo a leanas i gceist le Rogha 1a:

1. Chun an mheántáirgeacht barr stairiúil a chinneadh, bailítear na trí tháirgeacht barr stairiúla is déanaí a breithníodh ar an dáileacht theorannaithe talún roimh chur chun feidhme an bhirt breisióchta, chomh maith le haois chomhfhreagrach na gcrann nuair a breathnaíodh na táirgeachtaí sin;
2. Ríomhtar meán na dtrí tháirgeacht bairr stairiúil;
3. Agus aois na gcrann a bhfaightear na sonraí faoin táirgeacht stairiúil ina leith ina bonn, cinntear cá háit a mbeidh an mheántáirgeacht bairr stairiúil sin ar an gcuar fáis chaighdeánaigh (e.g. más i leith crainn atá 7, 8 agus 9 mbliana d'aois atá na sonraí faoin táirgeacht, ba cheart a mheas go mbaineann an mheántáirgeacht stairiúil le bliain 8);
4. Chun an chéad phointe eile den bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a chinneadh, déantar an mheántáirgeacht bairr stairiúil ó chéim 2 a iolrú faoin athrú céatadán bliantúil ríofa atá comhfhreagrach, a dhíorthaítear ón gcuar fáis chaighdeánaigh (Tábla 4 thíos). Déantar é seo arís i gcás gach pointe ina dhiaidh sin chun an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a rianú;

Tábla 4

Athrú céatadán bliantúil na táirgeachta a dhíorthaítear ón gcuar fáis chaighdeánaigh

Blianta tar éis plandála	1 go 3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14
Athrú céatadán bliantúil	- 128,0 %	90,6 %	30,0 %	10,0 %	5,6 %	2,9 %	0,4 %	- 0,1 %	- 1,9 %	- 1,6 %	- 2,0 %	- 2,0 %
Blianta tar éis plandála	15	16	17	18	19	20	21	22	23	24	25	≥ 26 (*)
Athrú céatadán bliantúil	- 2,1 %	- 1,7 %	- 0,5 %	- 1,9 %	- 2,0 %	- 1,4 %	- 1,8 %	- 0,8 %	- 2,5 %	- 1,1 %	- 1,6 %	0 %

(*) Tar éis 25 bliana, bheadh coinne leis go leanfadh an tóraíocht de bheith ag laghdú. Mar sin féin, ós rud é gur thart ar 25 bliana atá saolré thipiciúil pailmeacha, tá easpa sonraí ann chun tacú le méid an laghdaithe tar éis 25 bliana. Dá bhrí sin, glactar cur chuige coimeádach lena nglactar leis go bhfanfadh an cuar táirgeachta ag an leibhéal 25 bliana.

5. Chun treocht dhomhanda na táirgeachta a ionchorprú sa bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil, cuirtear an ráta fáis iolraithe bliantúil a ríomhtar ó shonraí domhanda faoin táirgeacht ó FAOSTAT World+ (Tábla 5 thíos) i bhfeidhm ar gach pointe den bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil chun an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil cheartaithe de réir an ráta fáis iolraithe bhliantúil a fháil.

Tábla 5

an ráta fáis iolraithe bliantúil i gcás pailmeacha (20 bliain)

Méadú bliantúil ar fheidhmíocht i gcás pailmeacha – gnó mar is gnách	1,37 %
Feidhmíocht bunaithe ar FAOSTAT World+ 2008-2017	

Rogha 1b: Soláthraíonn oibreoir eacnamaíoch an cuar fáis

Féadfar an rogha seo a úsáid i gcásanna eisceachtúla, más féidir leis an oibreoir eacnamaíoch a léiriú nach bhfuil rogha 1d oiriúnach dá chás sonrach. I gcás den sórt sin, má tá cuar fáis a bhfuil coinne leis ag an oibreoir eacnamaíoch a chinntear bunaithe ar na sonraí atá le fáil faoi shíológa pailme (sonraí a bhaineann leis an gcás 'gnó mar is gnách'), féadfar an cuar sin a úsáid mar bhonn leis an mbonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil seachas an cuar fáis chaighdeánaigh. Leanfar gach céim a bhfuil tuairisc uirthi i Rogha 1a, agus cuar an oibreora eacnamaíoch féin á chur in ionad an chuair fáis chaighdeánaigh. Dá bhrí sin, ríomhfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch an t-athrú céatadáin bliantúil.

Déanfar an cuar fáis a bhaineann le dáileacht theorannaithe talún ar leith a cheartú fós i gcás forbairt na táirgeachta domhanda tríd na sonraí táirgeachta ó FAOSTAT World+ (Tábla 5) a ríomhtar de réir an ráta fáis iolraithe bhliantúil a úsáid.

Rogha 2: Cur chuige grúpdheimhniúcháin

I gcás grúpdheimhniúcháin, nó nuair a ghníomhaíonn an chéad phointe bailiúcháin nó muileann mar aonad deimhniúcháin, féadfar an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a shocrú trí chur chuige bonnlíne tháirgeachta dinimiciúla 'líne dhíreach' comhchosúil a úsáid mar a úsáidtear i gcás barra bliantúla. Is féidir an cur chuige sin a úsáid má tá bainisteoir grúpa, céad phointe bailiúcháin nó muileann ag iarraidh grúpa a dheimhniú atá ag déanamh an bhirt breisíochta chéanna, agus nuair a bhíonn éagsúlacht in aoiseanna na gcrann san fháschoill nó sa limistéar a sholáthraíonn an muileann, rud a chiallaíonn gur fhan an táirgeacht bhliantúil a sholáthraíonn an muileann réasúnta seasmhach.

Chun an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a chinneadh, ní mór do bhainisteoir an ghrúpa taifead a dhéanamh ar an limistéar fáschoille ina iomláine (ha) a sholáthraíonn an muileann agus ar iomlán na táirgeachta (tropaill torthaí úra) a fheagraíonn don limistéar sin i ngach ceann de na 3 bliana is déanaí. Úsáidtear é seo chun an táirgeacht bhliantúil in aghaidh an heicteáir a chinneadh le haghaidh gach ceann de na 3 bliana is déanaí (i tona/ha). Faightear meán na bpointí sonraí sin ansin agus úsáidtear iad mar thúsphointe le haghaidh na bonnlíne tháirgeachta dinimiciúla. Comhcheanglaítear an túsphointe leis an bhfána treochtíne domhanda le haghaidh ola pailme ó shonraí ó FAOSTAT World+ (Tábla 2) chun an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a chinneadh.

Caithfear le cána siúcra mar bharr bliantúil agus an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil á socrú.

3. An bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a shocrú le haghaidh curaíocht sheicheamhach

Má úsáidtear cleachtais ilchúraíochta amhail curaíocht sheicheamhach, tá trí rogha ag na hoibreoirí eacnamaíocha chun an bhithmhais bhreise a ríomh:

1. A léiriú nach laghdaítear táirgeacht an phríomhbhairr de dhroim an dara barr.
2. Má laghdaítear táirgeacht an phríomhbhairr de dhroim an dara barr:
 - a. Bonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a chinneadh le haghaidh córas inarb ionann an príomhbharr gach bliain;
 - b. Fachtóir cúitimh a chinneadh le haghaidh córas inarb éagsúil an príomhbharr gach bliain;

Rogha 1. A léiriú nach laghdaítear táirgeacht an phríomhbhairr de dhroim an dara barr

Más féidir le hoibreoir eacnamaíoch a léiriú nach bhfuil táirgeacht an phríomhbhairr níos ísle mar gheall ar thabhairt isteach an dara barr, is féidir táirgeacht iomlán an dara barr a éileamh mar bhithmhais bhreise.

Féadfar é sin a léiriú, mar shampla, trí chomparáid a dhéanamh idir táirgeacht an phríomhbhairr a breathnaíodh sular tugadh an dara barr isteach (meán stairiúil 3 bliana) agus táirgeacht an phríomhbhairr a breathnaíodh dá éis sin.

Rogha 2a. An bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil a chinneadh le haghaidh córas inarb ionann an príomhbharr gach bliain

Beidh an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil bunaithe ar an gcás 'gnó mar is gnách' i gcás na dáileachta teorannaithe talún. I gcás inarb ionann an príomhbharr gach bliain, cinnfear an bhonnlíne bunaithe ar mheántáirgeacht stairiúil 3 bliana ar a laghad an phríomhbhairr ar an dáileacht talún sin, curtha le chéile leis an treochtíne dhomhanda le haghaidh an phríomhbhairr, mar a dhéantar i gcás barra bliantúla.

Féadfar an cur chuige sin a úsáid freisin nuair a leanann uainíocht na mbarr patrún uainíochta atá sainithe go soiléir agus is féidir a bhreathnú sna sonraí stairiúla, rud a fhágann gur féidir an staid 'gnó mar is gnách' a chinneadh go soiléir. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé gur ghá sonraí atá níos sine ná 3 bliana a úsáid chun meántáirgeacht stairiúil an phríomhbhairr a chinneadh.

Tar éis curaíocht sheicheamhach a chur chun feidhme, déanfar an ghlanbhiathmhais bhreise a ríomh mar an difríocht idir iomlán na táirgeachta bliantúla ón dáileacht teorannaithe talún (is é sin le rá, táirgeacht an phríomhbhairr móide táirgeacht an dara barr) agus bonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil an phríomhbhairr.

Más bunábhair éagsúla iad an príomhbharr agus an dara barr a tháirgeann teaghlaim éagsúil de chomhpháirteanna bairr (mar shampla, ola, min phróitéine, stáirse, snáithín), nuair a chuirtear táirgeacht an phríomhbhairr agus an dara táirgeacht barr le chéile, bunófar an ríomh ar aonaid tomhais iomchuí ionas go bhféadfar figiúr ionadaíoch amháin a ríomh le haghaidh na glan-bhiathmhaise breise a tháirgtear. Dá réir sin, leis an modheolaíocht foráiltear maidir le cúiteamh éifeachtach ar chaillteanas bithmhaise an phríomhbhairr. Mar shampla, is féidir an ríomh a dhéanamh ar bhonn meáchain shimplí (i dtóna) nó ar bhonn luacha fuinnimh (e.g. má úsáidtear an dara barr iomlán le haghaidh fuinnimh, mar shampla i gcás bithgháis). Is é an t-oibreoir eacnamaíoch a thabharfaidh údar le rogha na modheolaíochta agus is é an t-iniúcháir a dhéanfaidh bailíochtú air.

Rogha 2b. Fachtóir cúitimh a chinneadh le haghaidh córas ina bhfuil an príomhbharr éagsúil gach bliain

I gcás ina mbíonn an príomhbharr éagsúil gach bliain ó thaobh uainíochta na mbarr de agus nach leanann sé patrún rialta, ní mór don oibreoir eacnamaíoch aon chaillteanas i dtáirgeacht an phríomhbhairr de dhroim an dara barr a mheasúnú agus é a chur san áireamh i dtoirt na bithmhaise breise a éilítear.

Ní mór don oibreoir eacnamaíoch táirgeacht an phríomhbhairr a breathnaíodh tar éis an dara barr a thabhairt isteach a chur i gcomparáid le táirgeacht stairiúil an (phríomh)bhairr chéanna. Féadfar an chomparáid sin a dhéanamh bunaithe ar an táirgeacht a breithníodh i bpáirceanna comharsanacha (e.g. má fhásann an fheirm chéanna na barra céanna ar uainíocht ach i bpáirceanna éagsúla), nó ar bhonn litríocht eolaíoch a bhfuil bonn cirt léi ina dtugtar tuairisc ar an tionchar a bhíonn ag curaíocht sheicheamhach ar na barra sin sa réigiún sin.

Déanfar an tionchar ar tháirgeacht an phríomhbhairr a aistriú go fachtóir cúitimh a asbhainfear ó thoirt an dara barr chun an bhiathmhais bhreise a ríomh. I gcás Rogha 2a, is féidir leis an bhfachtóir a bheith bunaithe ar mheáchan nó ar chion fuinnimh agus ceadófar leis cúiteamh éifeachtach ar chaillteanas bithmhaise an phríomhbhairr. Is é an t-oibreoir eacnamaíoch a thabharfaidh údar le rogha na modheolaíochta agus is é an t-iniúcháir a dhéanfaidh bailíochtú air.

4. toirt na bithmhaise breise a ríomh

Tar éis an beart breisióchta a chur chun feidhme, cinnfidh an t-oibreoir eacnamaíoch toirt na bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC is féidir a éileamh tríd an táirgeacht barr iarbhrí a bhaintear amach ar an dáileacht teorannaithe talún a chur i gcomparáid leis an mbonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil. Ní mór don iniúcháir a fhiorú san iniúchadh bliantúil go bhfuil toirt na bithmhaise breise a baineadh amach ag teacht leis na réamh-mheastacháin sa phlean bainistíochta, agus bonn cirt a iarraidh má tá neamhréireachtaí níos mó ná 20 % ann i gcomparáid leis na meastacháin sa phlean bainistíochta.

Má lorgaítear deimhniú le haghaidh beart breisióchta a cuireadh i bhfeidhm san am a chuaigh thart, féadfar an táirgeacht bithmhaise bhreise a ríomh agus a thaifeadadh sa phlean bainistíochta. Cé gur féidir leis sin toirt iarbhrí na bithmhaise lena ngabhann riosca íseal ILUC a ríomh go cruinn, ní fhéadfar bithmhais lena ngabhann riosca íseal ILUC a éileamh ach amháin tar éis deimhniú maidir le riosca íseal ILUC a bhronnadh. Ní féidir éilimh chúlghabhálacha a dhéanamh i ndáil le bithmhais a soláthraíodh roimhe seo.

Chun toirt na bithmhaise breise a ríomh, ní mór don oibreoir eacnamaíoch iomlán na táirgeachta barr ón dáileacht teorannaithe talún a thaifeadadh le haghaidh gach bliana ó thús chur chun feidhme an bhirt breisióchta. Ní mór don oibreoir eacnamaíoch a chruthú go bhfuil nasc idir an dáileacht teorannaithe talún ar leith agus an táirgeacht barr a baineadh amach (tona/ha).

Mura ndéantar an toirt bhuinte a thomhas (a mheá) ach ag an gcéad phointe bhailiúcháin, áit a dtagann táirgí ó fheirmeacha nó ó dháileachtaí talún éagsúla, féadfar an doiciméadacht ón gcéad phointe bailiúcháin a úsáid mar chruthúnas maidir leis an toirt bhuinte (an táirgeacht) le haghaidh na bhfeirmeacha agus na ndáileachtaí talún atá i gceist.

Is féidir taifead ar an idirbheart gnó idir an t-oibreoir eacnamaíoch agus an chéad phointe bailiúcháin a úsáid mar fhianaise, ar choinníoll gur féidir an nasc leis an dáileacht teorannaithe talún ar leith a chruthú. Sa chás sin, is é an chéad phointe bailiúcháin atá freagrach as na sonraí faoin táirgeacht barr a bhailiú agus a thaifeadadh. Taifeadfaidh sé táirgeachtaí bithmhaise a bhailítear in aghaidh na feirme (agus más gá, le haghaidh dáileacht teorannaithe talún ar leith ar fheirm) bunaithe ar theimpléad atá le heisiúint ag an scéim dheonach.

I gcás iniúchóireachta grúpa agus má ghníomhaíonn an chéad phointe bailiúcháin mar cheannaire an ghrúpa, beidh sé freagrach as sonraí faoin táirgeacht a thaifeadadh le haghaidh na ndáileachtaí teorannaithe talún ar fad.

Chun toirt na bithmhaise breise a ríomh, déanfar na sonraí faoin táirgeacht barr a fhaightear in aon bhliain amháin a chur i gcomparáid leis an mbonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil. Is ionann táirgeacht na bithmhaise breise agus an difríocht idir an táirgeacht barr a bhreathnaítear agus an táirgeacht a réamh-mheastar le bonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil na bliana céanna, méid a iolraítear faoi achar dromchla A (ha) na dáileachta teorannaithe talún atá i gceist. Is féidir an toirt bhreise sin a éileamh mar bithmhais lena ngabhann riosca íseal ILUC ansin.

Bithmhais bhreise = $(Y_x - DYB_x) \times A$

I gcás inarb ionann:

Y_x = agus an táirgeacht a breathnaíodh sa bhliain x (i dtona/ha/bliain)

DYB_x = agus an bhonnlíne tháirgeachta dhinimiciúil sa bhliain x (i dtona/ha in aghaidh na bliana)

A = agus achar dromchla na dáileachta teorannaithe talún (ha)

D. Inneachar íosta an deimhnithe maidir le riosca íseal ILUC

Ní mór an fhaisnéis ar fad seo a leanas a bheith i ndeimhnithe lena ngabhann riosca íseal ILUC:

- sonraí teagmhála an phríomheintitis dheimhnithe (ainm agus seoladh na cuideachta, sonraí maidir leis an bpointe teagmhála ainmnithe);
- raon feidhme an deimhnithe (cineál an bhirte breisíochta agus na tástála breisíochta a chuirfear i bhfeidhm chomh maith leis an gcineál oibreora eacnamaíoch (más sealbhóirí beaga iad));
- comhordanáidí domhanfhaid agus domhanleithid (i gcás feirmeacha agus fáschoillte atá deimhnithe mar eintitis aonair);
- liosta de na suíomhanna faoi raon feidhme an deimhniúcháin (ainm agus seoladh);
- toirt iomlán na bithmhaise a dheimhnítear mar bithmhais lena ngabhann riosca íseal ILUC;
- sonraí teagmhála (ainm agus seoladh) agus lógó an chomhlachta deimhniúcháin;
- uimhir nó cód (uathúil) an deimhnithe;
- áit agus dáta eisiúna;
- dáta óna mbeidh an deimhniú bailí/dáta ar a mbeidh deireadh le bailíocht an deimhnithe (agus an dáta deimhnithe más infheidhme);
- stampa agus/nó síniú an pháirtí eisiúna.

LUACHANNA CAIGHDEÁNACHA NA bhFACHTÓIRÍ ASTAÍOCHTA

paraiméadar:			Comhéifeacht astaíochtaí GCT				Ionchur fuinnimh iontaise
aonad:		gCO _{2,eq} /g	gCO ₂ /kg	gCH ₄ /kg	gN ₂ O/kg	gCO _{2,eq} /kg	MJ _{fossil} /kg
<i>Poitéinseal téimh dhomhanda</i>							
	CO ₂		1				
	CH ₄		28				
	N ₂ O		265				
<i>Ionchuir thalmhaíochta:</i>							
N-leasachán (kg N)							
	Níotráit amóiniam (AN)		2 671	6,9	2,1	3 469	
	Sulfáit amóiniam (AS)		2 560	6,5	0,0	2 724	
	Sulfáit níotráite amóiniam (ANS)		2 561	8,9	1,3	3 162	
	Amóinia ainhidriúil		2 662	6,8	0,0	2 832	
	Níotráit cailciam amóiniam		2 863	7,3	2,1	3 670	
	Níotráit chailciam (CN)		2 653	7,0	5,1	4 348	
	Úiré		1 703	9,3	0,0	1 935	
	Níotráit amóiniam úiré (UAN)		2 182	7,5	1,1	2 693	
Leasachán-P ₂ O ₅ (kg P ₂ O ₅)							
	Sárfhosfáit thríarach (TSP)		517	0,9	0,0	544	
	Carraig fosfáite 21 %P ₂ O ₅ 23 %SO ₃		95	0,0	0,0	95	
	Monamóiniam fosfáite (MAP) 11 % N 52 % P ₂ O ₅		967	2,5	0,0	1 029	
	Dé-amóiniam-fosfáit (DAP) 18 % N 46 % P ₂ O ₅		1 459	3,7	0,0	1 552	

	paraiméadar:		Comhéifeacht astaíochtaí GCT				Ionchur fuinnimh iontaise
	aonad:	gCO _{2,eq} /g	gCO ₂ /kg	gCH ₄ /kg	gN ₂ O/kg	gCO _{2-eq} /kg	MJ _{fossil} /kg
Leasachán K ₂ O (kg K ₂ O)							
	Múireáit photaise (MOP) 60 % K ₂ O		409	0,17	0,0	413	
Leasacháin eile							
	NPK 15-15-15		4 261	10,0	1,7	5 013	
	MgO (kg MgO)		769	0,0	0,0	769	
	Leasachán sóidiam (Na) (kg Na)		1 620	0,0	0,0	1 620	
	Síolta – eorna		189,5	0,08	0,4001	310,6	3,23
	Síolta – gearrthóga eocalaipe		0,0	0,00	0,0000	0,0	
	Síolta – arbhar Indiach		189,5	0,08	0,4001	310,6	3,23
	Síolta – gearrthóga poibleoige		0,0	0,00	0,0000	0,0	
	Síolta – síolta ráibe		451,0	0,27	1,0024	756,5	8,33
	Síolta – seagal		191,0	0,08	0,4001	312,1	3,23
	Síolta – Pónairí soighe		0,0	0,00	0,0000	0,0	
	Síolta – biatas siúcra		2 363,0	1,37	4,2096	3 651,7	38,44
	Síolta – cána siúcra		4,97	0,00	0,0000	5,0	0,06
	Síolta – lus na gréine		451,0	0,27	1,0024	756,5	8,33
	Síolta – triteacál		180,0	0,04	0,4000	300,2	3,00
	Síolta – cruithneacht		163,7	0,04	0,4000	283,9	2,76

	paraiméadar:		Comhéifeacht astaíochtaí GCT				Ionchur fuinnimh iontaise
	aonad:	gCO _{2,eq} /g	gCO ₂ /kg	gCH ₄ /kg	gN ₂ O/kg	gCO _{2,eq} /kg	MJ _{fossil} /kg
<i>Iarmhair (bunábhar nó ionchur):</i>							
	Díleáiteán bithgháis		0,0	0,00	0,0000	0,0	0,00
	Múirín ó <i>empty fruit bunches</i> (EFB) [tropaill torthaí fholmha) (ola pailme)		0,0	0,00	0,0000	0,0	0,00
	Dríodar láibe scagacháin		0,0	0,00	0,0000	0,0	0,00

	paraiméadar:	Comhéifeacht astaíochtaí GCT				Ionchur fuinnimh iontaise		Dlús	Luach calrach íochtarach (LHV) MJ/kg
	aonad:	gCO ₂ /MJ	gCH ₄ /MJ	gN ₂ O/MJ	gCO _{2,eq} /MJ	MJ _{fossil} /kg	MJ _{fossil} /MJ	kg/m ³	(ar bhonn tirim)
<i>Breoslaí – gáis</i>									
	Gás nádúrtha (meascán AE)	66,00	0,0000	-	66,00		1,2000		49,2
	GPL	66,30	0,0000	0,0000	66,31		1,2000		46,0
	Meatán								50,0
<i>Breoslaí – leachtanna (ionchuir chlaohlúcháin freisin)</i>									
	Díosail	95,1	-	-	95,10		1,2300	832	43,1
	Gásailín	93,3	-	-	93,30		1,2000	745	43,2
	Ola bhreosla throm	94,2	-	-	94,20		1,1600	970	40,5
	Eatánól							794	26,81
	Meatánól	97,08	0,0001	0,0000	97,09		1,7639	793	19,95
	DME							670	28,4
	Eistear meitile aigéid shailligh (FAME)							890	37,2
	Ola Glasraí Hidreachóireáilte (HVO)								44,0
	Ola glasraí íon							920	37,0

	paraiméadar:	Comhéifeacht astaíochtaí GCT				Ionchur fuinnimh iontaise		Dlús	Luach calrach íochtarach (LHV) MJ/kg
	aonad:	gCO ₂ /MJ	gCH ₄ /MJ	gN ₂ O/MJ	gCO ₂ -eq/MJ	MJ _{fossil} /kg	MJ _{fossil} /MJ	kg/m ³	(ar bhonn tirim)
	Díosail sintéiseach (<i>Biomass to Liquid</i>) [bithmhais go leacht]							780	44,0
	Ola phailme							920	37,0
	Ola ráibe							920	37,0
	Ola pónaire soighe							920	37,0
	Ola lus na gréine							920	37,0

	paraiméadar:	Comhéifeacht astaíochtaí GCT				Ionchur fuinnimh iontaise		Dlús	LHV MJ/kg
	aonad:	gCO ₂ /MJ	gCH ₄ /MJ	gN ₂ O/MJ	gCO ₂ -eq/MJ	MJ _{fossil} /MJ		kg/m ³	(ar bhonn tirim)
<i>Breoslaí – solaid (ionchuir chlaohlúcháin freisin)</i>									
	Gual crua	102,62	0,3854	0,0003	112,32	1,0909			26,5
	Lignít	116,68	0,0014	0,0001	116,73	1,0149			9,2
	Slisíní adhmaid							155	19,0
	Millíní adhmaid					0,0080		650	19,0

	paraiméadar:	Dlús	LHV MJ/kg
	aonad:	kg/m ³	(ar bhonn tirim)
<i>Breoslaí/bunábhar/comhtháirgí/iarmhair/dramhaíl</i>			
	Burlaí iarmhar talmhaíochta		18,0
	Saill ainmhíoch (geir)		38,8
	Bagás		17,0
	Bagás, muileann imeachta (tirim)	120	17,0

	paraiméadar:	Dlús	LHV MJ/kg
	aonad:	kg/m ³	(ar bhonn tirim)
Breoslai/bunábhar/comhtháirgi/iarmhair/dramhaíl			
	Burlaí bagáis (tirim)	165	17,0
	Millíní bagáis (tirim)	650	17,0
	Eorna		17,0
	Bithghásailín		44,0
	Bithdhramhaíl		20,7
	Driosc tirim driogaireachta atá intuaslagtha (DDGS) (eorna)		17,8
	DDGS (arbhar Indiach)		19,2
	DDGS (seagal)		17,8
	DDGS (triteacál)		18,0
	DDGS (cruithneacht)		18,1
	Eoclaip (roschoill ghearruainíochta)		19,0
	Aigéid shailleacha		37,0
	FFB		24,0
	Iarmhair foraoiseachta		19,0
	Gliocról		16,0
	Iarmhair tionscail (adhmad)		19,0
	Aoileach		12,0
	Arbhar Indiach (gráin amháin)		17,3
	Barr iomlán arbhair Indiaigh		16,9
	Mine eithne pailme	570	18,5
	Ola eithne pailme		37,0

	paraiméadar:	Dlús	LHV MJ/kg
	aonad:	kg/m ³	(ar bhonn tirim)
Breoslai/bunábhar/comhtháirgí/iarmhair/dramhaíl			
	Poibleog (roschoill ghearruainíochta)		19,0
	Síol ráibe		27,0
	Dríodar ola ráibe		18,4
	Seagal		17,1
	Min sáibh		19,0
	Pónairí soighe		23,0
	Dríodar ola pónaire soighe		19,1
	Gasadhmaid (Péine)		19,0
	Tuí		17,2
	Burlaí tuí	125	17,2
	Tuí mhionghearrtha	50	17,2
	Millíní tuí	600	17,2
	Biatas siúcra		16,3
	Laíon biatais siúcra		16,1
	Cána siúcra		19,6
	Síoltaí lus na gréine		27,2
	Dríodar ola lus na gréine		18,2
	Triteacál		16,9
	Fíonfhuíoll		14,0
	Ola cócaireachta dramhaíola;		37,0
	Cruithneacht		17,0
	Tuí cruithneachta		17,2

paraiméadar:		Comhéifeacht astaíochtaí GCT								Ionchur fuinnimh iontaise		LHV MJ/kg
aonad:		gCO ₂ /kg	gCH ₄ /kg	(ag 0 % uisce)	gCO _{2-eq} /kg	gCO ₂ /MJ	gCH ₄ /MJ	gN ₂ O/MJ	gCO _{2-eq} /MJ	MJ _{fossil} /kg	MJ _{fossil} /MJ	(ar bhonn tirim)
Ionchuir chlaohlúcháin												
	Amóinia	2 350,6	0,00	0,0022	2 351,3					42,50		
	Sulfáit amóiniam ((NH ₄) ₂ SO ₄)	420,9	1,29	0,0002	453,2					7,56		
	Oibreán frithchúrtha (a nglactar leis gur gliocól próipiléine atá ann)	3 119,5	4,96	0,105	3 274,8					34,97		
	Alfaimileáis	1 000,0	0,00	0,0000	1 000,0					15,00		
	Glúcaimileáis	7 500,0	0,00	0,0000	7 500,0					97,00		
	Clóiríd chailciam (CaCl ₂)	38,6	0,002	0,001	38,8					0,50		
	Cioglaiheacsán	723,0	0,00	0,0000	723,0					9,90		
	Fosfáit dé-amóiniam (DAP)	653,2	0,81	0,004	674,4					10,23		
	Beintinít	197,0	0,04	0,0063	199,8					2,54		
	n-Heicseán					80,08	0,0146	0,0003	80,53		0,3204	45,1
	Aigéad hidreaclórach (HCl)	977,1	2,91	0,0376	1 061,1					14,84		
	Bealaí	947,0	0,00	0,0000	947,0					53,28		
	Sulfáit mhaighnéisiam (MgSO ₄)	191,4	0,04	- 0,002	191,8					- 3,24		
	Fosfáit mhonapotaisiam (KH ₂ PO ₄)	238,7	0,91	0,012	264,9					4,43		
	Nítrigin	52,6	0,12	0,0024	56,4					1,08		
	Aigéad fosfarach (H ₃ PO ₄)	2 808,9	11,36	0,1067	3 124,7					28,61		
	Hiodrocsaíd photaisiam (KOH)	403,0	0,40	0,0208	419,1					11,47		
	CaO íon le haghaidh próiseas	1 188,5	0,10	0,0080	1 193,2					7,87		
	Carbónáit sóidiam (Na ₂ CO ₃)	1 133,5	4,39	0,0060	1 245,1					14,92		
	Clóiríd sóidiam (NaCl)	12,7	0,02	0,001	13,3					0,23		

paraiméadar:		Comhéifeacht astaíochtaí GCT								Ionchur fuinnimh iontaise		LHV MJ/kg
aonad:		gCO ₂ /kg	gCH ₄ /kg	(ag 0 % uisce)	gCO _{2-eq} /kg	gCO ₂ /MJ	gCH ₄ /MJ	gN ₂ O/MJ	gCO _{2-eq} /MJ	MJ _{fossil} /kg	MJ _{fossil} /MJ	(ar bhonn tirim)
<i>Ionchuir chlaohlúcháin</i>												
	Hiodrocsaíd sóidiam (NaOH)	485,5	1,45	0,0271	529,7					10,16		
	Meatocsaíd sóidiam (Na ₂ CO ₃)	2 207,7	7,56	0,0965	2 425,5					45,64		
	SO ₂	52,0	0,03	0,001	53,3					0,78		
	Aigéad sulfarach (H ₂ SO ₄)	210,2	0,24	0,0046	217,5					4,02		
	Úiré	1 790,9	1,92	0,027	1 846,6					31,71		

paraiméadar:		Éifeachtacht bhreosla	Astaíochtaí gáis sceite ó iompar	
aonad:		MJ/t.km	gCH ₄ /t.km	gN ₂ O/t.km
<i>Éifeachtúlacht iompair – Trucaílí</i>				
	Trucaíl (40 tona) le haghaidh táirge tirim (Díosal)	0,81	0,003	0,0015
	Trucaíl (40 tona) le haghaidh sliseanna (agus táirge tirim de mhéid comhchosúil) (Díosal)	0,84	0,004	0,0016
	Trucaíl (40 tona) le haghaidh leachtanna agus millíní (Díosal)	0,87	0,004	0,0016
	Trucaíl (40 tona) le haghaidh aoiligh (Díosal)	0,88	0,004	0,0016
	Trucaíl (40 tona) le haghaidh bithdhramhíola (Díosal)	0,84	0,004	0,0016
	Trucaíl (40 tona) le haghaidh iompar cána siúcra	1,37	0,001	0,0039
	Trucaíl (12 thona) le haghaidh iompar FFB (Díosal)	2,24	0,002	0,0015
	Scipe bruscair MB2213 le haghaidh iompar láibe scagacháin	3,60	0,000	0,0000
	Tancaer MB2318 le haghaidh iompar fíonfhuíll	2,16	0,000	0,0000
	Tancaer MB2318 le haghaidh iompar síolta cána siúcra	2,61	0,000	0,0000
	Tancaer ar a bhfuil canónacha móra uisce le haghaidh iompar fíonfhuíll	0,94		
<i>Éifeachtúlachtaí iompair – Longa</i>				

paraiméadar:		Éifeachtacht bhreosla	Astaíochtaí gáis sceite ó iompar	
aonad:		MJ/t.km	gCH4/t.km	gN2O/t.km
	Bulc-iompróir den mhéid 'handymax' (ola bhreosla) – Grán	0,10		
	Bulc-iompróir den mhéid 'handysize' (ola bhreosla) – sliseanna adhmaid ag a bhfuil dlús toirte 221 kg/m ³	0,26		
	Bulc-iompróir den mhéid 'supramax' (ola bhreosla) – sliseanna adhmaid ag a bhfuil dlús toirte 221 kg/m ³	0,16		
	Bulc-iompróir den mhéid 'handysize' (ola bhreosla) – millíní ag a bhfuil dlús toirte 650 kg/m ³	0,10		
	Bulc-iompróir den mhéid 'supramax' (ola bhreosla) – millíní ag a bhfuil dlús toirte 650 kg/m ³	0,07		
	Bulc-iompróir den mhéid 'handysize' (ola bhreosla) – iarmhair thalmhaíochta ag a bhfuil dlús toirte íseal (125 kg/m ³)	0,43		
	Bulc-iompróir den mhéid 'supramax' (ola bhreosla) – iarmhair thalmhaíochta ag a bhfuil dlús toirte íseal (125 kg/m ³)	0,27		
	Bulc-iompróir den mhéid 'handysize' (ola bhreosla) – iarmhair thalmhaíochta ag a bhfuil dlús toirte ard (300 kg/m ³)	0,20		
	Bulc-iompróir den mhéid 'supramax' (ola bhreosla) – iarmhair thalmhaíochta ag a bhfuil dlús toirte ard (300 kg/m ³)	0,13		
	Bulc-iompróir den mhéid 'handysize' (ola bhreosla) – PKM	0,13		
	Bulc-iompróir den mhéid 'supramax' (ola bhreosla) – PKM	0,07		
	Tancaer ceimiceán/táirgí, 12.617 kt (ola bhreosla)	0,12		
	Tancaer ceimiceán/táirgí, 15 kt (ola bhreosla) chun eatánól a iompar	0,17		
	Tancaer ceimiceán/táirgí, 15 kt (ola bhreosla) le haghaidh iompar FAME agus HVO	0,16		
	Tancaer ceimiceán/táirgí, 22.56 kt (ola bhreosla)	0,10		
	Bulc-iompróir intíre, 8.8 kt (díosal)	0,32	0,093	0,0004
	Long intíre le haghaidh iompar ola, 1.2 kt (díosal)	0,50	0,030	
Éifeachtúlachtaí iompair – Píblíne agus iarnród				
	Píblíne áitiúil (10 km)	0,00	0,000	0,0000
	Traein lastais USA (díosal)	0,25	0,005	0,0010
	Iarnród (leictreach, MV)	0,21		

Déine charbóin an leictreachais a tháirgtear agus a thomhlaítear in AE in 2019 [gCO₂eq/kWh]

Le hastaíochtaí réamhtheachtacha, gan astaíochtaí ón bhfoirgníocht

	Déine charbóin glantáirgeachta leictreachais	Déine charbóin leictreachais ardvoltais arna úsáid	Déine charbóin leictreachais meánvoltais arna úsáid	Déine charbóin leictreachais ísealvoltais arna úsáid
an Ostair	153	238	240	245
an Bheilg	204	214	215	219
an Bhulgáir	493	504	510	532
an Chipir	757	768	772	787
an tSeicia	518	526	531	549
an Ghearmáin	389	386	388	398
an Danmhairg	100	135	136	139
an Eastóin	654	468	471	485
an Ghréig	577	585	590	610
an Spáinn	245	248	251	263
an Fhionlainn	105	127	128	130
an Fhrainc	74	81	82	86
an Chróit	208	329	333	349
an Ungáir	277	307	310	322
Éire	349	357	360	374
an Iodáil	352	331	333	343
an Laitvia	203	312	315	325
an Liotuáin	79	291	294	305
Lucsamburg	93	311	312	316
Málta	455	437	441	454
an Ísiltír	430	415	417	426
an Pholainn	742	715	720	741
an Phortaingéil	268	282	285	299

an Rómáin	388	421	427	454
an tSlóvaic	168	316	319	329
an tSlóivéin	269	281	283	291
an tSualainn	20	25	25	26
EU27	288	295	298	308
an Íoslainn	7	7	7	7
an Iorua	12	20	20	21
an Eilvéis	32	107	108	112
an Ríocht Aontaithe	271	277	280	292
an Albáin	0	302	308	332
an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	799	766	776	818
an Chosaiv	1 099	1 067	1 097	1 224
an Mholdóiv	246	446	453	476
Montainéagró	472	588	599	646
an Mhacadóin Thuaidh	794	760	774	831
an tSeirbia	807	819	833	892
an Tuirc	487	508	516	546
an Bhealarúis	449	458	462	479
an Rúis	459	474	479	496
an Úcráin	407	419	423	439

	paraiméadar:	comhéifeacht astaíochtaí GCT		
	aonad:	gCH ₄ /MJ	gN ₂ O/MJ	gCO ₂ -eq/MJ
Astaíochtaí ó oibriúcháin innealra lena n-áirítear sliseanna (in aghaidh an MJ de dhíosail)				
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó úsáid díosail (iompar)	0,0008	0,0032	0,97
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó úsáid díosail (foraoiseacht)	0,0008	0,0032	0,97
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó úsáid díosail (talmhaíocht)	0,0013	0,0032	0,97

	paraiméadar:	comhéifeacht astaíochtaí GCT		
	aonad:	gCH ₄ /MJ	gN ₂ O/MJ	gCO ₂ -eq/MJ
<i>Astaíochtaí ó choire nó ó chomhghiniúint cumhachta agus teasa (CHP)(in aghaidh an MJ de bhunábhar)</i>				
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó iarmhair thalmhaíochta, coire	0,0017	0,0007	0,24
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó iarmhair thalmhaíochta, CHP	0,0017	0,0007	0,24
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó bhagáis, coire	0,0025	0,0012	0,43
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó bhagás, CHP	0,0025	0,0012	0,43
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó inneall gáis CHP bithgháis	0,3400	0,0014	8,92
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó bhithghás, coire	0,0025	0,0010	0,36
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó antraicít, CHP	0,0018	0,0050	1,53
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó lignít, CHP	0,0007	0,0028	0,86
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó ghás nádúrtha, coire	0,0025	0,0010	0,36
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó ghás nádúrtha, CHP	0,0042	0,0008	0,36
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó ghás nádúrtha, inneall gáis	0,0030	0,0001	0,10
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó chrotail agus snáithíní pailme, coire	0,0030	0,0040	1,27
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó chrotail agus snáithíní pailme, CHP	0,0030	0,0040	1,27
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó PKM, coire	0,0017	0,0007	0,24
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó PKM, CHP	0,0017	0,0007	0,24
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó mhin sáibh, coire	0,0049	0,0010	0,41
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó millíní tuí, coire	0,0017	0,0007	0,24
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó mhillíní tuí, CHP	0,0017	0,0007	0,24
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó shliseanna adhmaid, coire	0,0049	0,0010	0,41
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó shliseanna adhmaid, CHP	0,0049	0,0010	0,41
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó millíní adhmaid, coire	0,0030	0,0006	0,25
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó mhillíní adhmaid, CHP	0,0030	0,0006	0,25

	paraiméadar:	comhéifeacht astaíochtaí GCT		
	aonad:	gCH ₄ /MJ	gN ₂ O/MJ	gCO ₂ -eq/MJ
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó bhreosla leachtach, coire	0,0009	0,0004	0,14
	Astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó chomhdhóhán millíní adhmaid (gléasra cumhachta gualbhreoslaithe scaire sreabhaí)	0,0010	0,0610	18,20
	Astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó chomhdhóhán millíní adhmaid (gléasra cumhachta gualbhreoslaithe dócháin atá breoslaithe ag gual mionaithe)	0,0009	0,0014	0,44
<i>Astaíochtaí ó stóráil díleáiteáin (in aghaidh an MJ de bhithghás)</i>				
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó stóráil díleáiteáin bithdhramhaíola oscailte	0,4930	0,0319	21,82
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó stóráil díleáiteáin arbhair Indiaigh oscailte	0,4422	0,0082	13,51
	astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O ó stóráil díleáiteáin aoiligh oscailte	1,9917	0,0663	69,56

		Comhéifeacht astaíochtaí GCT							
		gCO2/kg	gCH4/kg	gN2O/kg	gCO2-eq/kg	gCO2/MJ	gCH4/MJ	gN2O/MJ	gCO2-eq/MJ
Creidmheasanna meataín aoiligh (in aghaidh an MJ de bhithghás)									
	Creidiúintí astaíochtaí CH ₄ agus N ₂ O le haghaidh aoiligh						1,4700	0,0279	45,05
	Gan astaíochtaí	0,0	0,00	0,0000	0,0	0,00	0,0000	0,0000	0,00